



Comhairle Contae Thiobraid Árann
Tipperary County Council

2015

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL



CLÁR ÁBHAIR

1

BROLLACH



Fáilte an Chathaoirligh	6
Fáilte an Phríomhfheidhmeannaigh	8
Cúlra Thiobraid Árann - Ráiteas Físe	10
Comhaltaí Chomhairle Contae Thiobraid Árann	12
An Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí	17

3

CÁILÍOCHT BHEATHA



Tithíocht	62
Cuimsiú Sóisialta & Forbairt Pobail	70
Seirbhísí Leabharlainne	80
Na hEalaíona	82
Oifig Oidhreachta Thiobraid Árann	86
Músaem Thiobraid Árann	90
Comhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann	92

5

CEANTAIR BHARDASACHA



Ceantar Bardasach Charraig na Siúire	122
Ceantar Bardasach Chaisil - Thiobraid Árann	128
Ceantar Buirge Chluain Meala	140
Ceantar Bardasach an Aonaigh	146
Ceantar Bardasach an Teampaill Mhóir - Dhurlas	154

7

CÚRSAÍ AIRGEADAIS



Airgeadas	182
Mótarchánachas	188
An Rannóg Díolúine	190

2

GEILLEAGAR LÁIDIR



Forbairt Eacnamaíochta & Fiontraíocht	20
Bóithre, Iompar, Sláinte & Sábháilteacht	28
Pleanáil & Forbairt	46
Turasóireacht	54

4

CÁILÍOCHT CHOMHSHAOL



Comhshaol	100
An tSeirbhís Dóiteáin & Tarrthála	110
Seirbhísí Uisce	112
Cosaint Shibhialta	118

6

CÚRSAÍ EAGRAÍOCHTA



Seirbhísí Corparáideacha	160
Acmhainní Daonna	168
Teicneolaíocht na Faisnéise	172
Láithreán Gréasáin	176
Cúrsaí Spóirt agus Sóisialta	178

8

AGUISÍNÍ



Sceideal de Cheapacháin Coiste 2014-2019	194
Coistí Beartais Straitéisigh	200
Struchtúr Eagraíochta	202
Struchtúr Foirne	204
Táscairí Feidhmíochta	208
Comhdhálacha agus Seimeanáir	216
Oiliúint	217
An tIonad Oiliúna Réigiúnach Ros Cré	218

1

BROLLACH

- FÁILTE AN CHATHAOIRLIGH
- FÁILTE AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH
- CÚLRA THIOBRAID ÁRANN - RÁITEAS FÍSE
- COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CONTAE THIOBRAID ÁRANN
- AN FHOIREANN BAINISTÍOCHTA SINSEARAÍ



RÉAMHFHOCAL CATHAOIRLEACH

Sa Tuarascáil Bhliantúil seo tugtar deis dúinn machnamh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus éachtaí Chomhairle Contae Thiobraid Árann i rith na bliana 2015. Is onóir agam a bheith i mbun phost an Chathaoirligh, agus mé tofa ar an 22 Meitheamh, 2015, mar an 2ú Cathaoirleach, chun ionadaíocht a dhéanamh ar Thiobraid Árann mar a chéad shaoránach.



I rith mo thréimhse bhí sé de phléisiúr agam freastal ar roinnt imeachtaí tábhachtacha don Chontae. I mí Iúil 2015 bhí mé i láthair ag an Lá Náisiúnta Cuimhneacháin san Ospidéal Ríoga, Cill Mhaighneann. I mí Lúnasa, bhí sé de phribhléid agam clár 2016 Chomhaltas a sheoladh in éineacht leis an Aire Heather Humphreys in Brú Ború sa Chaiseal, agus i mí Mheán Fómhair chuir mé fáilte roimh dhream daltaí as an Spáinn ar chlár um malartú oideachasúil sna hOifigí Cathrach, an tAonach. I nDeireadh Fómhair, d'fhreastail mé ar sheoladh Phlean an Chontae le haghaidh Éire 1916 in Áras Nua-Ealaíne na hÉireann agus freisin d'fhreastail mé ar shearmanas speisialta i nGaillimh le haghaidh Dhámhachtainí Bliantúla Sábháilteachta an NISO, a d'eagair Eagraíocht Náisiúnta Shábháilteacht na hÉireann, agus áit ar ghnóthaigh Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thiobraid Árann, arís eile, an dámhachtain Seirbhíse Poiblí.

I mí na Samhna, bhí sé d'ádh orm freastal ar Thóstal an Ard-Mhéara i Londain agus mé in éineacht le hArd-Mhéaraí agus Cathaoirligh as gach cearn d'oileán na hÉireann chun páirt a ghlacadh san 800ú bliain den seantóstal seo den chéad uair, agus muid éascaithe ag Turasóireacht Éireann. I mí na Nollag, d'fhreastail mé ar na Dámhachtainí Réigiúnacha Fiontair san Aonach agus freisin bhí mé i láthair ag an 10ú Bliain de Dámhachtainí Spóirt Bliantúla an Chanónaigh Hayes i mBaile Mhic Oistín áit a raibh sé de phléisiúr agam bualadh leis na Laochra Oilimpeacha, Ronnie Delaney agus Michael Carruth.

Níl aon amhras ach go mbaineann ár gcontae leas as sáriarracht agus tiomantas na saorálaithe ar fud ár gcontae.



I MEASC BUAICPHOINTÍ PEARSANTA EILE LE LINN NA BLIANA BHÍ:

- Oscailt Ionad Tarrthála Sléibhe an Oirdheiscirt ar Bhóthar Heywood, Cluain Meala;
- Seoladh Phleananna Cuimhneacháin 1916 Áitiúla agus Náisiúnta;
- Freastal ar an raidhse féilte agus imeachtaí ardchaighdeáin a dtugann an Chomhairle tacaíocht dóibh, is iad sin ná, Féile Ealaíon Thír Dhá Ghlas, Féile Ealaíon Chaisil, Féile Junction, gan ach cúpla acu a lua.

I rith 2015, lean Tiobraid Árann ar aghaidh ag forbairt a bhanda láidir náisiúnta agus idirnáisiúnta, nuair a seoladh an chéad láithreán gréasáin Turasóireachta don Chontae go léir, ar a ndéantar próifiliú ar an raon leathan d'eispéiris dílse a bhíonn ar fáil ar fud an Chontae. Le comhchuihbhiú Rátaí Tráchtála i mí na Samhna 2015 bhí dúshlán nua roimh an gComhairle agus é aontaithe na rátaí na Comhairle Contae agus na hIar-Údaráis Bhaile a thabhairt le chéile thar thréimhse ceithre bliana. Agus muid ag smaoineamh faoin todhchaí táim cinnte go leanfaidh Tiobraid Árann ar aghaidh ag forbairt agus ag fás thar na bliana amach romhainn.

Is mian liom aitheantas a thabhairt dóibh siúd go léir san earnáil Phobail agus Dheonach agus don luach breise a chuireann an earnáil sin le cáilíocht bheatha daoine aonair, pobal ar fud na tíre. Níl aon amhras ach go mbaineann ár gcontae leas as sáriarracht agus tiomantas na saorálaithe ar fud ár gcontae. Is mian liom freisin aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí na bpobal a bhí freagrach as baint amach teideal éagsúil i ndáil le Bailte Slachtmhara ar fud an chontae agus na daoine sin ag obair go dian dícheallach ina gcuid ceantar féin.

Ba mhaith buíochas a ghabháil as mo chuid Comh-Chomhairleoirí as a dtacaíocht fhíorluachmhar le linn mo thréimhse mar Chathaoirleach Thiobraid Árann, agus freisin le mo Leaschathaoirleach an Cmhlr John Fahy. Is mian liom buíochas a ghabháil leis an Uas. Joe MacGrath, Príomfheidhmeannach, as an treoir agus tacaíocht luachmhar a thug sé dom. Sa deireadh míle buíochas lenar gcuid ball foirne Comhairle go léir as a gcuid oibre crua agus iad ag déanamh ionadaíochta ar mhuintir Thiobraid Árann agus ag soláthar raon leathan seirbhísí. Maidir leis na daoine go léir a chuireann le saol eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha agus spóirt ár gContae, a chothaíonn pobail agus a dhéanann áit iontach as Tiobraid Árann dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu agus a mbíonn ag obair ann, aithním luach bhur n-iarrachta.

"Ní neart go cur le chéile"

An Cmhlr Seamus Hanafin
Cathaoirleach

RÉAMFHOCAL

PRÍOMHFHEIDHMEAN- NACH

Tá an-áthas orm, in éineacht leis an gCathaoirleach, ár dara Tuarascáil Bhliantúil de chuid Chomhairle Contae Thiobraid Árann a chur i láthair ina dtugtar sonraí faoi obair na comhairle maidir le seirbhísí pobail agus tionscadail bhonneagair a chur ar fáil i rith na bliana.

Cloch mhíle thábhachtach eile ab ea 2015 i saol na Comhairle nua toisc gur ghlac sí lena céad Phlean Corparáideach, Creat Straitéiseach 5 bliana um ghníomh sna réimsí forbairt eacnamaíochta, cuimsiú sóisialta agus inbhuanaitheacht chomhshaoil i gContae Thiobraid Árann.

Treisióinn an ráiteas físe ar ghlac na comhaltaí leis *“Mianta againn dár gcuid pobal, caighdeáin arda againn dúinn féin agus ag obair ar son an chuspóra choitianta chun go mbeadh rath ar an gcontae”* – an t-éiteas oibre arb é Comhairle Contae Thiobraid Árann, do bhaill foirne agus chomhaltaí araon, agus bhí an Chomhairle seo an-ghníomhach ach go háirithe i 2015 ó thaobh bearta a chun cinn chun tacú le fás eacnamaíochta inbhuanaithe sa chontae, chun timpeallacht dhearfach a chothú um chruthú post agus chun bailte agus sráidbhailte a fheabhsú. Díol suntais é an dúshlán a bhaineann leis an leibhéal seirbhís a choimeád agus a fheabhsú, ar fud an Chontae agus réidhe na gcomhaltaí tofa agus na bhfostaithe fáilte a chur roimh an dúshlán sin.

Tá an Chomhairle seo leagtha ar bhealaí nua a lorg le níos mó a dhéanamh agus níos acmhainní againn trí mheán níos mó táirgiúlachta, seirbhísí roinnte, tionscnaimh sholáthair, comhpháirtíocht le gníomhaireachtaí eile agus úsáid níos fearr a bhaint as acmhainní. Le comhar ball foirne agus Comhaltaí Tofa, leanann an Chomhairle ar aghaidh ag soláthar raon leathan seirbhísí ar leibhéal ard agus is ar bhonn shocrú críonna buiséad a ndéanann sí amhlaidh.

Treisióinn an Ráiteas físe - Mianta againn dár gcuid pobal, caighdeáin arda againn dúinn féin agus ag obair ar son an chuspóra choitianta chun go mbeadh rath ar an gcontae”- an t-éiteas oibre arb é Comhairle Contae Thiobraid Árann, do bhaill foirne agus chomhaltaí araon

BHÍ GO LEOR BUAICPHOINTÍ AGAINN I RITH NA BLIANA A RAIBH INA MEASC:

- Bhain Comhairle Contae Thiobraid Árann amach an dámhachtain um “Chomhairle na Bliana” i ndámhachtainí 2015 LAMA;
- Bronnadh “Dámhachtain Earnála Poiblí” ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann i nDámhachtainí Fuinnimh Inbhuanaithe 2015;
- Bhain Comhairle Contae Thiobraid Árann amach “Dea-chleachtas ESPA 2015” don tionscadal Cumaisc chun aon chomhairle amháin, Comhairle Contae Thiobraid Árann, a dhéanamh as Tiobraid Árann Thuaidh agus Theas.
- Osclaíodh Ionad Questum agus rinneadh margaíocht ar Ionad Eolaíochta agus Teicneolaíochta Thiobraid Árann i mBaile an Gharráin, Cluain Meala.
- Ceannaíodh Dún Chiceam agus críochnaíodh an próiseas pleanála do Phlás Cathrach nua i gCluain Meala;
- Rinneadh athchóiriú ar an Tholsel, Fíodh Ard a bheidh mar thionscadal suaitheanta don chuid de thuras an tSeanoirthir a dhíríonn ar Chaiseal, Fíodh Ard, Cluain Meala agus Cill Chainnigh agus ina n-insítear scéal uathúil faoina gcuid ballaí meánaoiseacha, foirgnimh eaglasta (Eaglais Mhainistir na nAgaistíneach agus Eaglais na Tríonóid) agus a stair eachaíochta;
- Críochnaíodh dhá pháirc bhaile nua san Aonach agus i nDurlas;
- Ceannaíodh Páirc Ghnó agus Nuálaíochta Ros Cré;
- Fuarthas maoiniú faoin tionscnamh Redz le haghaidh Fhíodh Aird, Thiobraid Árann, an tAonach agus Cluain Meala;
- Tosaíodh agus/nó críochnaíodh tionscadail turasóireachta ar Bhealach Gorm Abhainn na Siúire, Loch Deirgeirt agus Slí an Bhuitléaraigh;
- 1ú Cruinniú de Chuideachta Turasóireachta Thiobraid Árann Teoranta agus seoladh an chéad láithreán gréasáin turasóireachta don chontae go léir;
- Seoladh “Ceiliúradh 1916 Thiobraid Árann” chun cothrom 100 bliain ó Éirí Amach 1916 a chomóradh;
- Lean Seirbhísí Uisce ar aghaidh ag dul i méid agus chun feabhais i rith na bliana. Bhí mórscéimeanna nua soláthair uisce á dtógáil i bhFíodh Ard agus sa Chúirt Dóite agus athraíodh faid mhóra den phíblíne i mBaile Fhíodh Aird agus i gceantair tuaithe. Cuireadh pleanáil ar aghaidh le haghaidh scéimeanna nua i gCluain Meala agus i nDurlas, i measc áiteanna eile. Bhí mionoibreacha caipitil ar luach €6 mhilliún ar siúl ar fud an chontae. Lean an chomhairle ar aghaidh ag obair le hUisce Éireann maidir le gach gné de sheirbhísí uisce, a raibh ina measc aistriú chuig samhail fónais náisiúnta.

Is mian liom aitheantas a thabhairt don chomhairle agus treoir luachmhar a thug an Grúpa Beartais Chorpáidigh sa Chomhairle agus is mian liom buíochas a ghabháil leis na Coistí nua Beartais Straitéisigh as cabhrú le beartais a cheapadh.

Is mian liom freisin aitheantas a thabhairt do na cúig cinn nua de Cheantair Bhardasacha a ghlac lena gcuid buiséad féin i dtaobh na gclár um oibreacha bóthair agus oibreacha eile a bhí á ndéanamh ina gcuid ceantar geografach faoi seach agus ar bealach luachmhar iad don rialtas áitiúil le freastal ar riachtanais saoránach ina gcuid ceantar féin.

Ba mhaith liom ach go háirithe buíochas a ghabháil as díograise agus obair chrua an Chathaoirligh, an Cmhr Seamus Hanafin, Cathaoirligh na gCeantar Bardasach, na Comhairleoirí Ger Darcy, Pat English, Mary Hanna Hourigan, John Crosse and Eddie O’Meara agus leis na comhaltaí tofa go léir, agus le baill foirne Chomhairle Thiobraid Árann agus leis na grúpaí deonacha/pobail, na hearnálacha, na coistí agus na daoine aonair a a oibríonn linn chun forbairt agus leas shaoránaigh chontae Thiobraid Árann a chur chun cinn.

Tá an Chomhairle tiomanta chun tacú le daonlathas áitiúil agus le feabhas a chur air; le bonneagar fisiceach agus soisialta Thiobraid Árann a mhéadú; le feabhas a chur ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht ó thaobh seirbhísí a chur ar fáil agus Thiobraid Árann a fhorbairt mar áit um chónaí, fhoghlaim, cuairt agus gnó.

Joe MacGrath
Príomhfheidhmeannach

As na 32 chontae is é Tiobraid Árann

An 11ú
contae is mó
ó thaobh
daonra

159,553
(daonáireamh
Aibreán 2016)



M7

Tá an réigiún ina chuid de mhachaire láir na hÉireann agus tá sé trasnaithe ag príomhbhealaí artaireacha mar an M7, M8, N24 chomh maith le línte iarnróid ó Bhaile Átha Cliath go Corcaigh agus Luimneach agus Loch Garman go Luimneach.

M8

6ú

is mó ó thaobh
achair


4,282km²
(daonáireamh
Aibreán 2016)

N24

Tá mian an-soiléir ag Comhairle Contae Thiobraid Árann agus is é sin ná ní hamháin cáilíocht a cuid seirbhísí a choimeád ach iad a fheabhsú chomh maith. Beidh muid uaimhianach dár gcontae agus tacóidh muid le timpeallacht a cheadóidh níos mó infheistíochta agus níos mó post dea-chaighdeáin do dhaoine áitiúla.

RÁITEAS FÍSE

Tiobraid Árann Le Chéile - Mianta againn dár gcuid pobal, éilimh againn orainn féin agus ag obair ar son na cuspóra coitianta chun go mbeadh rath ar an gcontae.



COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CONTAE THIOBRAID ÁRANN

CEANTAR BARDASACH CHARRAIG NA SIÚIRE

KIERAN BOURKE

NEAMHPHÁIRTÍ

Baile Risteird
Bóthar na Creige
Carraig na Siúire
Co Thiobraid
Árann



086 8049772
kieran.bourke@tipperarycoco.ie

DAVID DUNNE

SINN FÉIN

42 Plásóg na
Creige
Carraig na Siúire
Co Thiobraid
Árann



086 3476317
david.dunne@tipperarycoco.ie

JOHN FAHEY

FINE GAEL

Baile an Ghraeigh
Cill Náille
Co Thiobraid
Árann



086 3573524
john.fahey@tipperarycoco.ie

IMELDA GOLDSBORO

FIANNA FÁIL

An Chlais Dubh
Glaise an Ghuail
Durlas
Thiobraid Árann



087 2444819
imelda.goldsboro@tipperarycoco.ie

LOUISE McLOUGHLIN

FINE GAEL

An Garrán
Baile an Iúir
Durlas
Co Thiobraid
Árann



087 7829711
louise.mcloughlin@tipperarycoco.ie

EDDIE O MEARA

NEAMHPHÁIRTÍ

Baile Uí Dhónaill
Muileann na
hUamhan
Durlas
Co.Thiobraid
Árann



087 9243823
eddie.omeara@tipperarycoco.ie

CEANTAR BARDASACH
CHARRAIG NA SIÚIRE

CEANTAR BARDASACH CHAISIL - THIOBRAID ÁRANN

MARTIN BROWNE

SINN FÉIN

122 Corrán Ghort
an Spá
Caiseal
Co Thiobraid
Árann
087 4197578



087 4197578
martin.browne@tipperarycoco.ie

JOHN CROSSE

FINE GAEL

Crois
DhúnEochaille
Dún Eochaille
Co Thiobraid
Árann



087 9165851
john.crosse@tipperarycoco.ie

MICHAEL FITZGERALD

FINE GAEL

Teach Ráth
Cloichín, an
Gabhailín
Co Thiobraid
Árann



087 2292126
michael.fitzgerald@tipperarycoco.ie

MARY H. HOURIGAN

FINE GAEL

Teach Parkview
Bóthar Thiobraid
Árann
An Cheapach
Co Thiobraid
Árann



085 8150689
Mary.hanna@tipperarycoco.ie

ROGER KENNEDY

FIANNA FÁIL

Camas
Caiseal
Co Thiobraid
Árann



086 8161058
roger.kennedy@tipperarycoco.ie

DENIS LEAHY

NEAMHPHÁIRTÍ

4 Sráid an
Dáibhísigh
Baile Thiobraid
Árann
Co Thiobraid
Árann



087 6796704
denis.leahy@tipperarycoco.ie

TOM WOOD

NEAMHPHÁIRTÍ

27 An
Phríomhshráid
Caiseal
Co. Thiobraid
Árann



087 9746545
tom.wood@tipperarycoco.ie

CEANTAR BARDASACH
CHAISIL -
THIOBRAID ÁRANN

CEANTAR BUIRGE CHLUAIN MEALA

SIOBHAN AMBROSE
FIANNA FÁIL

🏠 Dún Mhuire
Melview
Cluain Meala
Co. Thiobraid
Árann



📞 086 3850242
siobhan.ambrose@tipperarycoco.ie

MICHAEL ANGLIM
FIANNA FÁIL

🏠 Baile an Locháin
Ard Fhionáin
Cluain Meala
Co. Thiobraid
Árann



📞 086 251277
michael.anglim@tipperarycoco.ie

CATHERINE CAREY
SINN FÉIN

🏠 Bóthar an
tSléibhe
Cluain Meala
Co. Thiobraid
Árann



📞 085 1012059
catherine.carey@tipperarycoco.ie

PAT ENGLISH
WUA

🏠 Radharc na
hEaglaise
Ráth Rónáin
Cluain Meala
Co. Thiobraid
Árann



📞 087 6784746
pat.english@tipperarycoco.ie

MARTIN LONERGAN
NEAMHPHÁIRTÍ

🏠 An Currach
Droichead na
nGabhar
Ard Fhionáin, Co.
Thiobraid Árann



📞 087 6497083
martin.lonergan@tipperarycoco.ie

RICHIE MOLLOY
NEAMHPHÁIRTÍ

🏠 6 Céide Heywood
Ardgaoithe
Cluain Meala
Co. Thiobraid
Árann



📞 086 1967482
richie.molloy@tipperarycoco.ie

ANDY MOLONEY
NEAMHPHÁIRTÍ

🏠 Cnoc an Chleite
Poll na Muice
Cluain Meala
Co. Thiobraid
Árann



📞 086 3609110
andy.moloney@tipperarycoco.ie

MARIE MURPHY
FINE GAEL

🏠 Coill Bhaile Uí
Bhuí
An Cloichín
Co. Thiobraid
Árann



📞 086 8261387
marie.murphy@tipperarycoco.ie

MICHAEL MURPHY
FINE GAEL

🏠 Orpen, 30 The
Paddocks
Bóthar Fhiodh
Ard
Cluain Meala Co.
Thiobraid Árann.



📞 087 3226699
michael.murphy@tipperarycoco.ie

CEANTAR BUIRGE
CHLUAIN MEALA

CEANTAR BARDASACH AN AONAIGH

FIONA BONFIELD
PÁIRTÍ AN LUCHT OIBRE

🏠 87 Radharc
Mulcair
An Port Nua
Co. Thiobraid
Árann



📞 086 1670863
fiona.bonfield@tipperarycoco.ie

AN DR PHYL BUGLER
FINE GAEL

🏠 Inse
Dhraithneach
Béal an Átha
Co. Thiobraid
Árann



📞 087 2807655
phyll.bugler@tipperarycoco.ie

JOHN CARROLL
FIANNA FÁIL

🏠 Teach Chill
Cholmáin
An tAonach
Co. Thiobraid
Árann



📞 086 8041893
john.carroll@tipperarycoco.ie

GERARD DARCY
FINE GAEL

🏠 Claise an tSiáin
Ard Cróine
An tAonach
Co. Thiobraid
Árann



📞 086 2752838
gerard.darcy@tipperarycoco.ie

JOE HANNIGAN
NEAMHPHÁIRTÍ

🏠 Cill Bharráin
An Chúil Bhán
An tAonach
Co. Thiobraid
Árann



📞 087 2566157
joe.hannigan@tipperarycoco.ie

HUGHIE MCGRATH
NEAMHPHÁIRTÍ

🏠 19 Céide
Brooklands
An tAonach
Co. Thiobraid
Árann



📞 087 2559323
hughie.mcgrath@tipperarycoco.ie

SEAMUS MORRIS
SINN FÉIN

🏠 Ráth na Lín
An tAonach
Co. Thiobraid
Árann



📞 087 2859125
seamus.morris@tipperarycoco.ie

MICHAEL O MEARA
NEAMHPHÁIRTÍ

🏠 Lios Earnáin
Rathcabbin
Ros Cré
Co. Thiobraid
Árann



📞 086 8379300
michael.omeara@tipperarycoco.ie

MATTIE RYAN (AN CHÚIL)
FIANNA FÁIL

🏠 Coolecarra
Cill Chomáin
Durlas
Co. Thiobraid
Árann



📞 086 8038652
mattie.ryan@tipperarycoco.ie

CEANTAR BARDASACH
AN AONAIGH

CEANTAR BARDASACH AN TEAMPAIL MHÓIR - DHURLAS

JOE BOURKE
FINE GAEL

🏠 Cluain Mór
An Teampall Mór
Co Thiobraid
Árann



📞 086 8386376
joe.bourke@tipperarycoco.ie

JACKIE CAHILL
FIANNA FÁIL

🏠 Cill Fhionáin
Durlas
Co Thiobraid
Árann



📞 087 2820663
jackie.cahill@tipperarycoco.ie

DAVID DORAN
SINN FÉIN

🏠 An Garrán Rua
Durlas
Co Thiobraid
Árann



📞 086 8901599
david.doran@tipperarycoco.ie

SEAMUS HANAFIN
FIANNA FÁIL

🏠 Cluain Gabhra
Durlas
Co Thiobraid
Árann



📞 087 2614000
seamus.hanafin@tipperarycoco.ie

JOHN HOGAN
FIANNA FÁIL

🏠 An Mhaighean
Durlas
Co Thiobraid
Árann



📞 086 2314067
john.hogan@tipperarycoco.ie

WILLIE KENNEDY
NEAMHPHÁIRTÍ

🏠 Glas Deargáin
Buiríos Ó
Luigheach
Durlas
Co Thiobraid
Árann



📞 087 0517487
willie.kennedy@tipperarycoco.ie

MICHEL LOWRY
NEAMHPHÁIRTÍ

🏠 Raheen
An Ráithín
Co Thiobraid
Árann



📞 087 2897585
michael.lowry@tipperarycoco.ie

JIM RYAN
NEAMHPHÁIRTÍ

🏠 Bóthar an
Mhuilinn
Durlas
Co Thiobraid
Árann



📞 086 2397376
jim.ryan@tipperarycoco.ie

MICHAEL SMITH
FIANNA FÁIL

🏠 An Bheitheach
Ghlas
Ros Cré
Co Thiobraid
Árann



📞 086 8525634
michael.smith@tipperarycoco.ie

CEANTAR
BARDASACH
AN TEAMPAIL MHÓIR -
DHURLAS

AN FHOIREANN
BAINISTÍOCHTA
SINSEARAÍ**AN TUAS. JOE MACGRATH**
PRÍOMHFHEIDHMEANNACH**MS. SINEAD CARR**
STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ

**Feidhmeanna
Stiúrthóireachta**
Forbairt Pobail &
Eacnamaíochta

**Ceantar
Bardasach Tarmligthe**
Cluain Meala

Stiúrthóireacht
Cluain Meala

**AN TUAS. KARL CASHEN**
STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ

**Feidhmeanna
Stiúrthóireachta**
Pleanáil, Seirbhísí
Dóiteáin & Éigeandála
& Leabharlanna

Stiúrthóireacht
An tAonach

**MS. CLARE CURLEY**
STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ

**Feidhmeanna
Stiúrthóireachta**
Tithíocht

**Ceantar
Bardasach Tarmligthe**
Caiseal/Tiobraid
Árann

Stiúrthóireacht
Cluain Meala

**AN TUAS. SEAN KEATING**
STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ

**Feidhmeanna
Stiúrthóireachta**
Seirbhísí Uisce agus
Bainistíocht Athraithe

Stiúrthóireacht
Cluain Meala

**AN TUAS. LIAM MCCARTHY**
STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ

**Feidhmeanna
Stiúrthóireachta**
Airgeadas &
Córais Fhaisnéise

Stiúrthóireacht
An tAonach

**AN TUAS. MARCUS O'CONNOR**
STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ

**Feidhmeanna
Stiúrthóireachta**
Bóithre, Sláinte &
Sábháilteacht

**Ceantar
Bardasach Tarmligthe**
An tAonach

Stiúrthóireacht
An tAonach

**AN TUAS. MATT SHORTT**
STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ

**Feidhmeanna
Stiúrthóireachta**
Comhshaol & An Creat
Náisiúnta Uisce

**Ceantar Bardasach
Tarmligthe**
An Teampall Mór/Durlas

Stiúrthóireacht
Cluain Meala

**MR. PAT SLATTERY**
STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ

**Feidhmeanna
Stiúrthóireachta**
Acmhainní Corparáide-
acha & Daonna

**Ceantar Bardasach
Tarmligthe**
Carraig na Siúire

Stiúrthóireacht
Cluain Meala

**AN TUAS. GER WALSH**
OIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN
SINSEARACH

**Feidhmeanna
Stiúrthóireachta**
Seirbhísí
Corparáideacha

**MS. ROSEMARY JOYCE**
OIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN
SINSEARACH & RÚNAÍ NA FOIRNE
BAINISTÍOCHTA

**Feidhmeanna
Stiúrthóireachta**
Ceantar Bardasach an
Aonaigh



2

GEILLEAGAR LÁIDIR

- FORBAIRT GEILLEAGAIR & FIONTRAÍOCHT
- BÓITHRE, IOMPAR, SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHT
- PLEANÁIL & FORBAIRT
- TURASÓIREACHT

Tá ról lárnach ag Comhairle Contae Thiobraid maidir le ceannaireacht láidir a dhéanamh ar chontae Thiobraid Árann

Tá geilleagar éagsúil ag an gContae a chuimsíonn mol leighis-chógaisíochta láidir sa tuaisceart, déantúsaíocht agus a thionscal cáiliúil póraithe capall. Tá an talamh mín den chéad scoth ina thimpeallacht fhoirfe um tháirgeadh bia agus le haghaidh clú méadaithe maidir le bia ceardaí. Tá ról tábhachtach ag an turasóireacht freisin agus comharthaí talún cáiliúla sa chontae mar Loch Deirgeirt, Caisleán Chathair Dhúin Iascaigh agus Swiss Cottage.



FORBAIRT GEILLEAGAIR & FIONTRAÍOCHT

Le bunú an Oifig Fiontair Áitiúil i gComhairle Contae Thiobraid Árann ar an 15 Aibreán 2014 tógadh céim mhór ar aghaidh ó thaobh tacaíocht a thabhairt do chruthú post sa chontae. Is é fíis na Comhairle don Oifig Fiontair Áitiúil i dThiobraid Árann ná go mbeidh sé réamhghníomhach, ar son an ghnó, ar son an chustaiméara agus ar an iomlán, go dtabharfar tacaíocht chomhsheasmhach di ag próiseas measúnaithe daingean. Sna codanna seo a leanas tá athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí LEO i 2015;

STRAITÉIS EACNAMAÍOCHTA

Forbraíodh an Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail (PÁEP) tar éis comhchomhairle leithne leis an bpobal i rith 2015: Cuireadh an Dréacht-PÁEP i láthair do na Ceantair Bhardasacha i mí Dheireadh Fómhair agus ina dhiaidh sin seoladh chuig Tionól Réigiúnach an Deiscirt é le breithniú ó thaobh leanúnachais le Pleananna Forbartha Contae Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas agus leis na Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach. Ansin cuireadh an PÁEP faoi bhráid Chomhairle Contae Thiobraid Árann le breithniú agus glacadh leis i mí Eanáir 2016. Beidh an Plean sin mar bhonn do phlean oibre bliantúil an rannán geilleagair agus fiontraíochta thar na 6 bliana atá romhainn.

Ar www.tipperaryinfo.ie leantar ar aghaidh ag soláthar faisnéis ábhartha suas le dáta a bhaineann leis an gContae agus a chabhraíonn le gníomhaireachtaí, eagraíochtaí agus gnóthais ó thaobh cinntí a dhéanamh. Bíonn sé sin an-úsáideach ach go háirithe do roinnt eagraíochtaí atá ag obair faoi láthair ar cháipéisí straitéiseacha nua do Chontae Thiobraid Árann. Coimeádtar Mol Sonraí Thiobraid Árann ag Córais Fhaisnéise Chomhairle Contae Thiobraid Árann agus ag an Rannán Geilleagair agus is í an aidhm a bhaineann leis fós ná ionaid ilfhreastail a chur ar fáil d'fhaisnéis sa chontae.

TACAÍ OFÁ

Le linn na tréimhse ó mhí Eanáir go mí na Nollag 2015, d'fhaomh an Oifig Fiontair Áitiúil cúnamh deontais den tsuim €867,134 le haghaidh 40 tionscadail a dhéanfaidh gearáil ar infheistíocht chaipitiúil de níos mó ná €3.5m. I measc na dtionscadal ar tugadh tacaíocht dóibh bhí 18 ngnó nuathionscanta, 16 mhéadú gnó agus 6 staidéar indéantachta agus meastar go gcruthófar 149 post nua sa chontae mar gheall orthu i gcaitheamh na 2-3 bliana amach romhainn. Nuair a dhearnadh suirbhé ar chomhlachtaí punainne an OFÁ ag deireadh na bliana tarraingíodh aird ar ghlanmhéadú ar an leibhéal fostaíochta a bhí ann an bhliain roimhe; ba ionann an méadú sin agus 111 post. Tugadh faoi Forbairt Phunainne le 278 comhlacht chun cabhrú lena bhforbairt, lena méadú agus i roinnt cásanna lena ndul ar aghaidh chuig Fiontraíocht Éirean le linn na bliana atá á hathbhreithniú.

Faoi Bheart 2 Forbairt Fiontraíochta & Cumais thug an OFÁ tacaíocht do 2,284 duine ionas go bhféadfaidís leas a bhaint as oiliúint, forbairt bainistíochta, meantóirí agus raon de dheontais bhogthacaíochta mar dheontais d'fhorbairt láithreán gréasáin, d'fhorbairt mhargadh onnmhairí, do thaispeántais agus deontais eile ar chostas €539,559.

Bhí na spriocanna á mbaint amach ó thaobh rannpháirtíochta sa Scéim TFC um Dhearbháin Trádála Ar Líne agus 44 dhearbhan ar luach €83,616 san iomlán bunaithe ar mheascán de ghnóthais a raibh ina measc gnóthais miondíola, seirbhíse, turasoíreachta agus déantúsaíochta. Reáchtáladh ocht seisiún faisnéise ar fhreastail os cionn 90 bainisteoirí úinéara orthu agus bhain 33 comhlacht eile leas as meantóireacht maidir le ríomhghnó.

I 2015 thug Oifig Fiontair Áitiúil Thiobraid Árann tacaíocht do 18 n-iarratasóir ar dheontais agus chuir siad ar aghaidh iad. D'éirigh le naoi n-iarratas airgeadas iasachta den mhéid €122,999 a fháil. Cuirfidh na tionscadail ar tugadh tacaíocht dóibh 14.5 post leis an ngeilleagar áitiúil. Oibríonn an OFÁ i ndlúthpháirt le Microfinance Ireland chun iasachtaí ar luach idir €2-25k a fháil do thionscnóirí gnó nach gcomhlíonann critéir iasachta na mbanc.

TIONSCNAIMH FIONTRÓRA



I 2015, chuaigh 43 duine aonair agus chomhlacht páirt sa Chomórtas don Fhiontróir Óg is Fearr in Éirinn (IBYE) agus chuaigh siad san iomaíocht do chiste €50,000 (IBYE) ar leibhéal Contae. I measc na mbuaiteoirí ar leibhéal an chontae bhí Pressure Welding, Manufacturing Ltd., Durlas, Doodledale, Ros Cré agus Blanco Nino Ltd., Cluain Meala agus ba é Philip Martin as Blanco Nino Ltd. a ghnóthaigh an dámhachtain i gcatagóir an ghnó nua-thionscanta is fearr ar Leibhéal Réigiúnach agus chuaigh sé ar aghaidh chuig an mBabhta Ceannais Náisiúnta ansin. D'eagair agus d'óstáigh OFÁ Thiobraid Árann an Searmanas Dámhachtana Réigiúnach don IBYE le haghaidh an Mhéan-larhair i rith na bliana.

Reáchtáladh an chéad bhabhta de Dhámhachtainí Fiontraíochta Chontae Thiobraid Árann i Márta 2015 agus ba é an comhlacht as an Aonach, Echo IT Ltd, a chuir Donal Bray chun cinn, a bhuaigh an duais ba mhó. Tháinig an comhlacht as an Teampall Mór Chimney Draught Stop Ltd sa dara háit agus ba í The Scullery Ltd. le Florrie Purcell, arb as an Aonach di, a tháinig sa tríú háit. Ghnóthaigh Herdwatch as Ros Cré dámhachtain speisialta don Teicneolaíocht agus bhuaigh Clonmel Covers Ltd, atá lonnaithe i gCluain Meala agus a chuir Seamus & Eugene Phelan chun cinn, dámhachtain speisialta um éagsúlú i margaí nua. Bhí ciste duaise de €5,000 ar fáil don chomórtas áitiúil. Ba í an bhliain seo an dara bliain de na dámhachtainí don Líonra Gnó Uaine agus ghnóthaigh Solaregy Ltd. as an Teampall Mór an Dámhachtain don Ghnó Uaine is Fearr.

I gcomhthéacs fiontraíochta óige, chuaigh 21 scoil as Tiobraid Árann san iomaíocht chéad bhabhta de na Dámhachtainí Fiontraíochta Dalta Uile-Chontae. Ghlac os cionn 1,800 dalta dara leibhéal páirt sa chomórtas ar leibhéal scoile arb é babhta ceannais an Chontae, an babhta deireanach de. Ina theannta sin ghlac 518 dalta eile páirt sa tionscnamh Taithí Fiontraíochta i rith na bliana. Bhronn an tAire Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil, an tUas. Alan Kelly TD. na dámhachtainí. Ghnóthaigh Scoil Mhuire, an tAonach, Coláiste Phobal Ros Cré agus Meánscoil na Toirbhearta Cluain Meala duaiseanna sna catagóirí sinsearacha, idirmheánacha agus sóisearacha agus ina dhiaidh sin rinne siad ionadaíocht ar an gContae sa Bhabhta Ceannais Náisiúnta a bhí ar siúl i bPáirc an Chrócaigh ar an 22 Aibreán.

Is tionscnamh é Seachtain Fiontraíochta Thiobraid Árann idir Comhairle Contae Thiobraid Árann/ OFÁ, an Bord Oideachais & Oilíúna, LIT, Cuideachtaí Forbartha Teagaisc, Teagasc agus DSP agus bhí sí ar siúl ón 18 go 22 Bealtaine 2015. Eagraíodh sraith seimineár, ceardlann, clinici agus láithreachas in 12 hionad i dTiobraid Árann agus tarraingíodh 670 duine chucu. I rith na seachtaine tugadh deis don phobal gnó teacht le chéile agus naisc a dhéanamh, cúrsaí a phlé agus smaointe & eolas a roinnt agus freisin aithne a chur ar dhaoine eile agus eolas luachmhar a fháil ó shaineolaithe tionscail lárnacha. Mar chuid den tSeachtain Fiontraíochta bhí imeacht "Cé leis ar cheart duit labhairt" i Ros Cré, príomhseimineár ar thurasóireacht i gCathair Dúin lascaigh, ceardlann soláthair, Siompóisiam Miondíola, Clinici Agraighnó, ceardlann nuálaíochta, oíche eolais ar Fhiontraíocht Shóisialta etc.



Buaiteoirí Sinsearacha an Chomhthionóil le Balúin - Meánscoil Mhuire, an tAonach

TACAÍOCHT LÍONRA

Cuireann an OFÁ tacaí saincheaptha ar fáil do roinnt líonraí gnó ar fud an Chontae e.g. an Líonra Gnó Uaine, Dhá Líonra um Mná sa Ghnó agus Líonra Tairgeoirí Bia Thiobraid Árann. Tá Líonra Tairgeoirí Bia Thiobraid Árann ar cheann de na Líonraí Gnó Bia is nuálaí agus is dinimiciúla sa tír. Le tacaíocht ó Chistiú Turasóireachta Agraibhia, beidh an Líonra in ann dul i mbun clár uailmhianach forbartha agus gníomhaíochtaí bolscaireachta dá chuid ball.

I 2015 d'oibrigh an OFÁ i gcomhpháirt le Luimneach agus leis an gClár chun fóram a reáchtáil ar fhiontraíocht ban i nDurlas i mí Aibreáin chomh maith le himeacht leantach in Áth Dara i Meitheamh.

Faoi Chlár Connect Ireland, cuireadh tús le tionscnamh i dTiobraid Árann Thiar i 2015 chun foireann 'Connect Tipperary' a bhunú a oibríonn in oifigí TIRD, ábhar margaíochta, láithreán gréasáin agus meáin sóisialta bainteacha a fhorbairt, agus chun bunachar sonraí 'Connect Tipperary' a chruthú de nascóirí i dteannta le Connect Ireland. Reáchtáladh an seoladh ar an 26 Samhain in Ionad Cultúrtha Excel i mBaile Thiobraid Árann. Labhair an tUas. Terry Clune, bunaitheoir an Taxback Group agus Connect Ireland, Cathaoirleach Chomhairle Thiobraid Árann, an tUas. Seamus Hanafin agus an tUas. Dick Donovan, Cathaoirleach Chomharchumann Thiobraid Árann, thar ceann na trí heagraíochta tacaíochta faoi seach. Tá plean gníomhaíochta i bhfeidhm le haghaidh 2016 ina mbeidh ról ag na comhpháirtithe reatha sa chlár agus ina leanfar naisc agus ábhair chliaint a cruthaíodh de thoradh an tseolta agus idirphlé le nascóirí ina dhiaidh sin.



An Teachta Dála Tom Hayes, Aire Stáit sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Terry Clune, Bunaitheoir Connect Ireland, Shane Kelly, Comhlachas Tráchtála Bhaile Thiobraid Árann, an Cmhlr Seamus Hanafin, Cathaoirleach, Comhairle Contae Thiobraid Árann.

D'éirigh le dhá hionad eile freisin – Tír Dhá Ghlas agus bhain siad leas as tacaíocht airgeadas faoin gciste um Rannpháirtíocht an Diaspóra Áitiúil. Tá obair ar an tionscnamh fós ar siúl agus cruthaíodh go leor teagmhálaithe mar gheall air.



Ag oíche eolais Connect Ireland Thír Dhá Ghlas / Choill Bharainn a reáchtáladh i rith Sheachtain Fiontraíochta bhí D-C an Cmhlr Joe Hannigan, Joanne Murphy Connect Ireland, an Cmhlr Ger Darcy, Marcus O'Connor Stiúrthóir Seirbhísí agus Rita Guinan Ceann Fiontraíochta.

Le tacaíocht ó Chistiú do Thurasóireacht an Agraibhia, beidh an Líonra in ann dul i mbun chlár uailmhianach forbartha agus gníomhaíochtaí fógraíochta dá chuid ball.

TACAÍ MIONDÍOLA:

I 2015 d'oibrigh Comhairle Contae Thiobraid Árann le trádálaithe chun tacú le roinnt tionscnamh, a chabhraíonn leis an miondíoltóir neamhspleách líon na gcustaiméirí a mhéadú agus caiteachas breise a spreagadh. Aithníodh freisin go bhféadfadh go mbeadh gá le níos mó beart tacaíochta malartach, atá cuimsithe sna tacaí thuas, chun cabhrú le fuinneamh nua a chur sa lár baile/sráidbhaile.

TÁ ACHOIMRE TUGTHA THÍOS AR ROINNT TIONSCADAL:

- Forbraíodh Scéim Dreasachta Tráchtála (CDS), ar scéim nua í, chun tacú leis an earnáil mhiondíola i gContae Thiobraid Árann agus tá sí á cur i bhfeidhm faoi láthair.
- Fostaíodh Comhairleoir Miondíola chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Earnáil Mhiondíola agus chun Pleananna Forbartha aonair d'Fhóiraim Lár Baile a éascú. Seoladh Ciste Tacaíochta Miondíola don Nollaig le haghaidh Nollag 2015 agus tharraing sé sin 26 hiarratas tar éis tionscnaimh píolótaigh rathúil i 2014 ar ghlac 10 mbaile páirt ann.
- Tá an Clár Tacaíochta Miondíola don Nollaig ar cheann de shraith idirghabhálacha a cruthaíodh agus é mar aidhm cabhrú le líon na gcustaiméirí gaus leis an gcaiteachas a mhéadú i mbaile agus i sráidbhailte. Chuir an clár tacaíocht ar fáil i bhfoirm dheontas airgid de idir €500 go €4,000 do os cionn 20 baile agus sráidbhaile chun gníomhaíochtaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcaitheamh na Nollag.




Grianghraf le John Williams

Forbraíodh Scéim Dreasachta Tráchtála (CDS), ar scéim nua í, chun tacú leis an earnáil mhiondíola i gContae Thiobraid Árann agus tá sí á cur i bhfeidhm faoi láthair.



IARRATAIS CHISTITHE RATHÚLA 2015;

Chuir Comhairle Contae Thiobraid Árann isteach 4 hiarratas faoin Tionscnamh um Chriosanna Forbartha Geilleagraí Tuaithe (CFGF) agus deonaíodh cistiú de €375,000 nó 75% de chostas an tionscadail orthu. Tá na cinn thíos i measc na dtionscadal



Grianghraf le Maeve Murphy

IMEACHTAÍ/TIONSCADAIL

I 2015, i dteannta le LIT, d'eagair OFÁ Thiobraid Árann Oíche Eolais ar Fhiontraíocht Shóisialta a reáchtáladh in Ionad Fiontraíochta Chomhlachas Tráchtála Dhurlas. Mar chuid den oíche eolais, thug Seomraí Tae Loughmore, Pobail Fhuinnimh Thiobraid Árann agus Siopa Grósaera Pobail Luimnigh. Ina dhiaidh sin rinne Comhairle Contae Thiobraid Árann iarratas faoi CFGT agus d'éirigh leo cistiú a fháil chun tacú le tionscadal nua fiontraíochta sóisialta i gceantar tuaithe gar do Bhaile Thiobraid Árann in Áth na Cairte a mbeadh Seomraí Tae agus Siopa i gceist leis. Freisin thug an OFÁ meantóireacht agus oiliúint chun bunú an fhiontair a éascú. Tá obair ar siúl i gCloch Shiurdáin chun féachaint ar roghanna um Chaifé comhoibrítheach agus táthar ag scrúdú tionscnamh eile fiontraíochta sóisialta le pobail eile.

Reáchtáladh DesignFest Chluain Meala, Na Meáin, na hEalaíona & Dearadh Digiteach a Cheiliúradh ón 16-21 Samhain 2015. Ba é an cuspóir a bhí i gceist ná imeacht tharraingteach a chruthú ina n-aithnítear agus a gceiliúrtar na roghanna um ilmheáin chruthaitheacha atá ar fáil i réigiún Mhumhan agus go háirithe ó Champas LIT i dTiobraid Árann atá bunaithe i gCluain Meala agus i nDurlas. Tionscadal comhair a bhí i DesignFest idir LIT, Comhlachas Tráchtála Chluain Meala, agus Comhairle Contae Thiobraid Árann a lig don phobal i gcoitinne féachaint faoi choim ar an domhan digiteach a bhfuil cónaí orainn ann agus tugadh deis bualadh le cuid de na daoine is mó a mbíonn tionchar acu sa tionscal seo a bhíonn ag athrú i gcónaí. Cuireadh tús leis an bhféile chun forbairt earnáil beochana digití i gContae Thiobraid Árann a chur chun cinn. Bhain an tionscadal leas as tacaíocht ó DCOI agus CFGT chomh maith leis an OFÁ agus CCTÁ. Rinneadh taifead ar lucht freastail de 987 ar na himeachtaí i rith na seachtaine agus meastar gur ghlac 3,000 duine eile páirt sna himeachtaí a reáchtáladh i rith na féile.

Roghnaíodh Co. Thiobraid Árann chun bheith mar phríomhéascaitheoir le bheith i gceannas ar Speisialtóireacht Chliste um Forbairt Dhigiteach san Oirdheisceart faoi Thionscadal eDigiregion an AE.

I 2015, choimisiúnaigh an OFÁ staidéar ar fháil spásanna oibre agus ar an éileamh orthu chun anailís agus conclúidí neamhspleácha a fháil a chabhródh léi le haon fhiosruithe maidir le fáil spáis um oifig/thionscal nó fostaíocht. I dteannta le fionnachtana an staidéir, tá bunachar sonraí fairsing ar fáil do Chomhairle Contae Thiobraid Árann anois de spás oibre atá ar fáil, atá léarscáilithe ar CFG agus a dhéanfar nuashonrú air gach bliain.

I 2015 chuir ceithre chuideachta nua fúthu san ionad Questum, an comhfhiontar idir LIT agus CCTÁ. Is iad na ceithre chuideachta atá lonnaithe i Questum anois ná Oneboxvision, Eirechrome, Covectra agus A&C Chemicals. Oibríonn na ceithre chuideachta in earnáil na seirbhíse d'eolaíochtaí beatha.

Tholsel Fhíodh Aird. Críochnaíodh Céim 1 den tionscadal i mBealtaine 2015. Ba é a bhí i gceist le Céim 1 ná urláir talún agus céad urlár le fhoirgnimh a athchóiriú. Maoiníodh Céim 1 ag Comhairle Contae Thiobraid Árann (€105k), Cuideachta Forbartha Thiobraid Árann Theas (€268k) agus ag ranníocaíochtaí ó thabhartóir príobháideach. Rinneadh iarratas rathúil i mí Iúil ar thionscnamh Oirthear Ársa na hÉireann ó Fháilte Éireann agus fuarthas €198k chun críochnú an dara hurláir a mhaoiniú mar chuid de chéim 2 den tionscadal. Tá sé beartaithe go n-óstálfaidh an táirge críochnaithe áis oidhreachtá thábhachtach ina gceiliúrfar "scéal na heachaíochta" i dTiobraid Árann agus go mbeidh sé ina chuid lárnach de Scéal Oirthear Ársa na hÉireann i gCeantar Bardasach Charraig na Siúire agus é laistigh de cheantar meánaoiseach shráidbhaile Fhíodh Ard.

Mianach an Lisín. Chuir Vedanta Holdings deireadh le táirgeadh luaidhe agus since i Lisín ag deireadh mhí na Samhna, 2015. Mar chuid den phróiseas chun tionscadail agus poist mhalartacha a aimsiú don láithreán 1,200 acra, rinneadh iarratas ar an Coimisiún Eorpach um ainmiú mar réigiún Léiritheoir Samhlach. Ba í Comhairle Contae Thiobraid Árann a bhí i gceannas ar an iarratas agus fuarthas ionchur ó roinnt institiúidí tionscail agus taighde. Tá an phreaseisiúint oifigiúil ón CE ceangailte sa nasc seo a leanas: http://ec.europa.eu/growth/tools-databases/newsroom/cf/itemdetail.cfm?item_id=8436&lang=en&title=Call-for-the-Expression-of-Interest---Selection-of-six-Model-Demonstrator-Regions-to-receive-Advisory-Support. Is é cuspóir an ainmnithe ná go mbeadh cuideachtaí agus tionscadail a bheadh ag measúnú an ionaid in ann comhairle a fháil ó Chomhairleoirí arna bhfostú ag an gCoimisiún Eorpach maidir le gnéithe teicniúla agus airgeadais dá gcuid tionscadal agus ina theannta sin, maidir le heolas a roinnt ó na réigiún taispeántóir samhlach eile san AE.

Roghnaíodh Co. Thiobraid Árann chun bheith mar phríomhéascaitheoir le bheith i gceannas ar Speisialtóireacht Chliste um Forbairt Dhigiteach san Oirdheisceart faoi Thionscadal eDigiregion an AE.



BÓITHRE, IOMPAR, SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHT

AN COISTE BEARTAIS STRAITÉISIGH

CATHAOIRLEACH:

An Cmhrl Jackie Cahill

COMHAIRLEOIRÍ

- An Cmhrl Mattie Ryan,
- An Cmhrl Fiona Bonfield,
- An Cmhrl Michael Fitzgerald,
- An Cmhrl Hughie McGrath,
- An Cmhrl David Doran,
- An Cmhrl Willie Kennedy &
- An Cmhrl Eddie O'Meara

EARNÁLACH/COLÚIN:

Ionadaithe ar An Líonra Rannpháirtíochta Poiblí
An tUas. P.J. English & M s. Angela Hickey

Ionadaí Gnó/Pobail/Turasóireachta
An tUas. Seamus Campbell

Talmhaíocht & Feirmeoireacht
Billy Collins

Tógáil Fhorbartha:
Martin Healy

BEARTAIS AGUS ÁBHAIR A MEASADH I 2015

- An Beartas i leith Urraíocht Timpeallán
- Láithreachais & plé maidir le:
 - Obair an Rannóg Bóithre & Iompair
 - Athbhreithniú ar theorannacha luais speisialta.
 - An Bealach Glas ó Charraig na Siúire go Cluain Meala
 - Ionad Comhordaithe Iompair Thiobraid Árann

BÓITHRE, IOMPAR & SÁBHÁILTEACHT

Is é Beartas na Comhairle ná bóithre atá ann cheana féin a fhorbairt agus a fheabhsú agus bóithre nua a thógáil de réir mar a cheadaítear ag pleanáil agus acmhainní.



FAID AICMITHE BÓTHAIR CHONTAE THIOBRAID ÁRANN I GCEANTAIR BHAILE (CILIMÉADAR)

NÁISIÚNTA

Ceantar Baile	An tAonach	Teampall Mór Durlas	Cluain Meala	Caiseal Tiobraid Árann	Carraig na Siúire	Iomlán
Mótarbhealach	39	34	25	15	6	119
65 Príomhbhóthar Náisiúnta	0	0	38	16	11	65
Bóithre Náisiúnta den Dara Grád	52	52	6	21	14	145
Iomlán	91	86	69	52	31	329

BÓITHRE RÉIGIÚNACHA, ÁITIÚLA AGUS BÓITHRE NÁISIÚNTA DEN TRÍÚ GRÁD

Ceantar Bardasach	An tAonach	Teampall Mór Durlas	Cluain Meala	Caiseal Tiobraid Árann	Carraig na Siúire	Iomlán
Réigiúnach	289	147	146	171	150	903
Príomhbhóithre Áitiúla	496	484	347	294	291	1912
Bóithre Áitiúla den Dara Grád	453	367	245	328	295	1688
Bóithre Áitiúla den Tríú Grád	261	232	210	167	120	990
Iomlán	1499	1230	948	960	856	5493

IOMLÁIN

Ceantar Bardasach	An tAonach	Teampall Mór Durlas	Cluain Meala	Caiseal Tiobraid Árann	Carraig na Siúire	Iomlán
Iomlán foriomlán agus Mótarbhealaí san áireamh	1590	1316	1017	1012	887	5822
Iomlán Foriomlán gan Mótarbhealaí san áireamh	1551	1282	992	997	881	5703

ACHOIMRE AR AN GCAITHEACHAS AR BHÓITHRE I 2015

BÓITHRE NÁISIÚNTA

Feabhsú	€2,374,009
Cothabháil	€1,205,010
Iomlán	€3,579,019

BÓITHRE RÉIGIÚNACHA & ÁITIÚLA

Cothabháil Roghnach	€4,018,126
Cothabháil Athchóirithe	€2,421,880
Feabhsú Athchóirithe	€10,367,603
Scéim um Feabhsúcháin Sonracha - Lios Moling	€392,273
Uasghrádú Leatracha	€30,514
Athchóiriú Droichid	€200,468
Scéimeanna Sábháilteachta ar Chostas Íseal	€348,158
Deontas Oiliúna	€97,500
Teorannacha Luais	€14,575
Iomlán na Leithdháilte R&Á 2015	€17,891,097
Leithdháileadh ó Acmhainní Féin	€8,451,256

BÓITHRE NEAMHNÁISIÚNTA

Cuimsíonn an chatagóir sin Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla Maoiníodh cothabháil agus feabhsú na mbóithre sin i 2015 ag an Roinn Iompair, Turasoireachta & Spóirt, i dteannta le hacmhainní na Comhairle féin.

Fuair an Chomhairle deontais ar luach €17,891,097 le haghaidh bóithre neamhnáisiúnta.

Baineadh úsáid as an deontas roghnach de €4,018,126 chun cur le hacmhainní dílse na Comhairle um ghnáthchothabháil ar Bhóithre Réigiúnacha agus Tuaithe. Ba í leithdháileadh acmhainní dílse na Comhairle ná €8,451,256.

I 2012, chuir an Chomhairle Clár Athchóirithe Ilbhliantúil 2012-2015 um Oibreacha Bóthair faoi bhráid an Roinn Iompair, Turasoireachta agus Spóirt. Sa chlár 4-bhlíana sin tugadh tosaíocht don liosta de thograí um feabhsú athchóirithe le cur i gcrích i gcaitheamh na tréimhse. Tá clár nua 3-bhlíana le haghaidh 2016-2018 á ullmhú & á aontú i ngach Ceantar Bardasach faoi láthair sula gcuirfear faoi bhráid na Roinne é.



OIBREACHA I SRÁIDBHAILE BHAILE UÍ CHLÉIREACHÁIN

Rinneadh uasghrádú mór ar shráidbhaile Bhaile Uí Chléireacháin i 2015 nuair a cuireadh i bhfeidhm an Scéim Feabhsúcháin um Ionaid Seirbhíse Dúiche (SFISD). Ba é cuspóir an tionscadal SFISD ná féachaint ar na sráidbhailte go léir sa chontae inar tharla méadú agus forbairt thapa i rith bhlianta an Tiogair Cheiltigh agus plean a chur ar fáil um uasghrádú ar na háiteanna poiblí agus ar an mbonneagar chun coimeád suas leis an méadú sin. Cuireadh cistiú caipitiúil ar luach €200,000 ar fáil i 2015 chun an plean a chur i ngníomh. Chuimsigh na hoibreacha sin uasghrádú ar chosáin, athdhromchlú bóithre, cur crann agus plás lárnach a chur ar fáil. Freisin rinneadh freastal ar oibreacha ceansaithe tráchta chun trácht tríd an sráidbhaile a dhéanamh níos maille trí chlár lárnach agus rampa air a chur ar fáil agus an bóthar a chúngú agus níos mó béime curtha ar áiteanna trasrian coisithe.



Sráidbhaile Bhaile Uí Chléireacháin roimh oibreacha agus ina ndiaidh.

Cuireadh cistiú caipitiúil ar luach €200,000 ar fáil i 2015 chun an plean a chur i ngníomh. Chuimsigh na hoibreacha sin uasghrádú ar chosáin, athdhromchlú bóithre, cur crann agus plás lárnach a chur ar fáil.



Grianghraf le Patrick Lynch

MÓRSCÉIMEANNA CAIPITIÚLA

Sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 agus i Transport 21 (2007-2016) leagadh amach an clár infheistíochta don Bhonneagar Náisiúnta Bóithre. Mar gheall ar na teorannacha reatha le cistiú, déanfar infheistíocht i gcaitheamh tréimhse níos fada ná mar a bhí beartaithe sna Pleananna sin. Tá achoimre tugtha thíos ar an seasamh reatha maidir le mórthionscadail.

MÓRSCÉIMEANNA UM FEABHSÚ BÓITHRE

N24 An Chonair Thiar – Port Láirge go Luimneach Tá an obair go léir ar an scéim sin ar fud Chontae Thiobraid Árann curtha ar fionraí ag Transport Infrastructure Ireland faoi láthair. Rinne TII roinnt Staidéar Tráchta ach idir an dá linn níl sé tugtha le fios acu gur tharla méadú mór ar thrácht a bheadh ina chúis mhaith leis an méid infheistíochta a bheadh ag teastáil.



Grianghraf le John O'Loughlin

PRÍOMHBHEALÁÍ NÁISIÚNTA & BEALÁÍ NÁISIÚNTA DEN DARA GRÁD

Rinneadh oibreacha ar Phríombhealaí Náisiúnta agus ar Bhealaí Náisiúnta den Dara Grád i rith 2015 mar seo a leanas:

SCÉIMEANNA SÁBHÁILTEACHTA BÓTHAIR UM PHRÍOMHBHÓITHRE NAISIÚNTA

- N24 Bóthair an Phoill, Carraig na Siúire Oibreacha um Feabhsú Áiseanna Coisithe: Tá an Réamhdhearadh déanta & reáchtáladh comhchomhairle neamhfhoirmiúil le Príomhoidí agus Boird Bhainistíochta Scoile. Déanfaidh TII athbhreithniú ar chistiú nuair a bheidh scéim chomhaontaithe i bhfeidhm.
- N24 Sráid an Dáibhéidigh, Baile Thiobraid Árann, Oibreacha Ceansaithe Tráchtá: Dearadh/Cuid 8 tugtha chun críche i 2015. Dearadh sonrath & ullmhúcháin Cháipéisí Tairisceana ar siúl faoi láthair (Tá siúl ann go dtosófar tógáil roimh dheireadh R2 2016 faoi réir fhaomhadh TII).
- N24 Bóthar an Phoill, Carraig na Siúire Oibreacha um Chomharthaí Rabhaidh ar an droichead iarnróid: Dearadh Chomharthaí Rabhaidh ar gach bóthar isteach, Dearadh Córais um Bhrath Airde Feithicle agus Rabhadh, Scrúdú roghanna chun glanspás reatha an droichid a mhéadú ar siúl ag TII agus NRDO an Mheán-Iarthair.

SCÉIMEANNA SÁBHÁILTEACHTA BÓTHAIR AR BHEALÁÍ NÁISIÚNTA DEN DARA GRÁD

- N74 Sráidbhaile Bhaile Thomáis Ceansu Tráchtá: Oibreacha Tógála Críochnaithe i 2015:
- N76-N76/R706 Feabhsú ar Fhad Radhairc an Acomhail i Stóir Urumhan: Talamh Faighte um Feabhsú ar Fhad Radhairc an Acomhail, Oibreacha Tógála le bheith críochnaithe i 2016.
- Acomhal N52-N65 Buiríos Uí Chatháin: Scéim eatramhach chun infheictheacht a fheabhsú ag an acomhal. Scéim curtha ar sos ar feitheamh deisiúcháin linteáir agus scéim draenála.



Oibreacha Ceansaithe Tráchtá i mBaile Thomáis i rith 2015

FEABHSÚCHÁIN AR PHRÍOMHBHÓITHRE NÁISIÚNTA

- N24 Cnoc an Churraigh (Cill Sheáin) Atógáil Cosán:

Oibreacha tógála críochnaithe i 2015

- N24 Athailíniú ar Bhóithrín Arrigan: Oibreacha Tógála Críochnaithe i 2015
- N24 Sráid an Dáibhéidigh, Tiobraid Árann Treisiú Cosán: Céim Deartha/Ullmhúcháin Cháipéisí Tairisceana ar siúl faoi láthair (Tá siúl ann go dtosófar tógáil roimh dheireadh R2 2016).
- N24 Bóthar Cró Neartú Cosán: Dearadh & fáil Conraitheora i 2015. Tógáil ar siúl ag tús 2016.



Oibreacha Atógála Cosáin i gCill Sheáin i rith 2015

FEABHSÚ BÓITHRE NÁISIÚNTA DEN DARA GRÁD

- N74 Baile Hoiste Athailíniú: Céim Deartha (ag feitheamh le faomhadh ón TII le dul ar aghaidh go OCÉ)
- N74 Garrán an Cheantaigh Treisiú Cosán: Oibreacha Tógála Críochnaithe i 2015
- N62 Ascaill Parnell agus Bóthar Chúchulainn Durlas: Tógáil Críochnaithe
- N65 An Leithinse Scéim Cosán agus Scéim um Chobhsú Claífoirt críochnaithe i 2015

FEABHSÚ UIGEACHTA AR PHRÍOMHBHÓITHRE NÁISIÚNTA & BÓITHRE NÁISIÚNTA DEN DARA GRÁD

Rinneadh oibreacha i roinnt áiteanna ar fud na tíre chun friotaíocht dhromchla an bhóthair in aghaidh sleamhnán a fheabhsú.

TIONSCADAIL UM BÓITHRE NEAMHNÁISIÚNTA STRAITÉISEACHA

- Bóthar Faoisimh Istigh Dhurlas.
- Réamhdhearadh críochnaithe. Ag feitheamh le cistiú le dul ar aghaidh
- R498 An tAonach go Durlas Uasghrádú Cnoc Alltáin-Cill Chonáin
- Cuid 8 críochnaithe. Fáil Talún ar siúl agus cuirfear tús le tógáil níos deireanaí i 2016.
- R498 Athailíniú Bóthair ag cora Leatrach
- Comhairleoirí ceaptha i 2015-2016 chun an bealach is fearr a roghnú. Beidh cuid mhór cistithe ag teastáil don scéim i 2017-2018 má táthar chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh uirthi. Reáchtáladh an chéad seisiún comhchomhairle leis an bpobal ar an 3 Samhain 2015
- Seachbhóthar Bhéal an Átha/Chill Dá Lua - Crosaire Dhroichead na Sionna & Scéim Feabhsúcháin R494
- Tá athbhreithniú breithiúnach iarrtha ag agóideoirí. Níl breithniú déanta ag na Cúirteanna ar an ábhar go fóill



SCÉIM DEONTAS UM FEABHSÚCHÁN SONRACH

Tá an scéim seo dírithe ar fheabhsú bóithre chun cabhrú le forbairtí turasoíreachta agus forbairtí tráchtála agus tionscail eile agus chuir sí ar chumas na Comhairle oibreacha a thabhairt ar aghaidh, a d'fhéadfadh nach ndéanfaí iad ar feadh roinnt ama murach sin. Le caiteachas de €392,273 bhíodas in ann athsholáthar Dhroichead Lios Moling a dhéanamh i gCeantar Bardasach Charraig na Siúire. (Cuirtear tuarascáil níos sonraí ar an scéim i láthair thíos).



Droichead nua Cl réise aonair 14 méadair i Lios Moling.

SCÉIMEANNA FEABHSÚCHÁIN SÁBHÁILTEACHTA AR CHOSTAS ÍSEAL

Caitheadh €348,158 do na scéimeanna feabhsaithe timpiste ar chostas íseal agus rinneadh oibreacha i roinnt áiteanna ar fud an Chontae.

SCÉIMEANNA RANPHÁIRTÍOCHTA POBAIL

Tagraíonn na scéimeanna sin d'uasghrádú agus d'fheabhsú bóithre den tríú grád agus mionbhóithre áit a n-íocann cónaitheoirí 15% i dtreo chostas na n-oibreacha. Tugadh cuid mhór scéimeanna chun críche i ngach Ceantar Bardasach i rith 2015 agus leithdháil an Chomhairle €600,000 ón leithdháileadh um Feabhsú Athchóirithe dóibh.

OIBREACHA ATHCHÓIRITHE DROICHID

Caitheadh €200,468 i 2015 i dtaobh oibreacha athchóirithe droichid in áiteanna éagsúla.

AN CLÓS INNEALRA

Cuireann an Clós Innealra, ag a bhfuil dhá bhunáit i gCluain Meala agus san Aonach, seirbhís tacaíochta ar fáil do ghníomhaíochtaí innealtóireachta de chuid Chomhairle Contae Thiobraid Árann ina hiomlán. Is é an bunchuspóir seirbhíse ná innealra (i.e. feithiclí, fearas agus trealamh) a chur ar fáil ar chostas réasúnta chun cabhrú le baill foirne bunaithe i gCeantair a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Tá tuairim is 160 feithicil faoi úinéireacht na Comhairle faoi smacht an chlós innealra, agus luach athsholáthair de thart ar 3.5 milliún euro orthu. Ina theannta sin déanann lucht an chlós innealra cothabháil ar fheithiclí de chuid Chomhairle Buirge Chluain Meala mar a bhí ann roimhe, UDC Thiobraid Árann, Chaisil agus Charraig na Siúire, thart ar 40 feithicil a mbeadh luach athsholáthair breise de thart ar 1.2 milliún ag baint leo.

SEO A LEANAS GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHLÓS INNEALRA:

- Bainistíocht flít i gcomhlíonadh Acht an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála) 2012
- Scrúdú, oibriú agus cothabháil fhlít na Comhairle, lena n-áirítear a chuid ceanglas faoi Ionstraim Reachtuil 348 de 2013 (Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála) (Rialacháin um Chotheabháil agus Deisiú Feithiclí 2013).
- Soláthar fearais agus innealra
- Fáil agus diúscairt fearais agus innealra
- Soláthar ionaid sláin, sábháilte um stóráil innealra
- An líon foirne agus na scileanna a bheith ar fáil atá riachtanach chun flít fearais agus innealra na comhairle a chothabháil agus a oibriú go héifeachtúil.
- Socraítear tógáil ar cíos innealra tráchtála ar leibhéal ceantair ón gcóras soláthair LAQuotes.

TÓGTAR INNEALRA AR CÍOS AR ROINNT CÚISEANNA LENA N-ÁIRÍTEAR NA CINN SEO A LEANAS:

- Riachtanais innealra na Comhairle a chomhlíonadh le linn thréimhsí buaice
- Úsáid a bhaint as saininnill ag a bhfuil tiománaithe oilte
- Úsáid a bhaint as saininnil um obair shéasúrach
- Úsáid a bhaint as fearas agus innealra le tógáil ar cíos go gearrthéarmach

Tá 12 thiománaí lánaimseartha agus 6 thiománaí séasúrach bunaithe i gClós an Aonaigh agus tá 14 thiománaí lánaimseartha agus 6 thiománaí séasúrach bunaithe i gCluain Meala. Freisin oibríonn an Clós Innealra seirbhís cothabhála geimhrídh agus flít de 11 leatóir salainn aige.

Oibríonn an Chomhairle a ceardlann innealra féin i gCluain Meala agus san Aonach chun na riachtanais chothabhála um míreanna éagsúla innealra a chomhlíonadh. Faoi láthair tá saoiiste feisteoirí agus 5 shaoiste bunaithe i gCeardlann Chluain Meala agus tá saoiiste agus beirt fheisteoirí bunaithe i gCeardlann an Aonaigh.

Beidh an cheardlann innealra freagrach as cigireacht rialta ar gach feithicil tráchtála san fhlít, as seirbhísiú trucaí, trucaí, veaineanna agus tarracóirí de réir mar a theastaíonn i gcomhréir le sonraíocht na ndéantóirí, agus as deisiú feithiclí de réir mar is gá.



Trucail Mercedes nua ag taispeáint lógó Chomhairle Chontae Thiobraid Árann, an chomhairle nuabhunaithe

COTHABHÁIL GHEIMHRIDH



Cóiríú dromchla i Kingswell i rith 2015

TÁ CEITHRE CHÉIM AR LEITHLIGH AG BAINN LEIS AN TSEIRBHÍS COTHABHÁLA GEIMHRIDH IS IAD SIN NÁ:-

- Salann a chur roimh ré ar Phríomhbhealaí Náisiúnta agus Bhealaí Náisiúnta den Dara Grád agus ar Mhórbhóithre Réigiúnacha agus bealaí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo.
- Salann agus gaineamh a chur ar Phríomhbhealaí Náisiúnta agus Bhealaí Réigiúnacha a bhfuil oighear le teacht orthu.
- Sneachta a ghlanadh ó Bhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha le céachtaí sneachta.
- Sneachta a ghlanadh ó Bhóithre Contae le Céachtaí Sneachta nó Lódairí Meicniúla.

Tugtar cóireáil réamhchúramach ar Chéim 1 agus gnách go socraítear an tráth ionas go mbeadh sé críochnaithe thart ar 2 huair an chloig sula dtosódh sioc.



TUGTAR TOSAÍOCHT DO CHOTHABHÁIL GHEIMHRIDH AR BHÓITHRE I DTIOBRAID ÁRANN MAR SEO A LEANAS:-

- **Tosaíocht 1:** Bóithre Náisiúnta agus Bóithre Réigiúnacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo
- **Tosaíocht 2:** Bóithre Réigiúnacha ar a dtaistealaíonn go leor feithiclí
- **Tosaíocht 3:** Bóithre Uirbeacha agus Bóithre Áitiúla ar bhonn tosaíochta, ionaid uirbeacha.

(I gcás aimsire crua tabharfar tosaíocht do Bhealaí Thosaíocht 1 in áit Bealaí Thosaíocht 2 ó thaobh na n-acmhainní atá ar fáil a leithdháileadh)

Bíonn an tréimhse Cothabhála Geimhrídh ar siúl ó lár Dheireadh Fómhair go lár Aibreáin gach bliain. Is í an aidhm atá i gceist ná bealaí tosaíochta a choimeád sábháilte agus chomh saor agus is féidir ó ghuaiseacha an gheimhrídh. Chuir an NRA deontas de €290,000 ar fáil um chothabháil gheimhrídh ar Bhóithre Náisiúnta. Rinne an chomhairle suim de €499,000 a leithdháileadh óna Deontas Roghnach a chuireann an Roinn Iompair ar fáil um Choathabháil Gheimhrídh ar Bhóithre Neamhnáisiúnta, agus chuir an Chomhairle €102,000 ar fáil óna cuid cistí féin um Choathabháil Gheimhrídh i dTiobraid Árann i rith 2015.

Tá uainchlár ag an gComhairle de cheathrar Innealtóirí Dualgais Iccast a bheidh freagrach as seirbhís an bhiúró aimsire a úsáid chun an réamhaisnéis a scrúdú, agus súil a choimeád ar an aimsir iarbhír atá i ndán don cheantar agus as treoracha a eisiúint a bheidh ag teastáil do chothabháil gheimhrídh riachtanach ar bhonn sainréamhaisnéisí agus eolas áitiúil.

Is é an Clós Innealra a bhainistíonn agus a oibríonn an tSeirbhís Choathabhála Gheimhrídh. Oibríonn aon chriú déag de réir chóras uainchláir ar bhonn seachtainiúil agus úsáid á baint as 6 Leatóir Salainn Uimh.6 agus 5 Leatóir Salainn Uimh.9 agus iad curtha suas ar thrucaílí de chuid na Comhairle chun salann a leagan roimh ré ar Bhealaí Thosaíocht 1 agus Thosaíocht 2 na Comhairle (thart ar 1,000 Km). I gcás go dtuairtar sioc/oighear thar oíche, tá comhaontú i bhfeidhm ag an gComhairle le Comhairlí comharsanachta ar bhonn quid pro quo um chóireálacha trasteorann ar bhealaí chun an obair a dhéanamh níos éifeachtúla.

Foilsítear sceideal iomlán agus léarscáil de na bealaí um leagan salainn roimh ré, agus comhaontuithe trasteorann, ar láithreán gréasáin na Comhairle.

Feistefar céachtaí sneachta ar na feithiclí um leathadh salann nuair a thuarfar sneachta agus cuirfear tús le céachtadh chomh luath agus a sháraíonn doimhneacht an tsneachta 30mm ar an Líonra go léir nó ar chuid de.

Chomh maith leis sin tá 21 mhionleatóir ag an gComhairle ar féidir a chur suas ar na truíclíní Ceantair i gcás go dtagann oighear ar bhóthar nó le haghaidh aimsire crua chun déileáil le ceantair áitiúla ina bhfuil fadhbanna ar nós acomhail, cnoic dhoimhne, pócaí seaca srl.

Bainistíonn an NRA soláthar náisiúnta shalann bóthair do na Bóithre Náisiúnta agus Neamhnáisiúnta agus chuir sé thart tar 4,600 tona de shalann ar fáil don Chomhairle i 2015. Freisin coimeádann sé stoc náisiúnta salainn le dáileadh ar údarais áitiúla i gcás go dtuairtar aimsir chrua, i.e. tréimhse fhada d'aimsir fhuar, nó síobadh sneachta.

Sáraíonn an acmhainn stórála clúdaithe um shalann de chuid na Comhairle 2,700 tona anois agus tá sciobóil stórála salainn suite i gCathair Dúin lascaigh (600 Tona), Cluain Meala (600 Tona) agus san Aonach (1,500 Tona).



Ualú Salainn i rith 2015

AIMSIR CHRUA/DOCHAR DE BHARR STOIRME

Cosúil le go leor contaetha eile ar fud na tíre, fuair muintir Thiobraid Árann go raibh sé an-deacair déileáil leis an aimsir chrua i rith Nollaig 2015/Eanáir 2016 nuair a tharla stoirmeacha arís is arís eile agus tuitte dá mbarr.

Bhí cur chuige ileagraíochta ag teastáil agus Comhairle Contae Thiobraid Árann ag déanamh idirchaidrimh le heagraíochtaí eile ar nós an OPW, na Gardaí, Óglaigh na hÉireann agus an FSS chun cur chuige comhordaithe i dtreo na haimsire cruha sin a chinntiú. Mar gheall ar na tuitte bhí drochbhail ar go leor bóithre. Chuir an Roinn Comhshaoil leithdháileadh de €5 milliún ar fáil chun déileáil le costas ó thaobh na mbóithre.

Táthar buíoch as comhar agus díograise na mball foirne go léir agus na ndaoine eile a chabhraigh le déileáil leis an aimsir fhíordhúshlánach sin.



Sampla de na tuitte de thoradh stoirmeacha troma a tharla ag deireadh 2015.

SOILSIÚ POIBLÍ

Tá an Chomhairle Contae freagrach as soilse poiblí (sráide) a sholáthar agus a chothabháil ar fud an Chontae. Ar an drochuair níorbh fhéidir aon soilse nua a chur ar fáil i rith 2015. Is iad na soilse breise amháin a ndéanfar cothabháil orthu na soilse eastát a thógann an Chomhairle i gcúram. Is é méid iomlán na soilse poiblí sa líonra ná thart ar 14,000.

Déantar cothabháil ar Shoilse Poiblí de réir conartha le Airtricity Utility Solutions. Is iad Energia a sholáthraíonn an chumhacht leictreach don líonra soilse.



EASTÁIT A THÓGÁIL I GCÚRAM

TÓGADH 7 N-EASTÁT SAN IOMLÁN I GCÚRAM I RITH 2015.

Eastát Ceantair Bhardsaigh	Dáta a Tógadh i gCúram
AN TAONACH Cnoc Ard, Bóthar an Phoirt Rua, Béal an Átha.	18/06/2015
AN TAONACH Cnoc na Raithní, Cuileannach, Béal an Átha.	18/06/2015
AN TAONACH Coill na Saileach, Gort Oileáin Rua, An tAonach.	18/06/2015
AN TAONACH Cois Abhann, Cuileannach, Béal an Átha.	18/06/2015
TEAMPALL MÓR-DURLAS Cúirt an Chaisleáin, Ceathrú an Chaisleáin, Buiríos Ó Luigheach.	24/06/2015
CAISEAL-TIOBRAID ÁRANN Forge Close, An Phríomhshráid, Imleach.	29/06/2015
AN TAONACH Cuileannach (Derg Hill, The Rise, Lakelands, Lakeview, Lakeview Heights, Slí Cuilleann, Slí Rohan) Béal an Átha	23/10/2015

TAISTEAL CLISTE

AN LÍONRA NÁISIÚNTA ROTHAR 2014-2015 (SÍNTE GO 2016)

Tar éis iarratais rathúil ar chistiú faoi Phacáiste Spreagtha an Rialtais um Forbairt Bonneagair, dheonaigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt €1.9m do shlí Glasbhealaigh um Shiúl nó Rothaíocht ar an gcosán 19km ó Chluain Meala go Carraig na Siúire. Críochnaíodh dearadh Sonrach agus Próiseas Pleanála Cuid 8 i 2014. Críochnaíodh tairiscint agus ceapadh Conraitheoir faoi Bhealtaine 2015. Tháinig fadhbanna éagsúla chun cinn ar an láithreán a chuir moill leis an dul chun cinn. Anois tá sé beartaithe go mbeidh an scéim críochnaithe faoi R3 2016.



(Grianghraf de chosán/rian rothar críochnaithe an Ghlasbhealaigh i dTigh an Chladaigh Cluain Meala – Droichead Sir Thomas sa chútra)

Cosúil le go leor contaetha eile ar fud na tíre, fuair muintir Thiobraid Árann go raibh sé an-deacair déileáil leis an aimsir chrua i rith Nollaig 2015/Eanáir 2016 nuair a tharla stoirmeacha arís is arís eile agus tuitte dá mbarr.



BAILTE TAISTIL GHNÍOMHAIGH 2014 - 2016

I 2014, dhámh an Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt cistiú ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann le haghaidh dhá thionscadail nua i gCluain Meala & i nDurlas faoi Scéim na mBailte Taistil Chliste 2014-2016. Rinneadh €1m a leithdháileadh ar Chluain Meala agus €510,000 ar Dhurlas chun bearta a chur i bhfeidhm a aithníodh sa Straitéis Siúil agus Rothaíochta.

Durlas: Dearadh & tógáil lánaí rothar ag (a) N62 Bóthar an Bhriotáis & (b) Cluain Gabhra - Sráid an Bhóthair. Ina dhiaidh sin laghdaigh an Chomhairle méid an chistithe faoi €78,000 toisc nár leanadh ar aghaidh le tríú bealach ar an N75 ceantar Shráid Chiceam - Sráid an Mhítséalaigh mar gheall ar shrianta le leithead & easpa leanúnachais. In am is i dtráth d'fhéadfadh go gcuirfí bealach malartach ar aghaidh sa cheantar sin faoi réir na cistí a bheith ar fáil.

Cluain Meala: Ceapadh comhairleoirí chun trí Thionscadal Lána Rothar a dhearadh in (a) An Bóthar Thiar – Baile an Gharráin R/b (b) Tobar Thaoine R/b – An Baile Gaelach & Bóthar an Chlochair (c) Bóthar Chaisil (Sráid na Banríona - Ionad Gnó Ardgaoithe Tá tógáil le bheith tosaithe i bhFeabhra 2016 agus le bheith críochnaithe faoi Mheitheamh 2016. Tá dearadh an Chosán Siúil/Rothaíochta ar Abhainn na Siúire (Droichead an Chlochair chuig an Seandroichead) ar siúl freisin.



SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE - GNÍOMHARTHA I 2015

- Glacadh páirt sna laethanta náisiúnta um moilliú de chuid an Gharda Síochána trí chomharthaí VMS a chur ar fáil cois bóthair ar fud an chontae agus an teachtaireacht "Moilligh" orthu.
- Tugadh cabhair do bhunscoileanna chun oiliúint faoi rothaíocht shábháilte a chur ar dhaltaí i gcomhpháirt leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.
- Tugadh tacaíocht **d'Fheachtas Sábháilteachta ar Bhóithre Tipp FM** arbh í an aidhm a bhí i gceist leis ná feasacht a ardú faoi na contúirtí ar ár mbóithre agus moladh do dhaoine tiomáint níos maille agus aire a thabhairt. Tríd an bhfeachtas a eagraíodh i gcomhar leis na Gardaí ó Aibreán go dtí an Aoine an 1 Bealtaine 2015 leagadh béim ar Shábháilteacht ar Bhóithre agus craoltaí lasmuigh ó Bhailte ar fud an chontae; agus agallaimh bheo gach maidin san áireamh:
- Rinneadh leideanna um thiomáint shábháilte a thairfeadh agus a craoladh i rith na seachtaine ar Tipp FM mar fhógraí eolais.
- Bhí agallaimh ar "Tipp Today" ar Tipp FM i rith na seachtaine inar tugadh sonraí ar phríséas thimpiste ghluasteáin agus a chuimsigh Paraimhíochaineoirí, na Gardaí, an tSeirbhís Dóiteáin, Comhairleoir A&E, Imscrúdaitheoir Timpistí Gluasteáin agus duine a tháinig slán ó thimpiste bóthair.
- Scaipeadh veisteanna lonracha saor in aisce ar fud an chontae



SCÉIMEANNA FOSTAÍOCHTA POBAIL CHOMHAIRLE CONTAE THIOBRAID ÁRANN

(Ceantair Bhardasacha Caiseal-Tiobraid Árann & Teampall Mór-Durlas)

I dteannta leis an Roinn Coimirce Sóisialaí oibríonn Comhairle Contae Thiobraid Árann an Tionscnamh Fostaíochta Pobail trína dtugtar faoi raon tionscadal um feabhsú timpeallachta agus oibreacha cothabháil i bpáirceanna, bailte agus reiligí. Leagtar béim ar thaithí fostaíochta agus oiliúint luachmhar a chur ar fáil do rannpháirtithe. Sealbhaíonn rannpháirtithe muinín agus féinmheas a chuireann ar a gcumas oibriú mar bhall d'fhoireann ina bpobal féin. Baineann an pobal leas as bailte glana, feabhsú conláistí agus tírdhreachadh ceantar.

BAINÉANN GACH RANPHÁIRTÍ LEAS AS OILIÚINT ÉIGEANTACH A BHAINÉANN LE POIST LENA N-ÁIRÍTEAR

- Pas Sábháilte
- Láimhsiú Sábháilte
- CSCS Sláinte & Sábháilteacht ag Oibreacha Bóthair
- Forcardaitheoir
- Oibríochtaí Dhumpaíre Láithreáin Cairéalú
- "Ceadúnas "C" Tiománaí
- Ticéad Thocaltóir 360°



SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHT


Leanann Comhairle Contae Thiobraid Árann ar aghaidh ag cur i bhfeidhm córas cuimsitheach um bainistíocht Sláinte & Sábháilteachta de réir ár Máthair-ráitis Sábháilteachta & ár gcuid oibleagáidí dlí. Coimeádtar an bhéim ar shláinte & shábháilteacht trí chruinnithe rialta agus choistí áit a bpléitear saincheisteanna mar bheartas/nósanna imeachta. Leanadh ar aghaidh ag comhchuihbhiú Ráiteas Sábháilteachta ar Bhóithre Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas i rith 2015 agus beidh an obair sin críochnaithe i 2016. Tugadh faoi Chigireachtaí Rialta Láithreáin um Iniúchadh Sábháilteachta ag an HSA i rith 2015 freisin chomh maith le taifeadh Timpistí & Eachtraí & fiosrú na mbunchúiseanna.

CÓRAS UM BAINISTÍOCHT DROMCHLA

Tá Córas um Bainistíocht Dromchla i bhfeidhm i dTiobraid Árann mar chuid de bhunachar sonraí leictreonach Náisiúnta de gach Bóthar Áitiúil agus Réigiúnach. Sna léarscáileanna a thaispeántar an gcóras sin cuirtear eolas dathchódaithe ar fáil faoi riocht dhromchla an bhóthair ar scála ó 1 go 10 do gach catagóir bóthair.

Ceadaíonn an t-eolas sin do Chomhairle Contae Thiobraid Árann na cóireálacha éagsúla a theastaíonn do na catagóirí éagsúla bóthair a chainníochtú ar bhealach eolaíoch. Léiríonn an méid seo a leanas an pointe chomh maith leis an méid cistithe a theastaíonn go mbeadh caighdeán maith ar an líonra go léir.

CATAGÓIRÍ BÓTHAIR INA BHFUL GÁ LE HATÓGÁIL



OSCAILT OIFIGIÚIL DHROICHEAD NUA LIOS MOLING

D'oscail an tAire Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil, an tUas. Alan Kelly, Droichead nua Lios Moling, thar Abhainn an Rí, ar an Luan, 30 Samhain 2015. Bhí oscailt an droichid nua fóirbhachtach don phobal áitiúil mar gur cuireadh deireadh leis sin le dhá bhliain de choir bhealaigh de 8km go 10km le haghaidh mhuintir na háite. Is nasc tábhachtach sa líonra áitiúil bóithre é Droichead Lios Moling agus é ag freastal ar phobail Mhuileann na hUamhan agus ar na sráidbhailte Glaise an Ghuail agus na Coimíní. Freisin cuireann sé nasc ar fáil leis na príomhbhailte sa cheantar, Caiseal, Tiobraid Árann, Luimneach agus Durlas.

Bhí an seandroichead, arbh struchtúr iarainn agus coincreíte ann roimh an ngorta. Dúnadh le haghaidh tráchta é i 2013 mar gheall ar imní faoi thitim fhéideartha de thoradh dochair a rinneadh ar a chuid colún lárnach. Tá na colúin sin déanta d'iarann teilgthe agus rinneadh dochair dóibh mar gheall ar chreimeadh ar an abhainn.



I láthair ag oscailt oifigiúil Dhroichead Lios Moling 30/11/15: Na Teachtaí Dála Noel Coonan agus Mattie McGrath, Cathaoirleach Chomhairle Contae Thiobraid Árann Seamus Hanifan, an tAire Alan Kelly, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Thiobraid Árann Joe MacGrath, an Cmhlr Imelda Goldsboro, Cathaoirleach CB Charraig na Siúire an Cmhlr Eddie O'Meara.

ATHBHREITHNIÚ AR THEORANNACHA LUAIS SPEISIALTA DO CHONTAE THIOBRAID ÁRANN

Cuireadh tús le hathbhreithniú ar theorannacha luais speisialta do Chontae Thiobraid Árann le linn an tríú ráithe de 2015. Tá sé sin mar chuid d'Athbhreithniú Reachtúil Náisiúnta agus meastar go mbeidh sé críochnaithe i mí Aibreáin 2017.

Rinneadh comhairliúcháin réamh-dhréachta leis an nGarda Síochána, Transport Infrastructure Ireland (TII), Comhaltaí Tofa, an Oifig um Dhearadh Bóithre, AA Ireland agus Stiúrthóirí Seirbhísí in údaráis tadhla.

Rinneadh athbhreithniú ar aighneachtaí réamh-dhréachta a fuarthas chun féachaint ar cheart iad a chuimsiú sna Dréacht-Fhodhlíthe. Meastar go gcuirfear na Dréacht-Fodhlíthe faoi bhráid an phobail um chomhchomhairle i Lúnasa/Meán Fómhair 2016.

BEARRADH FÁIL

Faoi Acht na mBóithre 1993, Alt 70 ceanglaítear ar úinéir nó áititheoir talún gach céim atá réasúnta a ghlacadh chun déanamh cinnte nach mbíonn crann, tor, fál ná fásach eile ar an talamh ina ghuais nó ina ghuais fhéideartha do dhaoine atá ag úsáid bóthar poiblí agus nach gcuireann sé isteach ar úsáid shábháilte bóthair poiblí ná cothabháil bóthair poiblí.

Áit a bhfuil crann, cor, fál nó fásach eile ina ghuais nó ina ghuais fhéideartha do dhaoine atá ag úsáid bóthar poiblí nó áit a gcuireann sé isteach ar úsáid shábháilte bóthair poiblí nó ar chothabháil bóthair poiblí, is féidir le húdarás bóithre fógra i scríbhinn a sheirbheáil ar úinéir nó áititheoir na talún.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur cion é faoin Acht um Fhiadhúlra 1976 agus faoi Rialachán na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011, fásach a scríosadh a fhásann i bhfál nó clais idir an 1 Márta agus an 31 Lúnasa gach bliain.

Sheirbheáil Comhairle Contae Thiobraid Árann 211 fógra ar úinéirí talún i rith 2015.

TEASTAIS UM BÓITHRE TEORANTA



Fuarthas 432 iarratas san iomlán ar Theastais um Bóithre Teoranta i rith 2015 agus eisíodh 388 Teastas.

CEADANNA UM UALACH NEAMHGHNÁCH



Eisíodh 239 Cead um Ualach Neamhghnách i rith 2015.



PLEANÁIL & FORBAIRT

Riarann an Rannóg Pleanála sa Chomhairle an reachtaíocht i leith Pleanála mar atá cuimsithe san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, mar atá leasaithe ag na Rialacháin éagsúla arna ndéanamh faoi.

BAINISTÍOCHT FORBARTHA


Is é atá i gceist le Bainistíocht Forbartha ná próiseáil a dhéanamh ar iarratais phleanála agus phleanála agus ar iarratais éagsúla eile, laistigh den amfhráma reachtúil agus déanamh cinnte go bhfuil rochtain ag páirtithe leasmhara ar an bhfaisnéis go léir a chuirfidh ar a gcumas forbairt bheartaithe a mheas. Is féidir féachaint ar an gclár pleanála ar www.tipperarycoco.ie Tá na figiúir d'iarratais phleanála i 2015 leagtha amach thíos.

R-PHLEANÁIL

Mar gheall ar fhorbairt leanúnach an chóras I-Plan, an Chórais Fhorfheidhmithe, agus digitíú Léarscáil an Chláir Phleanála bhí cúrsaí níos éifeachtúlaí don Rannóg agus don phobal araon. Rinneadh scanadh ar na hiarratais phleanála go léir a fuarthas i 2015 agus cuireadh ar fáil iad tríd an gcóras um fiosrú plean ar www.tipperarycoco.ie. Áit arbh chúí baineadh úsáid as Láithreán Gréasáin na Comhairle e.g. sonraí faoi fhoirmeacha iarratais, liostaí seachtainiúla, athruithe ar phleananna etc. Ina theannta sin, tá úsáid an chórais fhiosruithe ar líne don phobal i gcoitinne ag dul i méid. I mí Iúil 2015 seoladh an leathanach twitter @planningtipp.

TEACH AONAIR

126 cinneadh déanta



NIA/EIA

12 chinneadh déanta




FORBAIRT TITHÍOCHTA

5 chinneadh déanta



IARRATAIS EILE

674 cinneadh déanta



Cinní Deonaithe

Cinní Diúltaithe

Cinní dearbhaithe ag an mBord Pleanála

Cinní freaschurtha ag an mBord Pleanála

PLEANANNA FORBARTHA/PLEANANNA CEANTAIR ÁITIÚIL

PLEANANNA FORBARTHA CONTAE THIOBRAID ÁRANN THUaidH AGUS THEAS

Is é atá i bPlean Forbartha Contae ná cáipéis ina dtugtar sonraí faoi straitéis fhoriomlán na comhairle um pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe ceantair agus tá sé déanta suas de ráiteas scríofa agus de léarscáileanna in éineacht leis sin. Is féidir leis na beartais agus na cuspóirí a bheith ríthábhachtach ó thaobh ionad agus fhoirm chuí chineálacha éagsúla forbartha a shocrú toisc go bhfuil an plean forbartha ar cheann de na fachtóirí a ndéantar iarratais phleanála a mheas dá réir.



Plean Forbartha Contae Thiobraid Árann Theas 2009



Plean Forbartha Contae Thiobraid Árann Thuaidh 2010

Chun fíis agus creat pleanála straitéisí atá aonghnéitheach a chur ar fáil chun tacú le forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus pobail an chontae amach anseo, tá próiseas éagsúlaithe déanta ag an gComhairle ar an dá Phlean Forbartha Contae. In ionad na ráiteas scríofa sa dá phlean cuireadh ráiteas scríofa coitianta a chuimsíonn beartais agus cuspóirí comhsheasmhacha ar fud an chontae. Rinneadh an dá hÉagsúlú ag cruinniú na Comhairle i mí na Nollag.

Ar mhaithe le comhsheasmhacht agus éascaíocht chur i láthair, foilsíodh Pleananna Forbartha Contae Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas arís ar www.tipperarycoco.ie chun athruithe a chuimsiú a rinneadh mar thoradh ar Éagsúlú Uimhir 1 agus Éagsúlú Uimhir 2 ar an dá Phlean.

PLEANANNA FORBARTHA BAILE

I gCuid 15 tugtar tuairisc ar dhul chun cinn maidir le cuspóirí a bhaint amach faoi na Pleananna Forbartha Baile seo a leanas a cuireadh i láthair ag cruinniú Dheireadh Fómhair

- Plean Forbartha an Aonaigh agus na gCeantar Mórthimpeall 2013
- Plean Forbartha Charraig na Siúire 2013
- Plean Forbartha Chluain Meala agus na gCeantar Mórthimpeall 2013
- Plean Forbartha Bhaile Thiobraid Árann agus na gCeantar Mórthimpeall 2013

PLEAN CEANTAIR ÁITIÚIL CHATHAIR DÚIN IASCAIGH 2011

I gcomhréir le hAlt 19(1)(f) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (mar atá leasaithe), rinne Comhairle Contae Thiobraid Árann rún ag a gcruinniú i nDeireadh Fómhair chun saol Phlean Ceantair Áitiúil Chathair Dúin Iascaigh a shíneadh ar feadh tréimhse nach sáróidh 5 bliana.

ÉAGSÚLÚ BEARTAITHE (UIMH. 3) AR PHLEANANNA FORBARTHA CONTAE THIOBRAID ÁRANN THUaidH & THEAS: AN STRAITÉIS UM FUINNEAMH INATHNUAITE

Tá Straitéis um Fuinneamh Inathnuaite á hullmhú ag Comhairle Contae Thiobraid Árann arb é atá inti ná Straitéis um Chontae Thiobraid Árann chun leas a bhaint as acmhainn fuinnimh inathnuaite an chontae agus timpeallacht chultúrtha, nádúrtha agus thógtha an chontae á caomhnú ag an am céanna. Ag an gCruinniú Míósúil i mBealtaine 2015 sonraíodh an Páipéar Saincheisteanna agus aontaíodh tús a chur leis an bpróiseas comhchomhairle poiblí a tharla ón 13 Bealtaine go dtí an 15 Meitheamh 2015. Tugadh cur i láthair ar an Straitéis um Fuinneamh Inathnuaite ag cruinniú den CBS ar Phleanáil & Seirbhísí Éigeandála ar an 27 Bealtaine 2015.

Tá an Dréachtstraitéis um Fuinneamh Inathnuaite, an Straitéis Fuinnimh Ghaoithe agus an Measúnú ar Thréithe an Tírdhreacha á n-ullmhú faoi láthair. Cuirfean an Dréachtstraitéis i láthair do na comhaltaí ag tús 2016.



Grianghraf le Ann Kelly

Tá Straitéis um Fuinneamh Inathnuaite á hullmhú ag Comhairle Contae Thiobraid Árann arb é atá inti ná Straitéis um Chontae Thiobraid Árann chun leas a bhaint as acmhainn fuinnimh inathnuaite an chontae agus timpeallacht chultúrtha, nádúrtha agus thógtha an chontae á caomhnú ag an am céanna.

SCÉIMEANNA UM FEABHSÚ BAILTE / MÁISTIRPHLEANANNA



DÚN CHICEAM



Tá Dún Chiceam, ar tugadh Dún Chluain Meala air roimhe sin, díreach i lár Chluain Meala agus bunaíodh ar an láithreán reatha é go deireanach san 18ú haois. Anois tá Comhairle Contae Thiobraid Árann ag comhordú fhorbairt an Dúin, agus is í an chéad scéim den obair sin ná máistirphlean sonrach a dhéanamh chun bheith mar bhonn eolais d'fhorbairt an láithreáin agus chun í a rialú. Tá Máistirphlean Dhún Chiceam tugtha chun críche agus thacaigh na Comhaltaí Tofa leis i mí Aibreáin 2015.

Cuid 8: Freisin thug an Chomhairle cead pleanála i nDeireadh Fómhair 2015 um forbairt Áite Cathrach nua agus Oibreacha Réimse Poiblí mar chuid de chéim 1 de mháistirphlean Dhún Chiceam.

AN PLEAN UM FEABHSÚ ROS CRÉ

Lean an Rannóg Pleanála ar aghaidh ag obair leis an gCoiste um Plean Feabhsaithe do Lár Baile Ros Cré chun cur i gcrích tionscadal tosaíochta a éascú a dhírigh ar Shráid an Chaisleáin / an Phríomhshráid Ros Cré agus Glasbhealach Bhiorra-Ros Cré. Reáchtáladh na Dámhachtainí Feabhsaithe i mí na Nollag 2015.

SCÉIMEANNA PÉINTEÁLA

ULLmhaíodh Scéimeanna Péinteála do na Ceantair Bhardasacha chun cabhair a thabhairt i bhfoirm deontais le feabhsú chuma foirgneamh agus sráid-dreach in ionaid lár baile i gCathair Dúin lascaigh, Carraig na Siúire, Caiseal, Cluain Meala, an tAonach, Teampall Mór, Durlas agus Ros Cré. Freisin ullmhaíodh scéim chuimhneacháin do Chloich Shiurdáin.



CAOMHNÚ

CISTE DON OIHDREACTH THÓGTA - DO STRUCHTÚIR I MBAOL

Sheol an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an scéim deontas sin i Mí na Nollag, 2014 chun deisiú agus caomhnú struchtúr cosanta a éascú. Leithdháileadh cistiú de €30,000 ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann le haghaidh dhá thionscadail Eaglais Mhaigh Dheisil, Maigh Deisil, Muileann na hUamhan, agus Mountain Lodge, Coillte Ghleann Garaidh.



CLÁR NA MBALLAÍ BAILE

Lean an Chomhairle ar aghaidh ag glacadh páirte i Líonra Bhallaí Baile na hÉireann (Irish Town Wall Network/IWTN) a fhéachann chuig comhordú a dhéanamh ar iarrachtaí straitéiseacha údarás áitiúil atá i mbun bailte múrtha stairiúla a bhainistiú, a chaomhnú agus feabhsú.

Thug an Chomhairle faoi na tionscadail seo a leanas i 2015:

- **Carraig na Siúire:** Fuarthas deontas ar luach €30,000 ón gComhairle Oidhreacha agus leithdháileadh na cistí chun an chuid den bhalla atá ina sheasamh a chaomhnú sa chúinne thoir thuaidh den bhalla múrtha agus an bartasán sa chúinne chomh maith.
- **Caiseal:** Fuarthas deontas de €10,000 ón gComhairle Oidhreachta chun Cuid A de Bhalla na Cathrach a chaomhnú agus a dhaingniú.



Oibreacha ar siúl i gCaiseal

- **Fiodh Ard:** Scrúdú agus suirbhé a dhéanamh ar chuid de Bhalla Baile Fhiodh Aird agus tuarascáil measúnaithe faoin riocht a chur le chéile. Ráiteas faoin modh caomhnaithe a chur ar fáil ina leagtar amach tograí a theastaíonn chun an balla a dhaingniú agus a dheisiú. Mhaoinigh an Chomhairle na hoibreacha sin go hiomlán.

AN SCÉIM RANNÍOCAÍOCHTAÍ FORBARTHA

Cuireadh tús leis an athbheithniú ar ba Scéimeanna Ranníocaíochtaí Forbartha de chuid Údarás Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas i Meán Fómhair, 2014 agus cuireadh an Dréachtscéim Ranníocaíochtaí Forbartha ar taispeánt don phobal i nDeireadh Fómhair, 2014. Glacadh leis an Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha 2015-2019 ar an 12 Eanáir 2015 agus baineann sí le ceantar riaracháin Chomhairle Contae Thiobraid Árann; rachaidh an scéim in ionad na scéim a bhí ann a bhain leis na naoi n-iarúdarás pleanála i dThiobraid Árann. Beidh an Scéim i bhfeidhm ón 1 Márta 2015 go dtí an 31 Nollaig 2019 ach amháin má dhéantar leasú nó athbheithniú air nó má chuirtear plean nua ina ionad.

FORFHEIDHMIÚ

Baineann an chuid fhorfheidhmithe den Rannóg le comhlíonadh coinníollacha maidir le ceadanna deonaithe, bailiú ranníocaíochtaí forbartha agus fiosrú tuairiscí a fhaightear ón bpobal agus/nó ó oifigigh chomhairle faoi fhorbairt neamhúdaraithe fhéideartha.

De réir Alt 154 (14) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, seo a leanas na staitisticí ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2015:

Gearáin Faighte:	187
Gearáin Fiosraithe:	145
Gearáin Díbhithe	100
Litreacha Rabhaidh Eisithe:	169
Fógraí Forfheidhmithe Eisithe:	47
Ionchúisimh Tionscnaithe:	2
Cásanna Dúnta:	191



Grianghraf le John O'Loughlin

AN CBS AR PHLEANÁIL & SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA

Seo a leanas comhaltaí an CBS ar Phleanáil & Seirbhísí Éigeandála:

Earnáil	Ainm
8 Comhairleoirí	Cathaoirleach - Denis Leahy Micheál Anglim John Carroll Joe Bourke Gerard Darcy Michael O'Meara David Dunne Martin Browne
1 Talmhaíocht & Feirmeoireacht	Matthew Mounsey
1 Tógáil Forbartha	Tom Gallahue
2 LRP	Seamus Coffey Lyn Mather

Reáchtáil an CBS ar Phleanáil & Sheirbhísí Éigeandála cruinnithe ar an 31 Márta, 27 Bealtaine agus an 2 Nollaig 2015.



Grianghraf le John O'Loughlin



Grianghraf le Neil Jackman



TURASÓIREACHT

CUIDEACHTA TURASÓIREACHTA THIOBRAID ÁRANN



Bhí a céad chruinniú ag Cuideachta Turasóireachta Thiobraid Árann i bhFeabhra 2015. Tá an Bord déanta suas de 17 nDeontóir a rinne ionadaíocht ar pháirtithe leasmhara agus sholáthraithe turasóireachta ar fud an Chontae.

BHÍ BLIAIN GHNÓTHACH AG TURASÓIREACHT THIOBRAID ÁRANN AGUS MARGAÍOCHT Á DÉANAMH AR THIOBRAID ÁRANN MAR CHEANN SCRÍBE TURASÓIREACHTA A CHUIMSIGH NA GNÍOMHARTHA SEO A LEANAS:

- Forbairt Eolaí Saoire Thiobraid Árann 2016
- Freastal ar roinnt Seónna Tomhaltóra in Éirinn agus sa RA
- Láithreachas Ceann Scríbe Thiobraid Árann a fhorbairt ar líne, go háirithe maidir leis na meáin sóisialta.
- Nuachtlitir mhíosúil a chruthú do sholáthraithe turasóireachta agus do chuairoteoirí.
- Comhoibriú leis an Oifig Fiontar Áitiúil chun sainchúrsaí oiliúna a chur ar fáil do sholáthraithe turasóireachta.
- Oibriú le Comhairle Contae Thiobraid Árann chun Straitéis Turasóireachta Contae Uile a fhorbairt a bheidh críochnaithe faoin 2ú ráithe de 2016.

Tipperary
Experience Character Adventure

LÁITHREÁN GRÉASÁIN TURASÓIREACHTA NUA DON CHONTAE UILE WWW.TIPPERARY.COM

Sheol Alan Kelly TD, an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil láithreán gréasáin turasóireachta nua www.tipperary.com ag Seimineár Turasóireachta Thiobraid Árann i Samhain 2015. Is tionscadal comhoibritheach é an láithreán gréasáin idir Rannóg TF na Comhairle agus an tAonad Turasóireachta. Sa láithreán gréasáin nua cuirtear síos ar an raidhse d'eispéiris údaracha atá ar fáil ar fud an Chontae. Freisin bhunaigh Turasóireacht Thiobraid Árann cuntais meán sóisialta ar Facebook, Twitter agus Pinterest.



Fionn Davenport, Iriseoir Taistil a bhfuil duaiseanna buaite aige leis an Aire Alan Kelly ag seoladh www.tipperary.com.



SEIMINEÁIR DO SHOLÁTHRAITHE TURASÓIREACHTA I DTIOBRAID ÁRANN



Una Ryan, Cuideachta Turasóireachta Thiobraid Árann, Ruairi Deane, Fáilte Éireann, Jane Ryan, Cuideachta Turasóireachta Thiobraid Árann, James Chiltern, Comhairleoir Turasóireachta agus Caithimh Aimsire agus Joe MacGrath, CE

- Mar chuid den tSeachtain Fiontraíochta 2015, d'eagair Oifig Fiontair Áitiúil Thiobraid Árann seimineár dar teideal 'The Value of Tourism and the Opportunities to be Exploited' a reáchtaladh in Óstán Cahir House i mBealtaine 2015. D'fhreastail slua mór soláthraithe turasóireachta ar an imeacht agus labhair raon leathan cainteoirí aige. Ba dheis den scoth é an imeacht do Chuideachta Turasóireachta Thiobraid Árann aird sholáthraithe turasóireachta a tharraingt ar bhunú agus ról na Cuideachta.
- D'eagair Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Cuideachta Turasóireachta Thiobraid Árann seimineár turasóireachta i mí na Samhna do ghnó na turasóireachta i dThiobraid Árann. Tháinig céad is fiche ionadaí as gach cearn den Chontae le chéile chun fáil amach faoi na forbairtí is deireanaí sa turasóireacht ar bhonn contae agus réigiúnach. Labhair Fionn Davenport, Scríbhneoir Taistil don Lonely Planet agus Irish Times ag an seimineár chomh maith le Ruairí Deane, Bainisteoir Cláir, Fáilte Éireann, a phléigh branda nua Oirthear Ársa na hÉireann.



Joe MacGrath, CE, an Cmhlr Seamus Hannafin, Cathaoirleach, Fionn Davenport, Irish Times & Lonely Planet, an tAire Alan Kelly, Luke Murtagh, Cathaoirleach, Cuideachta Turasóireachta Thiobraid Árann, Ruairi Deane, Fáilte Éireann agus Marie Phelan, Oifigeach Forbartha Turasóireachta ag Seimineár Turasóireachta Thiobraid Árann i Brú Ború i Samhain 2015

AN TIONSCNAMH DIASPÓRA UM THURASÓIREACHT POBAIL

Ba é a bhí sa Tionscnamh Diaspóra um Thurasóireacht Pobail 2015 ná comhpháirtíocht trí bhealaigh idir Fáilte Éireann, IPB Insurance agus Comhairle Contae Thiobraid Árann. Bunaíodh an tionscnamh tar éis rath Thóstal Éireann 2013 maidir le pobail a chur i ngníomh agus chun leas a bhaint as naisc leis an diaspóra ar mhaithe le turasóireacht áitiúil.


Ba iad cuspóirí an tionscnaimh ná:

- Tacaíocht a chur ar fáil i bhfoirm dhreasachtaí cistithe d'imeachtaí turasóireachta bunaithe sa phobal a fhéadann cloí le spiorad an Tóstail i 2015 agus ina dhiaidh;
- Líonra náisiúnta a chruthú d'imeachtaí áitiúla a fhéadann doimhniú a dhéanamh ar naisc agus líonraí diaspóra a forbraíodh nó a cuireadh i ngníomh arís le linn Thóstal Éireann agus na mbliana ina dhiaidh;
- Fás líonraí láidir diaspóra contae a chothú ar an mbonn go mbíonn caidrimh diaspóra bunaithe ar 'mhuintir agus áit'.

Tugadh tacaíocht d'fhiche-thrí himeacht ar fud an Chontae tríd an Tionscadal Diaspóra um Thurasóireacht Pobail.



SCÉIM DÍLSEACHTA CHAISIL



Seoladh Scéim Dílseachta Chaisil ar an 6 Márta. Is comhpháirtíocht í sin idir an OPW, Comhlachas Tráchtála Chaisil agus Iontaobhas Forbartha agus Oidhreacht Chaisil arna héascú ag Comhairle Contae Thiobraid Árann trína bhfaighidh cuairteoirí ar Chaiseal pas teaghlaigh saor in aisce do Charraig Chaisil nuair a chaitfidh siad €15 i ngnó rannpháirteach. Is í an chéad scéim dá leithéad in Éirinn.

GLEANNTA MUMHAN

Is é atá i 'Gleannta Mumhan' ná mórthionscnamh nua turasóireachta faoi cheannas Chomhairle Contae Thiobraid Árann, a fhaigheann tacaíocht ó Chomhairle Contae Phort Láirge, Comhairle Contae Chorcaí, Cuideachta Forbartha Thiobraid Árann Theas, Forbairt Bhealach Eabhra, Fáilte Éireann agus pobail sna Gaibhlté, i gCnoc Maoldomhnaigh, Sléibhte an Chomaraigh agus i mBealach Eabhra. Leanadh ar aghaidh ag forbairt Ghleannta Mumhan i 2015, agus ba í an imeacht ba mhó ná athrú ainm na háite ó Bheanna Mumhan go Gleannta Mumhan i mí Aibreáin. Cuireadh tús le hobair freisin ar lógó "aithin" a fhorbairt don cheantar, agus ar bhearta margaiochta a fhorbairt dó. Meastar go mbeidh siad sin críochnaithe ag tús 2016.



Grianghraf le Gerard Sheehy

SLÍ AN BHUITLÉARAIGH



Comhartha nua do Shlí an Bhuitléaraigh i bPáirc Seán Healy, Carraig na Siúire

Ag tús 2015 cuireadh suas comharthaí nua slí do bhailte aonair i gCarraig na Siúire, i gCluain Meala agus i gCathair Dúin Iascaigh. Ba í Cuideachta Turasóireachta Thiobraid Árann Theas a bhí i gceannas ar an tionscadal agus tacaíocht acu ó Chomhairle Contae Thiobraid Árann agus Cuideachta Forbartha Thiobraid Árann. Is í Comhairle Contae Thiobraid Árann agus tacaíocht acu ó Chuideachta Turasóireachta Thiobraid Árann atá freagrach as forbairt bhreise na slí.



Marie Phelan Oifigeach Forbartha Turasóireachta, David Butler, Cumann an Bhuitléaraigh agus Clare Lee, Pleanálaí Feidhmíocháin

I mí Lúnasa chuir Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Turasóireacht Thiobraid Árann fáilte roimh Chumann an Bhuitléaraigh chuig Cluain Meala. Tarlaíonn Cruinniú na mBuitléarach gach trí bliana agus is imeacht é do Dhiaspóra an Bhuitléaraigh ar fud an domhain. Is gnách go mbíonn an imeacht ar siúl i gCill Chainnigh ach i mbliana chaith lucht Chruinniú na mBuitléarach aon lá amháin ag fiosrú a gcuid fréamhacha i gContae Thiobraid Árann. D'fhreastail os cionn 80 baill den Chumann ar an imeacht áit ar chuala siad faoi Oidhreacht Buitléarach Thiobraid Árann, forbairt Slí an Bhuitléaraigh agus Líonra na mBailte Múrtha.



I mí Aibreáin, sheol Fáilte Éireann Oirthear Ársa na hÉireann – tionscnamh ina bhféachtar chuig forbairt a dhéanamh ar an raidhse sócmhainní staire agus cultúir in oirthear na hÉireann (tá iomlán Contae Thiobraid Árann san áireamh). Rud a bheidh ina fhachtóir lárnach i rath an tionscnaimh sin ná an chaoi a dtabharfaidh daoine áitiúla, pobail agus páirtithe leasmhara sa turasóireacht léargas ar an stair áitiúil, agus iad ag cur scéalta agus táirgí ar fáil a phléifidh le príomhthéamaí Oirthear Ársa na hÉireann. Ag tús mhí Iúil, rith Fáilte Éireann scéim deontas caipitiúil dar teideal 'New Ideas in Ancient Spaces'. D'éirigh le Comhairle Contae Thiobraid Árann lena hiarratas ar chistiú um fhorbairt bhreise Shlí an Bhuitléaraigh idir Carraig na Siúire, Cluain Meala agus Cathair Dúin Iascaigh. Bainfear úsáid as an gcistiú sin de €109,000 chun comharthaí mótarbhealaigh, geatabhealaigh agus comharthaí teorach um páirceáil a chur suas agus chun Feidhmchlár agus Eolaithe Fuaime a fhorbairt. D'éirigh le tionscadal Tholsol i bhFíodh Ard cistiú de €198,000 a bhaint chun ionad cuairteoirí a fhorbairt.



GRÚPA MARGAÍOCHTA LOCH DEIRGEIRT



Tá Grúpa Margaíochta Loch Deirgeirt déanta suas de ghníomhaireachtaí lárnacha atá i mbun na turasóireachta mar Fháilte Éireann, Uiscebhealaí Éireann, Iascach Intíre Éireann, Comhairlí Contae an Chláir, na Gaillimhe & Thiobraid Árann, ionadaithe LEADER agus turasóireachta ón earnáil phríobháideach. Is iad cuspóirí Ghrúpa Margaíochta Loch Deirgeirt ná:

- Díriú ar bhealach comhtháite ar Abhantrach Loch Deirgeirt a mhargú;
- Straitéis mhargaíochta chomhtháite a chur i bhfeidhm ag an am céanna leis an gclár um infheistíocht chaipitiúil atá beartaithe;
- Branda Loch Deirgeirt a bhunú ar fud na tíre agus an domhain.

Ó seoladh an "Roadmap for Experience Development and Destination Marketing 2014-2017" i bhFeabhra 2014, tá cuid mhór gníomhaíochta tarlaithe ó thaobh Loch Deirgeirt a mhargú agus a chur chun cinn lena n-áirítear:

- Rinneadh pacáiste spreagtha €2mhilliúin do Loch Deirgeirt a infheistiú i gcuspóirí an Treochláir a chur chun cinn. Tugadh tacaíocht do 14 tionscadal agus críochnaíodh na cinn seo a leanas i gContae Thiobraid Árann i 2015;
 - › Tonn Toinne - feabhas ar an mbealach isteach agus ar bhealach Loch Deirgeirt, painéal eolais nua & bord picnic
 - › Ceantar Áiseanna Chaisleán an Locha - ceantar nua Ilúsáide um Chluichí (CIÚC), troscán lasmuigh, síolú féir agus áiseanna páirceála.
 - › Ceantar Áiseanna Cois Locha Dhrom Inbhir - athdhromchlú ar áiteanna páirceála
 - › Ceantar Áiseanna Cois Locha Bhéal an Átha - athdhromchlú ar áiteanna páirceála
 - › Straitéis Comharthaí – Comharthaí do locha Loch Deirgeirt i mbailte agus i sráidbhailte



Painéal Eolais ar Bhealach Loch Deirgeirt

- Baineadh amach gníomhaíocht mhargaíochta & fógraíochta ar líne tríd an láithreán gréasáin www.discoverloughderg.ie, Twitter, Facebook agus Pinterest.
- Le fógraí raidió ar 2FM, foilseacháin fhógraíochta, agus fógraí i rith 2015 méadaíodh feasacht faoi cheantar locha Loch Deirgeirt.
- Eagraíodh ceardlann ar na meáin sóisialta agus ceardlann Scéal an Bhia do ghnó na turasóireachta i 2015.
- Reáchtáladh 'A Taste of Lough Derg' idir Meitheamh agus Meán Fómhair i gcomhar leis na táirgeoirí bia agus na soláthraithe bia timpeall Loch Deirgeirt. Reáchtáladh 26 himeacht san iomlán a chuir chun cinn taithí bia agus cuairteora Loch Deirgeirt.

STRAITÉIS TURASÓIREACHTA NUA DO THIOBRAID ÁRANN

Chuir Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Cuideachta Turasóireachta Thiobraid Árann tús le Plean Straitéiseach um Mhargaíocht agus Thaithí na Turasóireachta agus Forbairt Ceann Scribe do Chontae Thiobraid Árann i 2015. Tá an Plean ceaptha le bheith ina straitéis phraiticiúil a bheidh dírithe ar ghníomhaíocht agus thomhaltóirí a ligfidh do sholáthraithe, pháirtithe leasmhara agus gníomhaireachtaí atá i mbun na turasóireachta sa Chontae an oiread deiseanna agus is féidir a chruthú chun cuairteoirí a tharraingt chuig Thiobraid Árann. Meastar go mbeidh an plean críochnaithe faoi Mhárta 2016.

3

CÁILÍOCHT BHEATHA

- TITHÍOCHT
- CUIMSIÚ SÓISIALTA & FORBAIRT POBAIL
- SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE
- NA HEALAÍONA
- OIFIG OIDHREACHTA THIOBRAID ÁRANN
- MÚSAEM THIOBRAID ÁRANN
- COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT THIOBRAID ÁRANN



TITHÍOCHT

AN COISTE BEARTAIS STRAITÉISIGH AR THITHÍOCHT

BALLRAÍOCHT

COMHAIRLE CONTAE THIOBRAID ÁRANN:

- An Cmlr Seamus Morris, Cathaoirleach,
- An Cmlr Pat English, an Cmlr Imelda Goldsboro,
- An Cmlr Mary Hanna Hourigan,
- An Cmlr Martin Lonergan,
- An Cmlr Michéal Lowry,
- An Cmlr Louise McLoughlin,
- An Cmlr Marie Murphy Marie Murphy,
- An Cmlr Jim Ryan.

IONADAITHE SEACHTRACHA:

- **An tUas. Liam Hayes** -
An Líonra Rannpháirtíochta Poiblí,
- **An tUas. Terry O' Connor** -
An Líonra Rannpháirtíochta Poiblí,
- **Ms Trisha Purcell** -
An Líonra Rannpháirtíochta Poiblí,
- **An tUas. John O Shaughnessy** -
Forbairt & Tógáil.

Is é ról an Choiste Beartais Straitéisigh sin ná cabhrú leis an gComhairle Beartais Tithíochta agus Sóisialta a cheapadh. Tá sé déanta suas de bhaill den Chomhairle Contae agus d'ionadaithe ón bhFóram Pobail agus Deonach, ón gCeardchumann agus ó eárnálacha gnó.

Bunaíodh an Coiste Beartais Straitéisigh nua um Thithíocht agus Beartas Sóisialta tar éis chumasc na Comhairle.

RINNEADH MACHNAMH AGUS PLÉ AR NA MÍREANNA SEO A LEANAS:

- An Straitéis Tithíochta Sóisialta
- An Scéim um Leithdháileadh Tithíochta
- An Beartas ar Chead um Dhíol
- Beartas ar Ainmniú Eastát
- Beartas ar iompraíocht fhrithshóisialta
- An Scéim um Dheontais um Oiriúnú Tithe
- An Clár um Infheistíocht i dTithíocht Shóisialta
- Easpa Dídine
- Cóiríocht don Lucht Taistil
- Lámhleabhar do Thionóntaí
- Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí
- An Scéim um Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta



ANAILÍS AR RIACHTANAIS TITHÍOCHTA

Is é an riachtanas tithíochta sóisialta do Chomhairle Contae Thiobraid Árann ag deireadh 2015 ná 3040.

LEITHDHÁILTÍ TITHÍOCHTA 2015



Leithdháileadh tithíochta ar 391 iarratasóir i 2015



Dhiúltaigh 45 dhuine do thairiscintí tithíochta Údaráis Áitiúil i 2015

AN TIONSCNAMH UM LÉASÚ TITHÍOCHTA SÓISIALTA (TLS) / AN SCÉIM UM CHÓIRÍOCHT AR CÍOS (SCC)

Faoi na Scéimeanna thuas, leithdháil an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil cistiú d'údaráis áitiúla chun aonaid réadmhaoine príobháideacha a léasú ó thiarnaí talún príobháideacha. Leis na scéimeanna ligtear don Chomhairle cóiríocht deachaighdeáin a léasú san earnáil cíosa phríobháidigh ar chonarthaí meántéarmacha go fadtéarmacha. Úsáidtear na haonaid réadmhaoine sin chun cóiríocht a chur ar fáil d'iarratasóirí ar thithíocht shóisialta, nach bhfuil in ann faoi láthair cóiríocht oiriúnach a chur ar fáil óna gcuid acmhainní féin.

Ó cuireadh tús leis na scéimeanna, aimsíodh os cionn 1550 aonaid réadmhaoine ar bhonn an chontae uile.

Dul chun cinn i 2015: Conarthaí Faighte



108
SCC



59
LÉASÚ

EASPA DÍDINE 2015

I gcomhréir leis an gcur chuige réigiúnach a theastaíonn ón Rialtas chun dul i ngleic le heaspa dídine, ghlac an Chomhairle le Plean Gníomhaíochta an Oirdheiscirt um Easpa Dídine 2013-2016 i mí Aibreáin 2013.

Sa phlean leagtar amach na struchtúir, na prionsabail agus na gníomhartha a theastaíonn chun easpa dídine fhadtéarmach sa réigiún a chosc agus a dhíbirt. Sa phlean sin déantar foráil do tháscarí seirbhíse feidhmíochta den chéad uair i réimse an easpa dídine. Freisin déantar foráil ann do chur chuige níos comhordaithe i dtreo shocruithe cistithe do sheirbhísí easpa dídine sa réigiún, agus Comhairle Cathrach Phort Láirge ainmnithe mar an údarás ceannasach maidir le cistiú d'easpa dídine.

Tá na Foirne Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean (FGDGD) ag croilár sholáthar sheirbhísí do dhaoine gan dídean. Tá na Foirne Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean bunaithe i ngach ceantar údaráis áitiúil sa réigiún agus chabhraigh siad le cur chuige caighdeánaithe a bhaint amach i dtreo cúraim agus bhainistíocht cáis i dtaobh na gcoliant sin a thagann os comhair an údaráis agus iad gan dídean. Is cur chuige ildhisciplíneach é an FGDGD a thagann le chéile le hionadaithe ó na soláthraithe seirbhíse éagsúla do dhaoine gan dídean, mar an Údarás Áitiúil, FSS, Seirbhísí Meabhairshláinte, Brú na mBan Cuan Saor, Brú Novas, An Roinn Coimírce Sóisialaí agus Clann Shíomóin an Oirdheiscirt.


TACAÍ DO DHAOINE GAN DÍDEAN I DTIOBRAID ÁRANN

- An Fhoireann Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean (FGDGD)
- Seirbhís um Choimeád Tionóntachta (SE SIMON)
- Foireann Athlonnaithe

Déileálann na tacaí tithíochta sin le fadhb an easpa dídine agus le cosc na faidhbe. Is féidir B&B sealadach a chur ar fáil i gcás éigeandála, ar feitheamh aimsiú lóistín phríobháidigh ar cíos/tithíochta sóisialta. Bunaíodh prótacail idir-chontae maidir le rochtain ar bhrúnna réigiúnacha do dhaoine a thagann i láthair agus iad gan dídean i dTiobraid Árann. Tá ról lárnach ag Seirbhísí um Choimeád Tionóntachta fós maidir le dul le ngleic le fadhb an easpa dídine sa chontae agus faoi láthair, is é líon na ndaoine a fhaigheann an tseirbhís ná 22.



Tháinig 468 os comhair an Údaráis agus Easpa Dídine acu i 2015



Freastalaíodh ar na daoine sin go léir trí mheán chóiríocht B&B, cóiríocht Brú, cóiríocht Phríobháideach ar Cíos nó Tithíocht Údaráis Áitiúil/Dheonach.

CÍOSA TITHÍOCHTA



6,153

Cuntas Cíosa ar an 31/12/2015




€38.44

Meánchíos le haghaidh 2015



121

Líon iomlán na dtithe foilmhe ar an 31/12/2015



- Tithe Foilmhe ina raibh Míonobreacha ag Teastáil
- Tithe Foilmhe ina raibh Móroibreacha ag Teastáil
- Tithe Foilmhe ar fáil le ligean ar cíos



AN CLÁR UM INFHEISTÍOCHT I DTITHÍOCHT SHÓISIALTA - (SHIP)

Fuair Tiobraid Árann leithdháileadh de €6,312,846 le haghaidh 2015, le haghaidh phríomhchlár an údaráis áitiúil um thithíocht shóisialta, an clár um oibreacha feabhsaithe tithíochta (éifeachtúlacht fuinnimh, DPGanna, méaduithe, úsáid tháirgiúil a bhaint as aonaid fhoilmhe arís), cóiríocht don lucht taistil agus réamh-mheastacháin chaiteachais ar bhonn gealltanais aitheanta do thithíocht dheonach agus chomhoibritheach arna gcistiú faoin Scéim Cúnaimh Caipitil [CAS] agus faomhadh €8.57m don chlár um thógáil tithíochta.

I dteannta leis sin, cuireadh €7,627,700 ar fáil d'fháil tithe.



Teacht i mBaile an Gharraí Íochtair



Teacht i bhFaichín

AN SCÉIM UM DHEONTAIS UM OIRIÚNÚ TITHE

Clúdaíonn na Scéimeanna um Dheontais um Oiriúnú Tithe trí scéim deontais arna n-oibriú ag an gComhairle. Leis an Deontas um Oiriúnú Tithe do Dhaoine faoi Mhíchumas déantar soláthar do sholáthar/oiriúnú cóiríochta chun freastal ar riachtanais daoine faoi mhíchumas; cuimsíonn na hoibreacha rampaí rochtana, ardaitheoirí staighre, folcadáin ar leibhéal cothrom, méaduithe, etc. Is é atá i Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluasteachta ná scéim mhear chun déileáil le fadhbanna soghluaisteachta; cuimsíonn na hoibreacha folcadáin ar leibhéal cothrom, rampaí, greimráillí agus ardaitheoirí staighre. Cabhraíonn an Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta le daoine scothaosta deisiúcháin agus feabhsúcháin riachtanacha a dhéanamh ina dteach.

Riartar an Scéim de réir an Scéim Riachtanas Tosaíochta ar ghlac an Chomhairle léi ar an 7 Feabhra 2011. Glacadh leis an scéim sin chun déanamh cinnte go ndírítear acmhainní airgeadais teoranta ar na cásanna is práinní.

Ba é an leithdháileadh caipitil iomlán, ar tugadh fógra don Chomhairle seo faoi i 2015, um iocaíocht na nDeontas um Oiriúnú Tithe do Dhaoine Scothaosta agus do Dhaoine faoi Mhíchumas, le haghaidh tithe cónaithe príobháideacha, ná €2,559,557 a raibh €512,105 le cur ar fáil ó acmhainní féin na Comhairle. Tá a leithdháileadh iomlán tarraingthe aníos ag an gComhairle i 2015. Críochnaíodh 336 tionscadal san iomlán.



Glacadh leis an scéim sin chun déanamh cinnte go ndírítear acmhainní airgeadais teoranta ar na cásanna is práinní.

CÓIRÍOCHT DON LUCHT TAISTIL

1. AN COMHCHLÁR CÓIRÍOCHTA DON LUCHT TAISTIL 2014-2018

Ghlac Comhaltaí na Comhairle leis an gComhchlár Cóiríochta don Lucht Taistil 2014-2018 i dtaobh Chomhairle Contae Thiobraid Árann i mí Eanáir 2014. Is é an sprioc i gcaitheamh an tréimhse cúig bliana ná 71 aonad.

Bliain	Tithíocht Chaighdeánach	Tithíocht Grúpa	Cónaitheach Láithreáin Stad	Tithíocht aonuaire	Iomlán
2014	11	1	1	2	15
2015	9	1	0	2	12
2016	10	7	0	2	19
2017	10	0	1	2	13
2018	8	1	1	2	12
Iomlán	48	10	3	10	71

2. TUARASCÁIL DUL CHUN CINN 2015

Cuireadh an chóiríocht seo a leanas ar fáil go dtí seo:

Cineál Scéime	Sprioc	Aschur suas go dtí seo
Tithíocht Chaighdeánach	9	5
Tithíocht Grúpa	1	1
Láithreáin Stad Cónaitheacha	0	3
Teach Tuaithe Aonair	2	1
Iomlán	12	10

3. GINEARÁLTA

Mar gheall ar an laghdú ar chistiú um Chóiríocht Shonrach don Lucht Taistil tá Comhairle Contae Thiobraid Árann ag baint úsáide as na Roghanna éagsúla Tithíochta Sóisialta atá ar fáil chun cóiríocht a chur ar fáil, lena n-áirítear Tithíocht faoi úinéireacht na Comhairle, an Scéim um Chóiríocht ar Cíos agus Léasú Sóisialta.

4. AN COMHAIREAMH BLIANTÚIL AR THEAGHLAIGH ÓN LUCHT TAISTIL AGUS A GCÓIRÍOCHT

Thug an Chomhairle faoina gComhaireamh Bliantúil ar Theaghlaigh ón Lucht Taistil agus a gCóiríocht, mar a éilítear faoin Acht Tithíochta (Cóiríocht don Lucht Taistil) 1998, ar an 30 Samhain 2015. Ba é líon iomlán na dteaghlach ná 410.

5. AN COISTE COMHAIRLEACH AR CHÓIRÍOCHT DON LUCHT TAISTIL

Bíonn cruinnithe ag an gCoiste Comhairleach ar Chóiríocht don Lucht Taistil gach ráithe nó de réir mar a mheasann a chuid ball a bheith riachtanach. Cuimsíonn na baill ionadaithe ó phobal an Lucht Taistil, comhaltaí tofa, oifigigh Chomhairle agus ionadaithe ó ghníomhaireachtaí deonacha agus reachtúla

TITHÍOCHT DHEONACH

AN SCÉIM CÚNAIMH CHAIPITIL

Sannadh Leithdháileadh Cúnaimh Chaipitil de bheagnach €3.6m le haghaidh 2015 chun cabhrú le ceannach agus athchóiriú agus tógáil aonad réadmhaoine in ionaid éagsúla ar fud an Chontae.

Tá Comhairle Contae Thiobraid Árann ag obair i ndlúthpháirt le Comhlachtaí Tithíochta faofa chun na tionscadail sin a chur ar aghaidh.

SCÉIM CHEANNAIGH AG TIONÓNTAÍ

SCÉIM CHEANNAIGH NUA

D'fhógair an Roinn Comshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil Scéim Ceannaigh Incrimintigh ina ndéantar soláthar do dhíol tithe ar tithe údaráis áitiúil iad faoi láthair le tionóntaí i 2015. Tá an Scéim le tosú i mí Eanáir 2016 agus beidh an Chomhairle ag tabhairt na sonraí go léir faoi na tionóntaí cáilithe go léir in am is i dtráth.

BAINISTÍOCHT EASTÁT

Tá rannpháirtíocht tionóntaí i mBainistíocht Eastát curtha chun cinn ag Comhairle Contae Thiobraid Árann le roinnt blianta anuas agus beidh sí mar thosaíocht don bhliain atá romhainn. Is léir go bhfuil grúpaí cónaitheora rannpháirteach sa phróiseas seo i gcónaí nuair a fhéachtar ar chuma fhisiceach na n-eastát sin. Bhain roinnt grúpaí leas as deontais faoi Bhuiséad 2015 na Comhairle um Bainistíocht Eastát chun cabhrú le tionscadail chomhshaoil. Molann an Chomhairle rannpháirtíocht grúpaí eile le linn na bliana amach romhainn agus cuirfear oiliúint orthu de réir mar a theastaíonn. Baineann go leor grúpaí cónaitheora leas as tacaí arna dtairiscint ag go leor comhlachtaí eile atá mar chuid de líonra idirghníomhaireachta eagraithe. Ina measc tá an FSS, Comhpháirtíocht LEADER Thiobraid Árann (CLTÁ), Seirbhísí Óige Réigiúnacha Thiobraid Árann, (SORTÁ), Barnardos agus eagraíochtaí eile. Tá na gníomhaireachtaí sin go léir ag obair i gcomhpháirt le Comhairle Contae Thiobraid Árann chun feabhas a chur ar cháilíocht bheatha gach cónaitheora agus tionónta inár gcuid eastát.

CIGIREACHT AR CHÓIRÍOCHT PHRÍOBHÁIDEACH AR CÍOS

Leanann an tÚdarás Tithíochta ar aghaidh ag cur i bhfeidhm agus ag cur i gcrích fhorfheidhmiú caighdeán ar thithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach.

Rinneadh 167 cigireacht i rith na bliana.

Áit ba ghá, eisíodh litreacha chuig úinéirí réadmhaoine inar aithníodh míreanna le déileáil leo agus tá tuilleadh gnímh leantaigh á ghlacadh chun déanamh cinnte go gcloítear leis na caighdeáin.





CUIMSIÚ SÓISIALTA & FORBAIRT POBAIL

AN COISTE UM FORBAIRT POBAIL ÁITIÚIL

- Bhí naoi gcruinniú ag an gCoiste um Forbairt Pobail Áitiúil i 2015. I measc na bpríomhréimsí oibre bhí
- forbairt na gné Pobail den Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail,
- Measúnú ar an gClár Gníomhaíochtaíthe Pobail um Chuimsiú Sóisialta (CGPCS) Tairiscintí agus maoirseacht ar chláir ina ndiaidh & bainistíocht airgeadais
- Forbairt agus cur isteach Léiriú Spéise don Chlár um Fhorbairt Tuaithe 2015-20 agus bainistíocht phróiseas comhchomhairle agus forbartha an Straitéis Forbartha Áitiúla.

AN CLÁR GNÍOMHACHTAITHE POBAIL UM CHUIMSIÚ SÓISIALTA

Síníodh conradh i 2015 idir na Cuideachtaí Leader CLTÁT agus CFTÁT agus an Coiste um Forbairt Pobail Áitiúil chun an clár CGPCS a chur i bhfeidhm i dTiobraid Árann. (grianghraf ceangailte)



AN STRAITÉIS FORBARTHA ÁITIÚLA



Ag seoladh an Phróiseas Comhchomhairle um Forbairt Áitiúil i Lúnasa 2015 C-D: Isabel Cambie, Cuideachta Forbartha Thiobraid Árann Theas; Charles Stanley Smith, an Coiste um Forbairt Pobail Áitiúil; Martin Quinn, STDC; Jim Finn, Comhpháirtíocht LEADER Thiobraid Árann; Séan Crowley, NTL, agus Rita Guinan, Comhairle Contae Thiobraid Árann.

Chuir an Coiste um Forbairt Pobail Áitiúil Thiobraid Árann (CFPÁ) isteach Léiriú Spéise chun an Straitéis Forbartha Áitiúla (SFÁ) a fhorbairt do Co. Thiobraid Árann i Márta 2015. Mar an nGrúpa Gníomhaíochta Áitiúla do Co. Thiobraid Árann, sheol an CFPÁ, agus é ag obair i gcomhpháirt le Cuideachta Forbartha Thiobraid Árann Theas, Comhpháirtíocht LEADER Thiobraid Árann Thuaidh agus Comhairle Contae Thiobraid Árann, próiseas comhchomhairle poiblí agus earnála don SFÁ i mí Lúnasa 2015. Chuimsigh an próiseas comhchomhairle sraith de chruinnithe poiblí a reáchtáladh ar fud an chontae i mí Mheán Fómhair.

Rinneadh dréachtú na straitéise i mí Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna agus d'fhaomh an CFPÁ é le cur faoi bhráid an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i mí na Nollag 2015. Meastar go gcuirfear i bhfeidhm an CFPÁ i gCo. Thiobraid Árann i rith 2016.

COMHAIRLE NA NÓG

Is í Comhairle na nÓg Thiobraid Árann an chomhairle óige do Thiobraid Árann a dhéanann ionadaíocht ar ghuthanna agus thuairimí daoine óga ar fud an chontae. Tá ról ríthábhachtach ag Comhairle na nÓg maidir le dul i bhfeidhm ar chinnteoirí, lucht déanta beartais agus tionscadail atá oiriúnach do dhaoine óga faoin shaincheisteanna ábhartha.



Thug comhaltaí Chomhairle na nÓg cur i láthair ar ról agus ghníomhaíochtaí Chomhairle na nÓg Thiobraid Árann os comhair cruinnithe den Chomhairle i rith na bliana.

I measc na n-ábhar a d'aithin daoine óga agus ar pléadh leo i 2015 bhí ceardlanna faoi aiste bia agus fholláine, cuimsiú agus éagsúlacht agus meabhairshláinte daoine óga.



Reáchtáladh imeacht 'Lets Go Mental' i Meitheamh 2015 inar díródh ar mheabhairshláinte trí mheán an cheoil, an spóirt, na n-ealaíon agus gníomhaíochtaí eile. D'éirigh go han-mhaith leis an imeacht sin agus tá imeacht eile 'Lets Go Mental' beartaithe le haghaidh 2016.

D'fhreastail 10 comhaltaí de Chomhairle na nÓg Thiobraid Árann ar Dháil na nÓg 2015. Ba é an téama ná 'an gá go mbeadh tionchar níos láidre ag daoine óga ar a gcuid oideachais agus scoile.' Ghlac 200 duine óg páirt i nDáil na nÓg a reáchtáladh ar an 27 Samhain 2015. Ba é an Dr. James Reilly TD, an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige a d'oscail Dáil na nÓg. Thug Jan O' Sullivan, TD, an tAire Oideachais agus Scileanna óráid os comhair Dháil na nÓg agus bhí sí ina ball den phainéal don chuid ceisteanna agus freagraí.



Tá ról ríthábhachtach ag Comhairle na nÓg maidir le dul i bhfeidhm ar chinnteoirí, lucht déanta beartais agus tionscadail atá oiriúnach do dhaoine óga faoin shaincheisteanna ábhartha.

AN LÁ SÚGARHA NÁISIÚNTA AGUS AN TSEACHTAIN CAITHIMH AIMSIRE



Leithdháil an rannóg Forbartha Pobail agus Eacnamaíochta aon cheann déag de Dheontais don Lá Súgartha agus don tSeachtain Náisiúnta Caithimh Aimsire ar ghrúpaí ar fud an chontae.

Tá an clár sin cistithe ag cúnamh deontais ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus is é Comhairle Contae Thiobraid Árann atá á bhainistiú. Cuirtear an deontas sin ar fáil chun tacú le gníomhaíochtaí do leanaí agus dhaoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois, don tSeachtain Náisiúnta Caithimh Aimsire (28 Meitheamh – 4 Iúil) agus don tSeachtain Náisiúnta Súgartha (5 Iúil).

I measc na ngrúpaí ar tugadh cistiú dóibh bhí: Club Iar-Scoile Three Drives, Ionad Acmhainní Chnoc an Ráiléigh, Ionad Lucht Taistil Tuaithe Thiobraid Árann, Grúpa Óige Dhurlas, Cúram Leanaí Áth na Cairte agus Féile Brian Ború.

Bá é an téama don bhliain seo ná leas a bhaint as an timpeallacht agus ábhair nádúrtha um shúgradh agus chaitheamh aimsire.

Bá é an téama don bhliain seo ná leas a bhaint as an timpeallacht agus ábhair nádúrtha um shúgradh agus chaitheamh aimsire.



I MEASC CUID DE NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ A EAGRAÍODH BHÍ:

- Na healaíona (ionad ceoil lasmuigh)
- Turais oideachasúla timpeallachta
- (Bogach na Cabraí, Bearnán Éile agus Páirc an Teampaill Mhóir)
- Garraíodóireacht orgánach do theaghlaigh
- Campaí samhraidh
- Laethanta Spraoi



MÓRTAS ÁITE

D'ainmnigh Comhairle Contae Thiobraid Árann Comhairle na nÓg sa rannóg 'Daoine Óga sa Phobal' de chomórtas Mhórtas Áite IPB Insurance i 2015, ar comórtas uile-oileáin é a eagraíonn Co-operation Ireland i dteannta le húdarais áitiúla. Is í aidhm Mhórtas Áite ná ceiliúradh a dhéanamh ar an ról ríthábhachtach a bhíonn ag pobail nuair a thagann siad le chéile chun ár sochaí a fheabhsú.


Rinneadh an mholtóireacht i mí Meithimh agus reáchtáladh an Oíche Dámhachtainí in Inis i mí na Samhna. Ghnóthaigh Comhairle na nÓg an dara háit, duais mór le rá, ina gcatagóir.



IONAD SAORÁLAITHE THIOBRAID ÁRANN THEAS

Rinne lucht an ionaid iarratas ar acmhainní chun an t-ionad saorálaithe a mhéadú ar fud an chontae agus i mí na Nollag 2015 fógraíodh go rabhthas chun oifigeach forbartha nua a chur ar fáil don mhéadú. D'earcaigh STVC bainisteoir nua, Emily Harrington i 2015. Tá taithe ag Emily, a chuaigh i mbun a poist i rith shamhradh 2015, le hIonad Saorálaithe Chorcaí.

Rith an t-Ionad Saorálaithe an Comórtas 'Round up of the Troops (RUTT) i 2015 agus osclaíodh é do ghrúpaí i dTuaisceart an Chontae le tacaíocht ó Chomhairle Contae Thiobraid Árann. Ba iad an dá bhuaiteoir ná Club Óige Sóisearach Lattin Cullen agus Grúpa Freagróirí Cairdiacha. Chuaigh caighdeán na n-iomaitheoirí i mbliana i bhfeidhm go mór ar na moltóirí agus léirigh na tionscadail a chuir isteach an dá ghrúpa a bhuaigh an comórtas comhar mór sa phobal chun cuspóirí a bhaint amach ar mhaithe leis an bpoibal ina iomlán.



Doirse sí le cur suas mar chuid d'iarracht Chlub Óige Sóisearach Lattin Cullin do thionscnamh RUTT Ionad Saorálaithe Thiobraid Árann Theas.

LÍONRA RANPHÁIRTÍOCHTA POIBLÍ THIOBRAID ÁRANN

Chuaigh LRP Thiobraid Árann ó neart go neart i 2015, agus 950 ballghrúpa aige faoi mhí na Nollag 2015. Tá Corena Ward, oibrí Acmhainne lánaimseartha don LRP i mbun a poist ó mhí Mheán Fómhair 2015. Tá 40 ionadaí ainmnithe ag an LRP ar choistí agus ghrúpaí, a bhfuil ina measc an Comhchoiste Póilíneachta, an Coiste um Forbairt Pobail Áitiúil, Comhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann, Grúpa Thiobraid Árann Theas um Féinmharú a Chosc agus Coistí um Sheirbhísí do Dhaoine Óga.



Corena Ward – Comhordaitheoir LRP

COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA THIOBRAID ÁRANN

Bunaíodh Comhchoiste Póilíneachta nua do Co Thiobraid Árann i 2015. Reáchtáil an coiste ar a bhfuil 32 bhall a gcéad chruinniú i Márta 2015 agus ina dhiaidh sin reáchtáladh ceardlann chun Comhstraitéis Póilíneachta a fhorbairt don Chontae i Meitheamh 2015. Cuireadh dréacht den phlean i láthair an JOC i mí na Samhna agus tá sé beartaithe go nglacfar leis an bplan ag tús 2016.



CEANTAIR RAPID (CLUAIN MEALA, CARRAIG NA SIÚIRE AGUS THIOBRAID ÁRANN) AGUS CEANTAR PHLEAN GNÍOMHAÍOCHTA POBAIL (AN BAILE BEAG AGUS ROS CRÉ)

Leanann Foireann Forfheidhmithe Cheantar RAPID i gCluain Meala, Tiobraid Árann agus Carraig na Siúire ar aghaidh ag bualadh i 2015 chun gníomhartha a chur ar aghaidh a chuirfidh feabhas ar shaol daoine a bhfuil cónaí orthu sna ceantair sin. Thug Comhairle Contae Thiobraid Árann conradh do Chomhpháirtíocht LEADER Thiobraid Árann chun Plean Gníomhaíochta a fhorbairt do Ros Cré agus don Bhaile Beag i rith 2015 agus seoladh Plean Gníomhaíochta Pobail Ros Cré i mí na Nollag 2015.



COISTÍ SEIRBHÍSÍ LEANAÍ AGUS DAOINE ÓGA (CSLDÓ)

Bunaíodh an Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga (CSLDÓ) ar bhonn uile-chontae agus tá tús curtha acu le hobair ar a straitéis. Is struchtúr lárnach é CSLDÓ chun comhordú a dhéanamh ar sheirbhísí do leanaí agus dhaoine óga sa chontae. Is é an cuspóir foriomlán ná torthaí a fheabhsú do leanaí agus dhaoine óga trí hobair idirghníomhaireachta ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Tá trí shuíochán glactha ar an gcoiste ag an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí.



Chuaigh LRP Thiobraid Árann ó neart go neart i 2015, agus 950 ballghrúpa aige faoi mhí na Nollag 2015.



AONAD NA DTIONSCADAL STRAITÉISEACH

Bunaíodh Aonad na dTionscadal Straitéiseach ag Comhairle Contae Thiobraid Árann (CCTÁ) ag deireadh 2014 laistigh den Stiúrtóireacht Pobail & Forbartha Eacnamaíochta Is í feidhm an aonaid seo ná tacaíocht breise i bhfoirm cistí a lorg do ghníomhaíochtaí na Comhairle agus cabhrú le heagraíochtaí eile an méid céanna a fháil.

I RITH 2015, CUIREADH NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEO A LEANAS CHUN CINN:

Ainm an Tionscadail	Clár Cistithe	Cuspóir an Tionscadail
An Clár Oibre Digiteach a bhaint amach trí chomhar trasnaisiúnta idir réigiún (eDIGIREGION)	7ú Creat um T&F	Plean Gníomhaíochta Réigiúnach a fhorbairt chun iomaíochas inbhuanaithe réigiún a fheabhsú trí leas a bhaint as buanna agus réimsí saineolais cliste de chuid réigiún chun na gnéithe RTD agus Nuála de Chlár Oibre Digiteach an AE a bhaint amach.
Réigiún Fiontraíochta Nuálaí a Chur chun Cinn san Eoraip (Furthering Innovative Entrepreneurial Regions in Europe/FIERE)	GRUNDTVIG	Cúrsa oiliúna/oideachais a bhaineann le fiontraíocht nuálach go sonrach a fhorbairt agus a thástáil a phléann le riachtanais ball foirne in eagraíochtaí poiblí, pobail agus deonacha.
Teicneolaíocht a Thaispeáint a Bhaineann le FBManna Mara i gCeantar an Atlantaigh Maritime SMEs in the Atlantic Area /STAMAR)	Ceantar Atlantach INTERREG IVB	Cur le feabhsú an iomaíochais agus le hacmhainn nuálaíochta CBManna mara i gCeantar an Atlantaigh trí thosaíocht a thabhairt do phróisis um aistriú na teicneolaíochta, go háirithe réitigh a spreagann forbairt inbhuanaithe gnó agus cosaint an chomhshaoil
Tástáil ar Bheartas Sóisialta do Dhaoine Óga (Experimentation on Social Policy for Youth/ESPY)	DUL CHUN CINN	Triailacha beartais sóisialta a scrúdú atá dírithe ar laghdú a dhéanamh ar an leibhéal dífhostaíochta i measc daoine óga a bhfuil cónaí orthu i gceantair tuaithe agus atá i mbaol eisiaimh agus/nó a bhfuil leibhéal íseal oideachais acu.



Baill de Choiste Cuimhneacháin Chloch Shiurdáin leis an Aire Alan Kelly T.D., John Concannon Stiúrtóir Éire 2016 agus Róisín Ó Grady Oifigeach Oidhreacht & Comhordaitheoir 2016

CRUINIÚ REÁCHTÁILTE AG COMHPHÁIRTITHE TIONSCADAIL ESPY I GCAISEAL

Ó thaobh fhorbairt tionscadal i rith 2015, d'oibrigh an ABS chun go mbeadh CCTÁ rannpháirteach in ocht (8) dtogra um thionscadail nua arna gcur isteach faoi Ghairmeacha Togra faoi Chláir Chistithe éagsúla de chuid an AE. I measc na n-ábhar bhí an spórt mar uirlis um chuimsiú sóisialta; pobail ísealcharbóin; córais um nuáil réigiúnach; fiontraíocht uaine; nuálaíocht san earnáil caithimh aimsire uisce/fáilteachais agus idirnáisiúnta ar mhicreafhiontair.

Ina theannta sin, tá an ATS ag obair i dtreo rannpháirtíocht CCTÁ i roinnt iarratais beartaithe eile. I measc na n-ábhar do na hiarratais sin tá CBManna tuaithe agus nuáil; laghdú an lorg carbóin i gceantair ísealdúlúis/ina bhfuil an daonra scaipthe go forleathan agus bearta caomhnúcháin i ndáil le Loch Deirgeirt.

SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE

Lean Leabharlann Chomhairle Contae Thiobraid Árann ar aghaidh ag soláthar seirbhís ardchaighdeán i rith 2015. Tugadh cuairt os cionn 600,000 uaire ar leabharlanna i dThiobraid Árann, eisíodh 445,000 leabhar agus cuireadh 68,000 seisiún Idirlín in áirithe.



STAIDEAR THIOBRAID ÁRANN:

Cé go dtarraingíonn Staidéar Thiobraid Árann cuairteoirí i gcónaí agus go bhfreagraíonn sé ar go leor ceisteanna ríomhphoist agus ceisteanna eile, is í an buaicphointe bliantúil ná an Sraith Léachtaí ar Mhuintir agus Áiteanna Thiobraid Árann. Ó tionscnaíodh i 2007 iad, is é an gnáthlón a fheastalaíonn ar na léachtaí gach mí ná níos mó ná seachtó duine. Freastalaíonn idir óg agus aosta as gach cearn den chontae chun taitneamh a bhaint as na gnéithe éagsúla de stair Thiobraid Árann. I mí Eanáir 2015 d'fhreastail líon buaice daoine ar léacht nuair a labhair an Dr Liam Kennedy as Buiríos Ó Luigheach, faoi 'Borrisoleigh: the rural community in a larger Irish setting'. Ag deireadh sraith a hocht i Márta labhair an cuairteoir bliantúil, Denis G. Marnane, faoi ról Íosta Ceannasaíochta Thiobraid Árann maidir le saighdiúirí gortaithe a thabhairt ar ais chun bisigh i rith an Chéad Chogaidh Domhanda. Agus an comórach céad bliain ar 1916 ag druidim linn, chuaigh an Dr Shane Kenna i bhfeidhm go mór ar an lucht éisteachta i nDeireadh Fómhair nuair a labhair sé faoi na gnéithe éagsúla faoi shaol Thomáis Mhic Dhonncha. Mar gheall ar an tóir a bhí ar an gcéad léacht a thug sé, d'fhill an Dr Tadhg O' Keeffe i mí na Nollag chun labhairt faoin Eaglais Mhanachúil i dThiobraid Árann 1100 - 1600. Fiú agus muid leathbhealach tríd an naoú sraith di, tarraingíonn Sraith Muintir agus Áiteanna Thiobraid Árann go leor cuairteoirí fós mar gheall ar an sruth d'ábhair úra agus de chainteoirí nua a spreagann an lucht éisteachta chun teacht ar ais chun níos mó a fhoghlaim faoi oidhreacht agus stair ár gcontae agus chun taitneamh a bhaint as.



Tá Seirbhísí Leanaí ina ngné bhunúsach dár sainchúram agus bhí siad chomh rathúil agus a bhí i gcónaí agus os cionn 200,000 leabhair eisithe chuig leanaí.

Bliain ghnóthach agus spreagúil do leanaí a bhí i 2015 agus go leor imeachtaí agus gníomhaíochtaí eagraithe ag foireann na leabharlainne; cuairteanna ag údair, clubanna leabhair, ceardlanna agus scéalaíocht. Arís eile d'éirigh go han-mhaith lenár gClár Léitheoireachta Samhraidh agus le Féile Leabhar na Leanaí. I rith Fhéile Leabhar na Leanaí (FLL) d'óstáil an tSeirbhís Leabharlainne údair nua agus seanbhunaithe agus leagadh béim bhreise ar imeachtaí dátheangacha. Bhain níos mó ná 1,135 dalta taitneamh as imeachtaí FLL i rith Dheireadh Fómhair.

Tá dúshlán ag baint i gcónaí le déagóirí a spreagadh chun léimh. Tá ár dtionscadal an-rathúil Aon Leabhar Amháin (One Book) déanta ag go leor dhaltáí Idirbhliana ar fud an chontae. Léann gach dalta an leabhar céanna agus cuireann siad i láthair mar ghrúpa a bhfreagairt air. Chuir ranganna i láthair léirmheasanna leabhair, saothair ealaíne, dealbha agus d'inis grúpa amháin an scéal trí mheán an cheoil. Ní raibh teorainn le cruthaitheacht ná díograise na ndaltaí agus bhí na torthaí suntasach.

Rinneadh feabhsúcháin leanúnacha ar sheirbhísí custaiméara arís i 2015 freisin. Bíonn veain Leabharlainne na Scoileanna agus an veain seachadta Idir-Leabharlainne ar an mbóthar 5 lá in aghaidh na seachtaine anois, rud a chiallaíonn go scaiptear stoc chuig ár gcuid custaiméirí ar bhealach níos tapa agus níos éifeachtúlaí.

Tá Vision-net ar fáil saor in aisce do gach ball leabharlainne anois. Seirbhís bunaithe ar an idirlíon atá i Vision-Net a thugann rochtain ar líne duit láithreach ar gach cuideachta Éireannach agus RA atá cláraithe.

Seoladh seirbhís eolais nua Gnó agus Fostaíochta i leabharlann Dhurlas. Gníomhaíonn an leabharlann mar thacaíocht dóibh siúd atá ag lorg fostaíochta, d'fhiontraihe áitiúla, do ghnóthais nua-thionscanta agus do CBManna.

Tháinig méadú freisin ar úsáid acmhainní ar líne, r-leabhair agus podchraoltaí i rith 2015 freisin.

I mí Eanáir 2015 d'fhreastail líon buaice daoine ar léacht nuair a labhair an Dr Liam Kennedy as Buiríos Ó Luigheach, faoi 'Borrisoleigh: the rural community in a larger Irish setting'.




NA HEALAÍONA



Oibríonn Seirbhís Ealaíon Thiobraid Árann i dtreo fhorbairt leanúnach na n-ealaíon sa chontae trí comhairle agus eolas a thabhairt; forbairt beartais do na healaíona; deontais agus scéimeanna do na healaíona; agus clár ealaíon forbartha. Leanann an tseirbhís ar aghaidh ag forbairt nasc, clár agus beartas chun cinntiú go mbíonn na healaíona i dThiobraid Árann ina ngné lárnach de shaol cathrach an chontae. Bliain ghnóthach ab ea 2015 do Sheirbhís Ealaíon Thiobraid Árann Theas agus tugadh isteach roinnt tionscnamh nua i rith na bliana; seo a leanas cuid de na buaicpointí.

FÉILE BHEALTAINÉ THIOBRAID ÁRANN



I rith Fhéile Bhealtaine, a eagraíodh i gcomhpháirt le Leabharlanna Thiobraid Árann, cuireadh clár uile-chontae i láthair de os cionn 100 imeachta i mí Bhealtaine. Seoladh an fhéile, a cheiliúránn cruthaitheacht i ndaoine scothaosta, i 2015 le himeacht fíorspeisialta, a eagraíodh i gcomhpháirt le Éigse Éireann agus ina raibh Paul Durcan i mbun comhrá le hEamon O'Shea; ba é a bhí ann ná ceisteanna faoin saol, faoin spórt agus faoi na healaíona.



"Paul Durcan i mbun comhrá le hEamon O'Shea" mar chuid d'Fhéile Bhealtaine 2015 i dThiobraid Árann in Ionad Ealaíon The Source, Durlas. *Grianghraf le Debbie Hickey*

SCÉIM NA N-EALAÍONTÓIRÍ SA BHUNSCOIL

Leis an scéim seo tugtar rochtain dhíreach do leanaí ar fhoirmeacha ealaíne éagsúla. Reáchtáladh 12 thionscadal ar fud an chontae i rith 2015 a chuimsigh drámaíocht, na hamharcealaíona, damhsa ar an sean nós, criadóireacht agus déanamh priontaí. D'úsáid rannóg Comhshaoil na Comhairle póstaer a forbraíodh i rith ceann de na tionscadail i 2014 mar chuid den Fheachtas um Ardú Feasachta faoi mBithéagsúlacht i 2015 agus ar an mbealach sin leathnaíodh tionchar na scéime. Ritheadh dhá thaispeántas inar taispeánadh saothair a forbraíodh trí thionscadail 2015 ag an am céanna i gCluain Meala (Músaem an Chontae) agus san Aonach (Na hOifigí Cathrach) agus taispeánadh sampla den saothar ó na tionscadail go léir i ngach ionad, chun béim a chur ar na féidearthachtaí cruthaitheacha a nochtadh tríd an scéim.



Scéim na n-Ealaíontóirí sna Bunscoileanna 2015

OÍCHE CHULTÚIR THIOBRAID ÁRANN

Reáchtáladh dara Oíche Chultúir Thiobraid Árann a chomhordaigh an oifig ealaíon i gcomhpháirt leis an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta ar an Aoine, an 18 Meán Fómhair 2015. Sa cheiliúradh náisiúnta bliantúil sin ar ár gcultúr agus ar na healaíona tagann foirgnimh, eagraíochtaí agus grúpaí cultúir ar fud an Chontae le chéile chun meabhrú dúinn faoi na háiseanna agus na hacmhainní iontacha atá againn inár gceantair féin agus tugtar cuireadh dúinn bheith rannpháirteach. Sháraigh an líon a ghlac páirt 2,000 i mbliana agus imeachtaí saor in aisce ar siúl i 27 n-ionad ar fud 13 háite i dThiobraid Árann.



Cathaoirleach Comhairle Contae Thiobraid Árann an Cmhlr Seamus Hanafin, Joe MacGrath, POF agus Melanie Scott, an tOifigeach Ealaíon ag seoladh Oíche Chultúir 2015



Oíche Chultúir sa Main Guard, Cluain Meala leis The Cedartowns. Arna eagrú ag Ionad Ealaíon Thiobraid Árann Theas. Grianghraf le Joe Kenny

CÓNAITHEACHT RINCE THIOBRAID ÁRANN



Ardán Rince Thiobraid Árann -Buíochas don Iseli-Chiodi Dance Company as an ngrianghraf

Lean Cónaitheacht Rince Thiobraid Árann ar aghaidh i rith 2015 leis an Iseli-Chiodi Dance Company i gcomhpháirt leis an Oifig Ealaíon agus Excel Thiobraid Árann. Éiríonn go han-mhaith leis an gcónaitheacht mar chur chuige straitéiseach fadtéarmach i dtreo fhorbairt an Rince sa Chontae, tacú le rannpháirtíocht phobail agus ghairmiúil agus taibhléirthe agus cleachtóirí rince ardchaighdeán a thógáil chuig an gContae. I gcomhpháirt le Excel Thiobraid Árann chuir Cónaitheacht Rince Thiobraid Árann i láthair Ardán Rince Thiobraid Árann (Féile Idirnáisiúnta) ón 12-18 Deireadh Fómhair 2015 in Amharclann agus Ionad Ealaíon Excel Thiobraid Árann inar cuireadh deiseanna ar fáil um rannpháirtíocht i rince den chéad scoth le healaíontóirí den scoth as Éirinn, an Ísiltír, an Spáinn, an Fhrainc agus Meicsiceo. Tá an fhéile sin ar cheann de díreach dhá fhéile in Éirinn.

POBAIL CHRUTHAITHEACHA

Forbraíodh 5 chónaitheacht d'ealaíontóirí sa phobal, ceann amháin i ngach Ceantar Bardasach i rith 2015. D'oibrigh an Oifig Ealaíon i gcomhpháirt le gach Ceantar Bardasach chun na tionscadail sin a fhorbairt. Forbraíodh agus tionscnáíodh tionscadail le Grúpaí Óige, Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas agus grúpaí Oideachais Phobail i bhfoirmeacha ealaíne éagsúla mar cheol, ealaíon sráide agus ealaíon chomhshaoil chun dul i dteagmháil le daoine d'aoiseanna éagsúla agus i gceantair éagsúla sa chontae. San Aonach, d'fhorbair an t-ealaíontóir DMC (Dermot McConaghy) múrphictiúr nua i stíl na healaíne sráide comhaimseartha chun an bheann ar Bhóthar an Phóna a athrú amach is amach in éineacht le grúpa óige ó Ionad Oilíúna Pobail an Aonaigh.



"The Fiddler's Light" leis an ealaíontóir DMC ar Bhóthar an Phóna, an tAonach- Buíochas don ealaíontóir as an íomhá.

DESIGNFEST

Reáchtáladh DesignFest ón 16-21 Samhain inar ceiliúradh na Meáin, na hEalaíona & Dearnadh Digiteach agus inar taispeánadh buanna iomaí Thiobraid Árann ó thaobh na teicneolaíochta agus na cruthaitheachta. Dúnadh an chéad bhabhta den imeacht sin, ar éirigh go han-mhaith leis, leis an Night Lights Digital Trail inar tógadh an lucht féachana ar thuras trí shráideanna Chluain Meala chun súil a chaitheamh ar dhomhain éagsúla mar a fheictear le súile 15 fhísealaíontóir éagsúil iad-inar breathnaíodh ar ábhair éagsúla ón saol ar Oileán na Cásca go deasghnáthaimh na Lochlannach, inar thángthas trasna carachtar ón ngabha áitiúil Ted Channon go béir bhána agus preabdhaoine.



Night Lights Digital Trail, Cluain Meala - Grianghraf le Joe Kenny

SCÉIM DEONTAS ACHT NA N-EALAÍON

I rith 2015, leithdháileadh cistiú ar 51 ghrúpa áitiúil pobail agus deonacha faoi Scéim Deontas Acht na n-Ealaíon a cheadaíonn agus a thacaíonn le gníomahíochtaí ealaíne neamhspleacha ar fud an chontae. Fuair 20 ealaíontóir tacaíocht trí raon de Scéimeanna Tacaíochta Ealaíontóra ar fud fhoirmeacha ealaíne. I rith 2015 d'oibrigh muid i ndlúthpháirt freisin le Visual Artists Ireland agus réimse comhpháirtithe áitiúla chun tacú le forbairt ealaíontóra trí cheithre cheardlann ar fhorbairt ealaíontóra thar shraith éagsúil ábhar.

Freisin tugadh tacaíocht, comhairle agus/nó cistiú do réimse fhéilte ealaíne ar fud an Chontae i 2015.

Lean Cónaitheacht Rince Thiobraid Árann ar aghaidh i rith 2015 leis an Iseli-Chiodi Dance Company i gcomhpháirt leis an Oifig Ealaíon agus Excel Thiobraid Árann.



OIFIG OIDHREACHTA THIOMBRAID ÁRANN

AN PLEAN OIDHREACHTA

Ba í 2015 an chéad bhliain iomlán ina raibh Oifig Oidhreachta uile-chontae i dTiobraid Árann. Seoladh Scéim Oidhreachta ar scála beag i Márta agus tugadh cistiú do 9 dtionscadal ar fud an chontae, inar ardaíodh feasacht faoinár n-oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha.

Tá an cistiú a fhaightear ar bhonn bliantúil ríthábhachtach chun go gcuirfí i bhfeidhm gníomhartha faoinár gcuid Pleananna Oidhreachta contae. I 2015 díródh ar dhá thionscadal mór: - (i) leanúint ar aghaidh leis an obair iniúcháireachta ar achar 17km d'Abhainn na Siúire idir Ard Máil agus Mainistir na Croiche go Droichead Bhaile an Róisigh idir Durlas agus an Loch Mór. Aithníodh roinnt láithreán nach raibh taifead orthu roimhe sin i rith an iniúchta agus cuireadh san áireamh breathnóireachta a bhféadfadh go mbeifí in ann iad a úsáid mar bhonn eolais um forbairtí amach anseo.

(ii) Lean Tionscadal Oidhreachta Loch Deirgeirt, arbh comhiarracht é idir na contaetha Tiobraid Árann, Gaillimh agus an Clár ar aghaidh i 2015. Reáchtáladh seimineár i Márta chun an Bealach Oidhreachta Nádúrtha a sheoladh agus chun an tríú heolaí agus an t-eolaí deireanach a chur ar fáil, forbraíodh Eolaí Oidhreachta Cultúrtha i mbliana. Freisin d'oibrigh CCTÁ le hUiscebhealaí Intíre ar an aip Lakelands Treasures.



Turas Bus Loch Deirgeirt An tSeachtain Oidhreachta 2015 ag an Lookout.



Caint faoi Iniúchadh 2015 Abhainn na Siúire i mBogach na Cabraí

AN TSEACHTAIN OIDHREACHTA

Ba é an téama don tSeachtain Oidhreachta 2015 ná an Oidhrecht Thionsclaíoch agus d'eagair grúpaí roinnt imeachtaí ar fud an chontae a léirigh an téama sin. Mar thionscnamh comhair do Thionscadal Oidhreachta Loch Deirgeirt eagraíodh turas bus timpeall Loch Deirgeirt ina bhfacthas na trí chontae, Tiobraid Árann, Gaillimh agus an Clár. I mbliana d'oibrigh muid as lámh a chéile leis na meáin chlóite agus na stáisiúin raidió áitiúla chun imeachtaí difriúla ar fud an chontae a fhógairt agus béim a chur orthu.



TIONSCADAIL 'GREEN & BLUE FUTURES' DE CHUID INTERREG IVB

I mí Mheán Fómhair 2015 tugadh chun críche an tionscadal 'Green & Blue Futures' de chuid Interreg IVB. Cé go raibh deireadh tagtha le go leor tionscadal dár gcuid i 2014 tharla an tionscadal 'Riverrun' le Féile Junction Chluain Meala i mBealtaine agus ghlac pobail agus scoileanna áitiúla i gCluain Meala páirt inti.

Sa tionscadal Léarscáilithe agus Rochtana díriodh ar Ard Fhionáin agus a acmhainn i bhfianaise an bhealach canú a bhí beartaithe. Freisin chríochnaigh grúpa na mBailte Slachtmhara droichead nua mar chuid de thionscadal Bailte Slachtmhara na hAbhann agus sa Ghabhailín cuireadh comharthaí cloiche léirmhínteacha timpeall na habhann. Rinne lucht Thiobraid Árann i dteannta le comhpháirtithe in Albain, i Sasana, san Fhrainc agus sa Bheilg cuid mhór oibre maidir lenar baineadh amach sa tionscadal agus freisin rinneadh treoirlínte faoi conas a d'fhéadfadh grúpaí aithris a dhéanamh air. Reáchtáladh an chomhdháil dheireanach i Maubege san Fhrainc Thuaidh i mí Iúil. Chríochnaigh tionscadal mótaí Phostanna Chanáil na Fionnabha ar ghlac Comhairle Contae Thiobraid Árann páirt ann i Márta 2016 sa Ghearmáin. Faoin scéim Green & Blue Futures, fuarthas timpeall €200,000 le haghaidh tionscadal ar Abhainn na Siúire i gcaitheamh thréimhse an tionscadail.



Comharthaí cloiche léirmhínteacha sa Ghabhailín



Céimeanna agus Sleamhnán Canú Inch field Cathair Dúin Iascaigh

ÉIRE 2016



Cruinniú Comhchomhairle Poiblí san Óstán Anner Durlas.



Rinneadh gairm ag tús 2015 le tacaíocht a lorg ó Údarás Áitiúla chun an tsraith Comhpháirtíochta Pobail de Chlár Náisiúnta Éire 2016 a chur i bhfeidhm. Cuireadh le chéile grúpa stíúrtha a bhí déanta suas de bhaill de sheirbhísí cultúrtha na Comhairle sna réimsí seo a leanas: Leabharlanna, na hEalaíona, Cartlann, an Músaem agus Oidhrecht agus C.B.S. déanta suas den Cmhlr Roger Kennedy, an Cmhlr Martin Lonergan agus an Cmhlr Seamus Morris. Rinneadh gairm phoiblí um aighneachtaí a seoladh i Márta, agus ina dhiaidh sin reáchtáladh 3 sheisiún comhchomhairle poiblí san Aonach, i gCluain Meala agus i nDurlas ar ghlac os cionn 100 duine páirt ann agus inar chuir siad a gcuid tuairimí in iúl faoin gcaoi ar cheart an comóradh a cheiliúradh.

Fuarthas €30,000 ón Roinn i bhfómhar agus seoladh scéim deontas le gairm do gach tionscadal contae. D'éirigh le coiste Cuimhneacháin i gCloch Shiurdáin atá á éascú ag an gComhairle Contae agus Ceantar Bardasach an Aonaigh leithdháileadh breise cistí de €80,000 a fháil um ghairdín cuimhneacháin agus dealbh de Thomás Mac Donncha, duine de shínteoirí an fhorógra san áit inar rugadh é, agus a áit dúchais, Cloch Shiurdáin. Ullmhaíodh clár contae agus seoladh i mBaile Átha Cliath i nDeireadh Fómhair é i dteannta le 31 phlean eile de chuid údarás áitiúil, seoladh i gCaiseal é ar an 14 Nollaig ag an Aire Alan Kelly T.D.



Roinnt ball den Choiste Stíúrtha agus den choiste CBS in éineacht leis an staraí áitiúil an Dr Denis G Marnane a scríobh an aiste bhrollaigh don phlean ag an seoladh i mBrú Ború i mí na Nollag.

Sa ró deiridh: An Cmhlr Martin Lonergan Martin Lonergan, Mary Darmody Staidéar Thiobraid Árann, An Cmhlr Seamus Morris an Dr Denis G Marnane, Melanie Scott Oifigeach Ealaíne, An Cmhlr Martin Lonergan Roger Kennedy, Mary Quigley Na hEalaíona & Oidhrecht Sna Suíocháin Tosaigh: Julia Walsh Músaem an Chontae, Róisín O Grady Comhordaitheoir Éire 2016, Emer O'Brien Leabharlanna Thiobraid Árann



Ag seoladh náisiúnta na bPleananna Contae i nDeireadh Fómhair. An Cmhlr Michael Fitzgerald, an tAire Heather Humphries T.D, An Taoiseach Enda Kenny, An Cmhlr Seamus Hanafin Cathaoirleach Cathaoirleach Comhairle Contae Thiobraid Árann, an tAire Joan Burton, an tAire Alan Kelly, Mary Quigley An Oifig Ealaíon & Oidhreachta Comhairle Contae Thiobraid Árann Joe MacGrath P.O.F. Chomhairle Contae Thiobraid Árann.



MÚSAEM CONTAE THIOBRAID ÁRANN

Rinne Músaem Contae Thiobraid Árann go leor forbartha ar a mbonn cuairteoirí i 2015. Chuaigh ár gclár imeachtaí i rith na bliana i bhfeidhm ar os cionn 20k cuairteora. Mar gheall ar thionchar ár mbailiúcháin nua leagadh béim nua ar ghrúpaí nach gnách dóibh bheith ag comhoibriú le Músaem Contae Thiobraid Árann, grúpaí ar nós Choiste Sheó Talmhaíochta Chluain Meala, an Líonra Náisiúnta Foghlama agus an Alzheimer's Society.

Tá Clár Chaighdeán Músaem na hÉireann CCMÉ ina thosaíocht do Músaem Contae Thiobraid Árann i 2015 – 2016 agus é ag ardú a chuid caighdeán agus ag méadú deiseanna um chistiú. Bhain an músaem amach 'Creidiúnú Iomlán' i Meitheamh 2013, i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Cloífead leis na caighdeán sin i 2015 - 2016 trí mheán athbheithneithe beartais agus ár bplean bainistíochta straitéisí 5 bliana agus ár n-iarratas a dhéanfar i Meitheamh 2016.

ATHFHORBAIRT AN GHAILEARÁI 2015 – 2016:

- Cuireadh isteach cás taispeántais de ghrád músaem ina thaispeántar Éide Cathrach Chluain Meala (Claíomh, Más & Slabhraí Méara) chomh maith le Masc Mairbh Chromail, daigéar ón 17ú haois agus clogaid a théann siar go timpeall na 1650í.

TAISPEÁNTAIS SEALADACHA A DHEARADH I RITH 2015:

- Osclaíodh Seó Talmhaíochta Chluain Meala ag Ceiliúradh 150 bliana i mí Bhealtaine - an Seó Talmhaíochta is Faide atá ar Siúl san Eoraip. Freisin cuireadh isteach miontaispeántas do Sheó Talmhaíochta Chluain Meala i mí Iúil agus tá sé á thaispeáint sa Pháirc Thaispeántais i gCluain Meala.
- Taispeántas do 100ú Lá Breithe Mick Delahunty, ag an am céanna le ceolchoirm aeir oscailte i gCearnóg Mick Delahunty, d'fhreastail os cionn 1500 cuairteora air.
- Ábhar ón gCéad Chogadh Domhanda

ACHOIMRE AR THIONSCADAIL CHOMHOIBRITHEACHA I RITH 2015

- Seó Talmhaíochta Chluain Meala ag Ceiliúradh 150 bliana



Taispeántas do Chomóradh 150 Bliain Sheó Chluain Meala

- Freastalaíonn Rannóg Oideachais an Mhúsaem ar scoileanna & ghrúpaí ar fud Thiobraid Árann, agus déanann sí idirchaidreamh leis an Rannóg Eacnamaíochta, Ealaíon, Oidhreacht i P&F agus le Ceantair Bhardasacha chun go mbeadh teacht aici ar ghrúpaí ar fud Chontae Thiobraid Árann.
- D'éirigh go han-mhaith leis an tSraith Léachtaí ar Thithe Móra Thiobraid Árann agus leis an turas finale agus 45 - 65 dhuine ag baint taitnimh as gach léacht.
- Ag obair le grúpa Chlub Bád na n-Oibríthe agus le CYTE (Luathfhágáilithe scoile) chun Seóléim a dhéanamh do Sheó & Thaispeántas Chluain Meala i mí Iúil 2015.
- D'oibrigh CYTE le GIY chun táirgí a fhás le cur isteach do na hAicmí Comórtais i Seó Chluain Meala.
- Clár for-rochtana Choiste Seó Chluain Meala - Ag obair le mic léinn 1ú bliana & Idirbhliana chun comórtas 'Bake Off Sheó Chluain Meala' a fhorbairt, ag obair as lámh a chéile leis an ICA chun 'Maidin Tae Seanré' a sheoladh don Chumann Ailse agus 'Bus Feirme' a sceidealú do bhunscoileanna áitiúla chun ainmhithe fólaíochta a fheiceáil dóibh féin.

- Féile Chluain Meala agus Lá na mBailte Múrtha i gCluain Meala i dteannta le Comhairle Contae Thiobraid Árann, Féile Rothaíochta 3 lae Ghleann na Siúire & Féile Buscála Chluain Meala i rith mhí Lúnasa 2015. Thug os cionn 20,000 duine cuairt ar Chluain Meala i rith na féile sin.

- Tionscadail Chuimhne le Rannóg Teiripe Saothair Naomh Lúcas & leis an Alzheimers Society trí mheán an FSS – plé agus cuimhní a éascú.

- Oíche Chultúir leis an tSeirbhís Ealaíon: 18 Meán Fómhair 2015

- Ceardlanna ar fhéilirí traidisiúnta a chomhordú



Féile Chluain Meala 2015

CISTIÚ 2015:

- Chuir an Chomhairle Oidhreacht cistiú de €7.5k ar fáil do Lá na mBailte Múrtha i gCluain Meala trí Fhéile Chluain Meala.
- Thug Coiste Seó Chluain Meala infheistíocht ar luach €20k don taispeántas sealadach Seó Chluain Meala atá á thaispeáint i Músaem Contae Thiobraid Árann faoi láthair.
- Fuair an Músaem cistiú €7k tríd an Roinn Ealaíon, Oidhreacht & Gaeltachta chun gailearaithe an Mhúsaem a fhorbairt.

Tá súil ann go neartóidh an Músaem a chuid comhpháirtíochtaí agus na seirbhísí a chuireann sé ar fáil don phobal áitiúil. Mar gheall ar ár gcuid gairmiúlachta agus cruthaitheachta, is féidir leat bheith cinnte go bhfoghlaimeoidh tú, go mbeidh spraoi agat agus go mbeidh tú mar chuid de Músaem Contae a bhfuil sé mar aidhm aige bheith mar an Músaem is fearr i gcónaí.



COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT THIOBRAID ÁRANN

Ar an 1 Iúil 2015, rinneadh cumasc idir Comhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann Theas agus Comhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann Thuaidh chun go mbeidís ina gcomhlacht amháin do Chontae Thiobraid Árann. Is é sainchúram Chomhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann ná an spórt a fhorbairt agus gníomhaíocht fhisiceach a mhéadú sa chontae. I 2015, chuir an Chomhpháirtíocht Spóirt níos mó ná 40 clár nó tionscnamh ar fáil ar ghlac os cionn 2,600 duine páirt iontu. Ina theannta sin d'éirigh leis an gComhpháirtíocht Spóirt cistiú sa bhreis ar €460,000 a fháil chun tacú le soláthar a cuid clár agus tionscnamh i dThiobraid Árann.

SEO A LEANAS ROINNT ÉACHTAÍ LÁRNACHA DE CHUID NA COMHPHÁIRTÍOCHTA I 2015:

- Reáchtáladh séú Mionmharatón Ban Thiobraid Árann i gCluain Meala ar an 27 Meán Fómhair agus ghlac níos mó ná 770 duine páirt ann.
- Leantar ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do ghrúpaí 'Meet n Train' ar fud an chontae agus bunaíodh grúpaí nua 'meet n train' i mBuiríos Ó Luigheach agus Ros Cré.
- Tugadh tacaíocht do shiúl sa Chontae le siúlóidí pobail i gCathair Dúin Iascaigh, Siúlóidí 5k mar chuid de Operation Transformation agus 'Buggy Push' 5k i gCluain Meala. Leantar ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do ghrúpaí siúil a bunaíodh trí chlár 'Ceannaire Siúil (Walking Leader) trí fhógairt agus mhargú a gcuid imeachtaí.
- Éascaíodh clár Lúthchleasaíochta Bunscoile faoi dhíon san Aonach i mí na Samhna, ar ghlac os cionn 800 bunscoile páirt ann.



Mionmharatón Ban Thiobraid Árann, Cluain Meala 2015

- Ag tacú le réimse clár gníomhaíochta a dhíríonn ar mhná, a raibh ina measc trí tionscnamh 'Couch to 5k' agus an chlár aclaíochta 'Buggy Brigade'. Tugadh tacaíocht freisin do thrí chlár inar díriodh ar chailíní sna déaga: An Clár Cispheile 'Hoops for Girls' agus Blitz i Scoil na Toirbhearta Durlas ar ghlac 8 scoil agus 178 dalta ón gcéad bhliain páirt ann, Teen 4 Fit ar ghlac 2 scoil páirt ann agus clár Bike 4 Life le 1 scoil.

I 2015, chuir an Chomhpháirtíocht Spóirt níos mó ná 40 clár nó tionscnamh ar fáil ar ghlac os cionn 2,600 duine páirt iontu.

- Lean an tOifigeach Míchumais um Chuimsiú sa Spóirt ar aghaidh leis an gclár oibre ata dírithe ar dheiseanna gníomhaíochta fisicí a mhéadú do dhaoine faoi mhíchumas. Cuireadh roinnt clár lárnach ar fáil a raibh ina measc: Sraithchomórtas Boccia, Siúl & Comhrá, clár Sláinte & Aclaíochta, Cadhcáil, Leadóg do Chách, An Tionscnaimh Spóirt don Óige Xcessible inar díriodh ar Rugbaí & Oilíúint faoi Chuimsiú Míchumais. Tá na gníomhaíochtaí OMCS mar chuid den chlár um Chuimsiú Sóisialta sa Chomhpháirtíocht Spóirt ó bhí mí Iúil ann.
 - › Dréachtaíodh clár um Chuimsiú Sóisialta i Lúnasa / Meán Fómhair 2015: 'Pobail Chuimsitheacha trí mheán an Spóirt (Inclusive Communities through Sport) a dhíríonn ar Dhaoine faoi Míchumas, Daoine Óga i mBaol, Meabhairshláinte agus Leas, Pobail Imeallaithe, Cuardaitheoirí Poist agus naisc a fhorbairt idir Scoileanna/Clubanna/Pobail.
 - › I measc na ngníomhartha a rinneadh faoin gclár sin um Chuimsiú Sóisialta idir Meán Fómhair - Nollaig tá:
 - › Ritheadh clár um Shnámh Cuimsitheach i rith Mheán Fómhair le Naomh Crónán, Ros Cré le haghaidh ban a bhfuil míchumais éagsúla orthu.
 - › Cuireadh trealamh ar fáil do Chlub Leadóige Hillview i gCluain Meala chun clár 'Tennis 4 All' a rith.
 - › Cuireadh traenáil ar fáil do sholáthraithe seirbhíse maidir le Sraithchomórtas Boccia Thioibraid Árann a rith
 - › Ritheadh clár gníomhaíochta fisicí ar feadh 6 seachtaine i rith mhí na Samhna i scoil speisialta St. Anne's Ros Cré.
 - › Reáchtáladh ceardlann 'Feasacht faoi Mheabhairshláinte sa Spóirt' do thraenáilaithe Spóirt i mBaile Thioibraid Árann ar an 10 Nollaig i gcomhpháirt le 'Be Well Week' de chuid TRYS.
 - › Ritheadh an clár 'Healthy Minds Healthy Bodies' do Mhná ón Lucht Taistil i rith Dheireadh Fómhair i gcomhpháirt le CLTÁT agus Ionad Fóillíochta Ros Cré.
 - › Reáchtáladh an clár traenála pobail do chuardaitheoirí poist i gcomhpháirt le LIT Dhurlas ó mhí Dheireadh Fómhair - mí na Nollag. Tá obair idir lámha faoi láthair chun dhá chúrsa eile a chur i bhfeidhm le BOO Thioibraid Árann agus tá siad beartaithe le haghaidh mhí Feabhra 2016.



Clár Cóitseála Pobail, LIT, Durlas

- › Cuirfear tús le Sraithchomórtas Sacair Pobail faoi stiúir an Phobail agus cumann cónaitheora ar an 7 Nollaig i gColáiste Phobal Ros Cré. Tá CSTÁ agus an FAI ag tacú leis sin.
- › Tá 'Healthy Minds Healthy Bodies' don lucht taistil á leathnú go ceantar Ros Cré agus é curtha i bhfeidhm san Aonach roimhe sin.



- Tugadh cuid mhór tacaíochta don rothaíocht trí Chúrsaí Traenála, Cúrsaí Ceannaireachta, Clár Rothaíochta do Mhná, an clár 'Couch to 50k', Imeachtaí Rothaíochta Teaghlaigh agus Imeachtaí Eile.
- Tugann an Chomhpháirtíocht Spóirt tacaíocht fós don Fhéile do Dhaoine Scothaosta, do Cheardlanna 'Go for Life' agus cláir 'Link to be Active'.
- Leanadh ar aghaidh ag soláthar cúrsaí Leas Leanaí, cúrsaí d'oifigigh Club Leanaí, do Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe & Cúrsaí Garchabhrach. Éascaíodh dhá chúrsa ar Fheasacht faoi Mheabhairshláinte do thraenáilaithe/shaorálaithe spóirt.
- I mí na Nollag, reáchtáladh an séú babhta de na Dámhachtainí bliantúla um Shaorálaithe sa Spóirt mar chuid d'Oíche Dámhachtainí an Chanónaigh Hayes. Ba í an buaiteoir iomlán ná Marie Grayson a ainmníodh ag Cluichí Pobail Chaisil/Fhaiche Ró.
- Bhí an Chomhpháirtíocht Spóirt ina comhpháirtí i dTionscadal Interreg Green & Blue de chuid CCTÁ a chríochnaigh í mí an Mheithimh. Tá obair ar siúl chun Bealach Canú a fhorbairt ó Chathair Dúin lascaigh go Carraig na Siúire. Tá obair dheartha á dtabhairt chun críche le haghaidh Ard Fhionáin agus cuireadh isteach roinnt aighneachtaí um chistiú isteach le haghaidh oibreacha caipitiúla a raibh ina measc iarratas rathúil mar chuid de chlár REDZ Chluain Meala um athchóiriú ar an gCora ag Lady Blessington's.
- Cuireadh tús le clár oideachais agus oiliúna atá dírithe ar fhorbairt a dhéanamh ar Chanúáil & Chadhcáil ar Abhainn na Siúire; ritheadh 11 chúrsa deimhnithe agus tugadh teastais do níos mó ná 80 rannpháirtí. Tá níos mó cúrsaí beartaithe le haghaidh 2016.



Cúrsa Cadhcála Leibhéal 2 ar Abhainn na Siúire

I 2015, chuir Spóirt Éireann deiseanna breise maoinithe ar fáil, rinne CSTÁ iarratas rathúil ar €70,000 chun Mol Spóirt Pobail a fhorbairt ar Abhainn na Siúire i gCluain Meala a chuimseoidh forbairt chúrsa Stalóim i Lady Blessingtons i gCluain Meala. Freisin, fuarthas €48,000 do Chláir Traenála Pobail a dhíríonn ar chuardaitheoirí poist.



TUARASCÁIL OIFIGH FHOIBRTHA AN FAI 2015

LEANANN CCTÁ AR AGHAIDH AG TABHAIRT TACAÍOCHTA D'OIFIGH FHOIBRTHA AN FAI INA GCUID OIBRE SA CHONTAE A CHUIMSIÓN NA NITHE SEO A LEANAS:

- Tionscadal Futsal - tionscadal a ritheann an FAI agus BOO Tiobraid Árann i dteannta a chéile agus ar críochnaíodh an tríú bliain de i mí Bhealtaine. Caitheann na rannpháirtithe bliain iomlán i mbun oideachais acadúil agus peile. Leis an BOO, gnóthaíonn rannpháirtithe dámhachtain iomlán FETAC leibhéal 5 i staidéar Spóirt agus Caithimh Aimsire. Trí mheán an FAI déanann rannpháirtithe modúil traenála éagsúla chun cur lena gcuid oideachais mar thraenálaíthe. Freisin bíonn ar rannpháirtithe níos mó ná 70 uair an chloig de thairí oibre a dhéanamh le linn na bliana, rud a chuireann cabhair bhreise ar fáil don phobal peile sa cheantar. I Meán Fómhair na bliana seo chuir dream nua rannpháirtithe tús leis an gceathrú bliain den chlár.
- Leanadh ar aghaidh le gníomhaíocht dírithe ar Chuimsiú Sóisialta a raibh ina measc, clubanna buail isteach, clár iarscoile, blitzeanna agus sacar meánoíche; ar an mbealach sin cuireadh gníomhaíocht pheile rialta ar fáil do dhaoine óga i gCluain Meala, i gCarraig na Siúire agus i mBaile Thiobraid Árann. Clár nua á bhforbairt i Ros Cré agus sa Bhaile Beag.
- Forbairt Imreoirí (Buachaillí agus Cailíní) Leanann an clár um Imreoirí Cumasacha Nua ar aghaidh ag cothú forbairt imreoirí fear agus ban faoi aois den chéad scoth sa chontae agus ionaid feabhais i nDeisceart agus i dTuaisceart an chontae ag soláthar ama breise um chóitseáil agus theagmháil le 350 imreoir faoi aoise den chéad scoth idir na haoise u10-u16.
- Oideachas Traenálaíthe (leas leanaí san áireamh) 20 ceardlann ar oideachas oiliúnóirí ó Kick Start 1, Kick Start 2, 4v4, 7v7 agus cúrsaí Nirt agus Feabhsaithe sa chontae i rith na bliana agus os cionn 200 traenálaí a gcur lena gcuid eolais i réimse an oideachais do thraenálaíthe. Soláthraíodh 13 chúrsa breise i leas leanaí ar fud an chontae.



Leanann Peil na gCailíní ar aghaidh ag dul i méid agus í ar fáil i mbeagnach 20 club ar fud an chontae.



CAMPAÍ SAMHRAIDH: BHAIN OS CIONN 1900 LINBH AR FUD THIOBRAID ÁRANN TAITNEAMH AS NA CAMPAÍ SAMHRAIDH I RITH MHÍ IÚIL AGUS MHÍ LÚNASA AGUS CAMPAÍ Á N-ÓSTÁIL AG 18 GCLUB AR FUD AN CHONTAE.

- Tá clubanna Peil do Chách seanbhunaithe anois san Aonach, i Ros Cré, i gCathair Dúin Iascaigh agus i gCluain Meala agus reáchtáiltear seisiúin rialta freisin le Rehab Care, Scoileanna speisialta (i.e. St. Anne's Ros Cré) Líonraí Náisiúnta Foghlama agus seirbhísí Bhráithre na Carthanachta ar fud an chontae.
- Cuireadh an clár Idirchultúrtha de chuid Show Racism the Red Card ar fáil do 6 scoil i dTiobraid Árann Theas agus Thuaidh le linn Sheachtain FARE UEFA ina leagtar béim ar na fadhbanna agus ina gcuirtear eolas ar fáil dóibh a d'fhéadfadh gur chuir ciníochas as dóibh ar bhealach éigin agus iad i mbun an spóirt. Ina theannta sin cuireadh clár iarscoile ar feadh 6 seachtaine ar fáil do dhaltáí i 3 scoil sa chontae agus arís leagadh béim ar fhadhb an chiníochais sa spóirt agus ar conas déileáil leis.
- Scoileanna: Ghlac líon buaice de 92 scoil páirt i gcomórtas rang a 5/6 i mBunscoileanna Thiobraid Árann i mí Aibreáin/Bhealtaine. Freisin ritheadh blitzeanna Fustal i nDurlas do rang a 3/4 agus do dhaltáí na chéad bliana. Ghlac 30 scoil páirt ansin.




Ghlac líon buaice de 92 scoil páirt i gcomórtas rang a 5/6 i mBunscoileanna Thiobraid Árann i mí Aibreáin/Bhealtaine.



4

CÁILÍOCHT AN CHOMHSHAOL

- AN COMHSHAOL
- SEIRBHÍDÍ DÓITEÁIN & TARRTHÁLA
- SEIRBHÍDÍ UISCE
- COSAINT SHIBHIALTA



AN COMHSHAOL

I measc fheidhmeanna an rannóg seirbhísí comhshaoil tá cosaint an chomhshaoil, bainistíocht agus forfheidhmiú dramhaíola, bonneagar agus cothabháil, feasacht faoin gcomhshaoil agus seirbhísí pobail.

COSAINT AN CHOMHSHAOL

AN CHREAT-TREOIR UISCE & PLEANANNA BAINISTÍOCHTA ABHANTRAÍ

Ceapadh Údarás Áitiúla Thiobraid Árann agus Chill Chainnigh mar na húdaráis cheannasacha don tír chun na gnéithe den Chreat-treoir Uisce a bhaineann le bainistíocht abhantraí agus rannpháirtíocht phoiblí a sheachadadh. Tá Oifig na n-Údarás Áitiúil agus na bPobal Uisce bunaithe anois.



IMSCRÚDÚ AN TRUAILLITHE AGUS CIGIREACHTAÍ

Faoi láthair comhlíonann os cionn 50% de na haibhneacha sa chontae an caighdeán náisiúnta um cháilíocht uisce. Leanann an Rannóg Comhshaoil ar aghaidh ag fiosrú na bhfactóirí a bhíonn freagrach as drochchaighdeán uisce go háirithe i gcodanna áirithe d'aibhneacha ar aithníodh iad mar bheith truailithe nó áit a léirítear sa mhonatóireacht go bhfuil an cháilíocht imithe i léig. Is í aidhm na monatóireachta imscrúdaithí sin ná na fadhbanna sonracha a aithint a bhíonn tionchar acu ar cháilíocht uisce e.g. dabhcha séarachais, gníomhaíochtaí talmhaíochta, gníomhaíochtaí tráchtála etc.

Rinneadh 158 gcigireacht san iomlán ar fheirmeacha chun críocha foinsí uisce óil a chosaint, truailiú a imscrúdú, imscrúduithe abhantraí agus obair leantach maidir le DCT.



CÓRAIS TÍ UM CHÓIREÁIL FÚOLLUISCE

Líon iomlán na CTCFU a ndearnadh cigireacht orthu i 2015	43
Fógraí Comhairleacha Eisithe	8

CIGIREACHTAÍ AR SHAORÁIDÍ CEADÚNAITHE CEADÚNAIS DOIRTE

Rinneadh 233 cigireacht ar na 173 saoráid ceadúnaithe.

Seo a leanas na ceadúnais truaillithe uisce a eisíodh

- 57- Ceadúnas Alt 4 (Doirteadh chuig uisce)
- 78 - Ceadúnas Alt 16 (Eisilteach trádála chuig séaraigh.)
- Tá clár de na ceadúnais sin ar fáil le feiceáil in oifigí na Comhairle.

BONNEAGAR AGUS COTHABHÁIL

LÁITHREÁIN TRÉIGTHE

Bhí 52 láithreán ar Chlár na Láithreán Tréigthe ag deireadh 2015

REILIGÍ

Fuair 206 coiste grúpa pobail deontais ar luach iomlán €119,110 i dtreo clár um chothabháil reiligí.

Rinneadh roinnt mionoibreacha caipitiúla sna háiteanna seo a leanas: Laitean, Drongan, Ard Fhionáin, Áth an Chuilinn, Ráth an Bhaightiúnaigh, Gael, Cathair Dúin lascaigh agus Imleach.

Cuireadh tús le hoibreacha chun fothracha eaglaise meánaoise a chaomhnú i Maigh Dheisil.



Figiúr 1: Balla teorann deisithe i Reilig Imligh



Figiúr 2 Balla teorann deisithe i Reilig Chathair Dúin lascaigh



Figiúr 3 Oibreacha athchóirithe ar an Eaglais Mheánaoiseach i Reilig Mhaigh Dheisil:

CIGIREACHTAÍ AR SHEAMLAIS

Rinneadh 892 cigireacht san iomlán ar na 20 seamlas ar fud an chontae. Leis na cigireachtaí sin déantar cinnte go bhfuiltear ag comhlíonadh caighdeán um leas ainmhithe agus sláinteachas i seamlais roimh mharú agus ina dhiaidh. Rinneadh cigireacht ar 2,322 eallach, 7,008 caora, 1203 muc, 8 ngabhar agus 4,064 fia sna seamlais sin.

FORFHEIDHMIÚ AGUS BAINISTÍOCHT DRAMHÁIOLA

PLEAN BAINISTÍOCHTA DRAMHÁIOLA AN DEISCIRT 2015 - 2021

Seoladh Plean Bainistíochta Dramháiola an Deiscirt 2015 - 2021 ar an 14 Bealtaine. Sa plean sin leagadh amach an creat um chosc agus bainistiú dramháiola ar bhealach sábháilte agus inbhuanaithe. Beidh sé de cheangal ar gach údarás áitiúil sraith spriocanna agus gníomhartha beartais a bhaint amach.

REACHTAÍOCHT

Faoi na Rialacháin Dramháil Bia Teaghlaigh agus Bithdramháiola 2015 ceanglaítear ar theaghlaigh dramháil bia a scagadh agus a choimeád scartha ó ábhair do-bhithmhíllte. Tugadh isteach seirbhís na haraide doinne chuig na bailte agus sráidbhaile móra sa chontae i rith na bliana agus leathnófar chuig áiteanna eile i 2016.

Fuair an rannóg comhshaoil 2,340 gearán, agus réitíodh 94% díobh siúd i rith na bliana. D'eisigh na hoifigigh forfheidhmithe comhshaoil 92 "Fíneáil ar an láthair".

IONAID ATHCHÚRSÁLA

Ionaid Athchúrsála	Líon na gCuariteoirí
Cluain Meala - An Carraigín	16,938
Caiseal - Lota Waller	17,343
Baile Thioibraid Árann - Dún Eochaille	8,360
Ros Cré (meastachán)	30,960
An tAonach (meastachán)	65,098

BAINC BEIR LEAT

Rinneadh athchúrsáil ar 52 thona de pháipéar, 74 thona de channaí agus 2,827 tona de ghloine ó bhailiúcháin ag ár 108 láithreán Banc Beir Leat.

ATHCHÓIRIÚ LÍONTA TALÚN

Cuireadh tús le hathchóiriú láithreán Líonta Talún Dhún Eochaille



CIGIREACHTAÍ COMHSHAOIL

Ba é líon na gcigireachtaí comhshaoil a rinneadh faoin reachtaíocht um Bainistiú Dramhaíola ná 404. Chuimsigh an figiúr sin cigireachtaí a bhí beartaithe agus nach raibh beartaithe agus déantar iad de réir raon rialachán mar chuid dá bplean RMCEI.

Reachtaíocht	Cigireachtaí
Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead agus Clárú Saoráide) 2007-2015	25 chigireacht ar na Saoráidí Dramhaíola atá údaraithe ag cead. 13 chigireacht ar shaoráidí cláraithe a bhfuil Teastais Chláraithe acu.
Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead Bailiúcháin) 2007-2015	15 chigireacht um Chead Bailithe Dramhaíola
Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Pacáistí) 2014	1 Chigireacht ar Mhórháirgeoir Pacáistithe 2 chigireacht ar mhórháirgeoirí amhrasta 10 gcigireacht ghinearálta um chomhlíonadh ó thaobh pacáistithe.
Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Feithiclí a bhfuil a Ré Caite (FRC)) 2014	5 chigireacht ar Tháirgeoirí ELV.
Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Boinn agus Boinn Chaite) 2007	78 gcigireacht ar sholáthraithe boinn.
Rialacháin an AE (DLTT) 2014 & Rialacháin an AE (Ceallraí) 2014	58 gcigireacht maidir le DTLL agus 78 gcigireacht maidir le Ceallraí ar sholáthraithe DTLL/Ceallraí.
Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Plaistigh Fheirme) 2001	Rinneadh cigireacht ar 15 Mhiondioltóir maidir leis an tobhach um scannán plaisteach feirme. 3 lá cigireachta leis an IFFPG um athchúrsáil ar Phlaisteach Feirme.
Reachtaíocht	Cigireachtaí
Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Tobhach Mála Phlaistigh) 2001 2007	Rinneadh cigireacht ar 30 Miondioltóir i ndáil leis an tobhach mála phlaistigh.
Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Dramhaíl Bia) 2009	29 gcigireacht ar tháirgeoirí tráchtála dhramhaíl bia.
Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Diúscairt Dramhaíola trí Dhó a Chosc) 2009 – 2015	167 Dearbhú Fógra faoi dhó talmhaíochta Rinneadh 6 chigireacht ar dhó rialaithe.
Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Dramhaíl Eastóscach) 2009	14 chigireacht ar láithreáin dramhaíola eastóscaí.
Seicphointí Bóhair Cigireachtaí Ilghníomhaireachta Dramhaíl Ghuaiseach Oibríochtaí CCTV Gníomhaíocht Dramhaíola gan Chead	3 Sheicphointe 4 Chigireacht le NTFSO 4 Chigireacht i ndáil le Dramhaíl Ghuaiseach 20 CCTV curtha isteach 32 chigireacht maidir le gníomhaíocht dramhaíola gan chead

FORFHEIDHMIÚ

I dteannta leis na cigireachtaí a bhí beartaithe agus nach raibh beartaithe i rith 2015 glacadh roinnt gníomhartha forfheidhmithe faoin reachtaíocht dramhaíola mar seo a leanas:

Líon na ngníomhartha forfheidhmithe	Líon
Litreacha rabhaidh eisithe	69
Fógraí Forfheidhmithe Eisithe	13
Ionchúisimh Tionscanta	3

SEIRBHÍSÍ POBAIL

AN SCÉIM DEONTAS UM BHAILTE SLACHTMHARA

Faoin scéim seo tugtar ranníocaíochtaí do ghrúpaí bailte slachtmhara i dtreo an timpeallacht áitiúil a chaomhnú agus a fheabhsú. Bhain 103 baile agus sráidbhaile leas as gníomhartha saorálaithe áitiúla agus bronnadh deontais ar luach iomlán €112,596 i rith na bliana.

CLÁR NA SCOILEANNA UAINE



Tá 182 scoil sa chontae cláraithe leis An Taisce mar chuid de chlár an Bhrait Ghlais. I rith na bliana scoile 2014/2015, bronnadh Brat Glas ar 54 scoil i dTiobraid Árann ag searmanas dámhachtainí i gCill Chainnigh. Bronnadh a gcéad bhrat le haghaidh Bruscair agus Dramhaíola ar 4 scoil. Reáchtáladh seimineáir eolais do mhúinteoirí san Aonach agus i gCluain Meala, a raibh ionadaithe ag 37 scoil acu, chun an clár a mhíniú.



DÁMHACHTAINÍ NA SCOILEANNA SLACHTMHARA

Fuarthas 49 n-iontráil san iomlán do Chomórtas bliantúil na Scoileanna Slachtmhara. Bronnadh duaiseanna ar scoileanna sna 5 Cheantar Bardasach as leithdháileadh airgid duaise de €8,600.

DEONTAIS AN CHLÁIR ÁITIÚIL 21

Faomhadh 81 deontas agus scaipeadh chuig grúpaí éagsúla iad ó leithdháileadh deontais de €31,400.

LÁ BAILIÚCHÁIN UM DHRAMHAÍL GHUAISEACH FEIRME

Reáchtáladh lá bailiúcháin um Dhramhaíl Ghuaiseach Feirme ar an 17 Samhain i Marglann Chathair Dúin lascaigh i dteannta leis an GCC agus bailíodh os cionn 19,107 kg de dhramhaíl ghuaiseach.

RIALÚ MADRAÍ

Tugadh suas 691 madra do na Maoir Madraí nó gabhadh iad. As an líon sin fuarthas cóiríocht nua do 528 díobh. Ba é líon na madraí a bhí ceadúnaithe sa chontae ná 9,220. Oibríonn Comhairle Contae Thiobraid Árann as lámh a chéile le roinnt eagraíochtaí leas ainmhithe chun cóiríocht nua a chur ar fáil do mhadraí.

AN TACHT UM RIALÚ CAPALL 1996

Ghlac na comhaltaí tofa leis an Acht um Rialú Capall i mí na Nollag. Ba é líon na gcapall a gabhadh i 2015 ná 146.



FEASACHT FAOIN GCOMHSHAOL

AN NUACHTLITIR GLAS

Seoladh nuachtlitir dhébhlíantúil nua do scoileanna, Glas, i mí na Samhna. Sa chéad eagrán den nuachtlitir bhí ailt faoi chlár an Bhrait Ghlais, Comórtas na Scoileanna Tráchtála agus comórtas crosfhocal a bhí bunaithe ar fhuinneamh. Ba í Robyn Horan, dalta i Scoil Náisiúnta Phádraig, Drongán a bhuaigh an comórtas crosfhocal.

CEARDLANNA UASCHÚRSÁLA

Reáchtáladh dhá cheardlanna aon lá amháin ar uaschúrsáil i gColáiste Charn Tobair agus Ionad Acmhainní Chnoc an Ráiléigh i gcomhpháirt le hOifig an Deiscirt um Bainistíú Dramhaíola.

FEASACHT FAOI GHUAL TOITEACH

Tugadh cuairt ar gach miondíoltóir guail i gCluain Meala maidir lena gcuid dualgas i ndáil leis an gcosc ar dhíol guail bhíotúmanaigh i gCluain Meala agus sna háiteanna timpeall air.

AN SCÉIM UM ROTHÁÍOCHT CHUN NA HOIBRE

Is í aidhm na scéime seo ná fostaithe a spreagadh chun taisteal ar rothar chuig a n-ionad oibre agus uaidh, rud a fheabhsóidh sláinte agus folláine agus a laghdóidh brú tráchta agus astuithe carbóin. I 2015 bhain 59 mball foirne san iomlán leas as an scéim.

GLASÚ FÉILTE

Mar thacaíocht do ghlasú féilte, bhunaigh an rannóg comhshaoil seastán eolais chun cosc agus múiríníú dramhaíl bia a chur chun cinn in ionaid éagsúla ag Fleádh Cheoil na Mumhan san Aonach. Le haghaidh Mhionmharatón Thiobraid Árann, faoin bhfeachtas “Déan Rud Amháin Eile” tugadh buidéal uisce inathúsáidte do gach duine a ghlac páirt sa mhionmharatón.

PIOCADH BRUSCAIR THIOBRAID ÁRANN

Eagraíodh an imeacht sin i gcomhpháirt le Raidió Tipp FM. Tugadh málaí, lámhainní agus veisteanna sofheicthe do ghrúpaí pobail agus cónaitheoirí chun cabhrú le glanadh pobail ar a gceantar, agus rinne Comhairle Contae Thiobraid Árann an bruscar a dhíúscairt.

SEACHTAIN NÁISIÚNTA NA GCRANN

Scaip Comhairle Contae Thiobraid Árann níos mó ná 300 crann saor in aisce do na scoileanna, grúpaí Bailte Slachtmhara agus grúpaí pobail go léir a raibh siad uathu ar fud an chontae.



Glantachán Náisiúnta Earraigh

Chláraigh 287 grúpa pobail chun páirt a ghlacadh sa Ghlantachán Náisiúnta Earraigh. Chuir Comhairle Contae Thiobraid Árann pacaí glantacháin ar fáil do gach duine a ghlac páirt san imeacht.

FEACHTAS IN AGHAIDH SALAITHE AG MADRAÍ

Scaipeadh bileoga faoi Úinéireacht Fhreagrach Madraí chuig gach oifig Ceantair Bhardasaigh, Leabharlann agus gach ionad cúram tréidlia/siopa peataí i dThiobraid Árann chun feasacht a ardú faoi shalú madraí in áiteanna poiblí.

SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHT

Tugadh creidiúnú OHSAS18001 faoin gcaighdeán Córas um Bainistíocht Sláinte Ceirde agus Sábháilteachta don rannóg; faoin gcaighdeán sin cuirtear córas ar fáil chun tionchar eagraíochta ó thaobh sláinte agus sábháilteachta a mheas chomh maith le creidiúnú ISO14001, a chuireann struchtúr ar fáil chun tionchar eagraíochta ó thaobh an chomhshaoil a thomhas agus a fheabhsú. Cuireadh clár fairsing oiliúna ar fáil in éineacht leis sin.



TUAIRSCIÚ AR FHEIDHMÍOCHT FUINNIMH DE RÉIR I.R. DE 2009

Leanann Comhairle Contae Thiobraid Árann ar aghaidh ag laghdú an éilimh ar fhuinneamh agus ag méadú a sciar d'fhuinneamh inathnuaite ar aon dul leis an Straitéis um Athrú Aeráide arbh í an aidhm atá i gceist léi ná coigiltis a bhaint amach ó thaobh idiú fuinnimh agus cur le laghdú ar lorg carbóin CCTÁ.

I 2015 thug Comhairle Contae Thiobraid Árann faoi raon tionscnamh chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú. Tugadh faoi chlár mór um oibreacha iarfheistithe fuinnimh i 2 leabharlann (Cathair Dúin lascaigh agus Ros Cré), 1 stáisiún dóiteáin (Cluain Meala) 2 hionad fóillíochta (An tAonach agus Baile Thiobraid Árann), 1 oifig chathartha (An tAonach) agus 1 chóras dáilte um bhreosla chlós innealra (Cluain Meala) faoi Chlár an SEAI um Pobail Fuinnimh Níos Fearr. Rinneadh na háiseanna sin níos compordaí don phobal agus bhain Comhairle Contae Thiobraid Árann amach coigiltis de 256,386kWh agus €33,006 in aghaidh na bliana.

Tá sé ar intinn ag Comhairle Contae Thiobraid Árann ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú níos mó i 2016 trí leanúint ar aghaidh leis an gclár iarfheistithe fuinnimh in oifigí, stáisiúin dóiteáin agus ionaid fóillíochta. Déanfar uasghrádú ar ár gcuid soilse poiblí agus tá sé ar intinn againn tuilleadh tionscadal um shoilse sráide LED a bhaint amach. Táimid ag obair ar ár bPlean um Bainistíocht Straitéiseach Fuinnimh chun muid a threorú i dtreo ár spriocanna le haghaidh 2020.

Má chuirtear i bhfeidhm é bainfear amach coigiltis de 280,000kWh agus €17,000 gach bliain trí mheán Phlean Gníomhaíochta 2016. Is ionann é sin agus 1% breise i dtreo sprioc 2020.

Sa tábla seo a leanas déantar achoimre ar chostas agus idiú bliantúil fuinnimh agus breosla ag Comhairle Contae Thiobraid Árann i 2014:

Leictreachas 2014 - Caiteachas Bliantúil lomlán	€2,287,567
Leictreachas 2014 - Caiteachas Bliantúil ar Shoilse Poiblí	€823,524
Breoslaí lompair 2014 (díosal / peitreal / bithbhreosla) - Caiteachas Bliantúil lomlán	€1,319,950
Breoslaí Téimh 2014 (Gás / ola / bithmhais etc) - Caiteachas Bliantúil lomlán	€551,652
Leictreachas 2014 - Kwh Bliantúil lomlán	12,951,048kWh
Leictreachas 2014 - kWh Bliantúil úsáidte ag Soilse Poiblí	8,520,566kWh

Tá Comhairle Contae Thiobraid Árann ar an mbóthar ceart chun a sprioc a chomhlíonadh; is é sin ná úsáid fuinnimh a laghdú faoi 33% faoin mbliain 2020. I dtuarascáil an SEAI ar Úsáid Fuinnimh san Earnáil Phoiblí, a foilsíodh i mí Aibreáin 2015, tugadh achoimre ar shonraí fuinnimh ar fud na hearnála poiblí agus dearbhaíodh go bhfuil Tiobraid Árann ag déanamh dul chun cinn maith i dtreo a chuid spriocanna.

Is ar an mbunús sin ar rangaigh SEAI Comhairle Contae Thiobraid Árann sa 4ú háit as 31 Údarás Áitiúil a chuir isteach sonraí.

BAINISTÍOCHT FUINNIMH

Shínigh Comhairle Contae Thiobraid Árann Cúnant na Méaraí i mí Fheabhra 2015. Tríd an gcúnant a shíniú, tá gealltanús tugtha ag Comhairle Contae Thiobraid Árann chun Plean Gníomhaíochta um Fuinneamh Inbhuanaithe a chur i bhfeidhm don chontae, agus é mar aidhm astuithe CO2 a laghdú faoi 20% ar a laghad faoi 2020.



Mar chuid de Sheachtain AE um Fuinneamh Inathnuaite, a reáchtáladh idir an 15 Meitheamh agus an 19 Meitheamh, reáchtáil Comhairle Contae Thiobraid Árann taispeántas fuinnimh i rith na seachtaine in Oifigí Cathrach an Aonaigh. Bhí an imeacht sin ar siúl ar fud na hEorpa chun éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh inathnuaite a thaispeáint, a chur chun cinn, a phlé agus a cheiliúradh.



Bhuaigh Comhairle Contae Thiobraid Árann an dámhachtain Earnála Poiblí ag searmanas dámhachtainí Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann i Samhain 2015. Moladh an chomhairle as bheith chun tosaigh ó thaobh a bhfeidhmíochta maidir le bainistíocht fuinnimh agus a nglacadh le réitigh um fuinneamh inmharthana.



Bhuaigh Comhairle Contae Thiobraid Árann an dámhachtain Earnála Poiblí ag searmanas dámhachtainí Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann i Samhain 2015.

SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN & TARRTHÁLA

OIBRÍOCHTAÍ DÓITEÁIN

Coimeádann an Chomhairle briogáidí dóiteáin in dá cheann déag d'ionaid (An tAonach, Durlas, Ros Cré, Teampall Mór, Buiríos Uí Chatháin, An Port Nua, Cloch Shiurdáin, Cluain Meala, Caiseal, Cathair Dúin lascaigh, Baile Thiobraid Árann agus Carraig na Siúire) agus i 2015 thug na briogáidí dóiteáin sin freagra ar 1332 eachtra san iomlán. Rinneadh go leor dul chun cinn i 2015 ó thaobh chomhchuíbhiú na nósanna imeachta oibriúcháin, trealaimh agus oiliúna ar fud na seirbhíse nua-chumasctha.

TRAENÁIL

Rinne baill go léir na seirbhíse clár cuimsitheach oiliúna i 2015. Ina theannta sin, bhí bliain an-ghnóthach ag Ionad Oiliúna agus Forbartha Chluain Meala agus idir cúrsaí inmheánacha agus cúrsaí a rith custaiméirí seachtracha á n-éascú aige. Leis an gcóras bainistíochta atá creidiúnaithe de réir ISO9001 déantar cinnte go n-éascaítear agus go soláthraítear na caighdeáin oiliúna is airde agus is féidir san ionad.

RIALÚ TÓGÁLA

Fuarthas 84 hiarratas ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán, 57 n-iarratas ar Theastas Rochtana um Dhaoine faoi Mhíchumas agus 268 fógra thosach feidhme i 2015. Thug Teicneoirí Pleanála faoi 35 Chigireacht um Rialú Tógála thar ceann na Seirbhíse Dóiteáin i 2015.

SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHT

Aithníodh Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thiobraid Árann ag na Dámhachtainí Náisiúnta Sábháilteachta 2015 agus an dámhachtain mór le rá as an tSeirbhís Phoiblí is fearr bronnta orthu don dara bliain as a chéile.

Tugann na dámhachtainí, a eagraíonn Eagraíocht Náisiúnta Shábháilteachta na hÉireann, (NISO), ómós dóibh siúd arbh léir gur bhain siad amach barr feabhais agus iad ar lorg sábháilteachta san ionad oibre. Leis an dámhachtain neartaíodh stádas Sheirbhís Dóiteáin & Tarrthála Thiobraid Árann mar cheannairí sábháilteachta ina réimse.

BRONNADH AN DÁMHACHTAIN AR AN GCOMHAIRLEOIR SEAMUS HANAFIN, CATHAOIRLEACH CHOMHAIRLE CONTAE THIOBRAID ÁRANN, LEIS AN DÁMHACHTAIN AG SEARMANAS I NGAILLIMH.



C-D: Mark Griffin, FF Teampall Mór, Martin O' Halloran, POF HSA, Karl Cashen, DOS, Pauric Corrigan, Uachtarán an NISO, James Tarrant, FF Caiseal, Dave Carroll, POD, Joe McGrath, CE, Eddie Ryan, SACFO, Seamus Murnane, SSO Cathair Dúin lascaigh, Liam Quinn, Oifigeach S&S, an Cmhlr Seamus Hanafin, Cathaoirleach, Marcus O' Connor, DOS.

SÁBHÁILTEACHT DÓITEÁIN

I dtannta lena chuid gníomhaíochtaí oibriúcháin, bhí an tSeirbhís Dóiteáin an-ghníomhach maidir le sábháilteacht dóiteáin a chur chun cinn agus leanann sí ar aghaidh ag déanamh cigireachtaí ar fhoirgnimh ina dtionólan an pobal mar iarracht chun cabhrú le húnéirí foirgnimh a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Acht um Sheirbhís Dóiteáin 1981 & 2003. I measc na ngníomhaíochtaí ar tugadh fúthu i rith 2015 chun feachtas faoi sábháilteacht dóiteáin a chur chun cinn bhí:

- Thug comhraiceoirí dóiteáin as gach briogáid i dTiobraid Árann cuairt ar rang a 3 i dTiobraid Árann chun an clár Fhoireann Sábháilteachta a chur ar fáil. Is é cuspóir an chlár ná páistí a chur ar a n-eolas faoi chontúirtí an dóiteáin ionas go dtabharfaidh siad siúd, faoi seach, an teachtaireacht abhaile agus ar an mbealach sin go bhfeabhsófar sábháilteacht dóiteáin sa teach agus sa phobal.
- Rannpháirtíocht sa tSeachtain um Shábháilteacht Dóiteáin i nDeireadh Fómhair. Mar chuid de sin reáchtáladh seisiún feachtas poiblí i gcoimpléisc siopadóireachta áitiúla, stáisiúin seirbhíse mótarbhealaigh, láir bhaile agus roinnt agallamh raidió ag baill foirne éagsúla. Reáchtáil roinnt stáisiún dóiteáin laethanta oscailte i rith na seachtaine um shábháilteacht dóiteáin.
- Reáchtáladh seimineár don earnáil Cúraim Chónaithigh san Óstán Anner i nDeireadh Fómhair 2015. D'fhreastail 41 duine san iomlán ón earnáil cúraim chónaithigh (tháinig na rannpháirtithe ó thithe altranais agus ospidéal san earnáil poiblí agus phríobháideach araon) i dTiobraid Árann.
- Rinne B&A Confidential suirbhé agus cuireadh an chéad sraith torthaí i láthair dúinn i nDeireadh Fómhair 2015 (eiseofar tuilleadh torthaí gach sé mhí thar thréimhse 5-bliana 2015-2020). D'fhéadfaí achoimre a dhéanamh ar an gcéad sraith torthaí mar seo a leanas:
- Tá 98% de theaghlaigh cosanta ag aláram dóiteáin amháin ar a laghad. Ní mór dúinn coimeád i gcuimhne go bhfuil sé sin bunaithe ar na sonraí tosaigh ón gcéad 6 mhí agus nuair a méadófar an sampla i suirbhéanna amach anseo go bhféadfadh go mbeadh torthaí beagáinín difriúil le feiceáil. Léirítear sa suirbhé freisin go bhfuil cion níos mó daoine ag brath ar aon aláram amháin i dTiobraid Árann i gcoibhneas leis an leibhéal náisiúnta (36% vs. 26%). Cúis imní faoi láthair go mbraitheann freagróir amháin as cúigeair i dTiobraid Árann ar 'an blip' chun tabhairt le fios go bhfuil an ceallra beagnach caite seachas tástáil a dhéanamh air ag amanna éagsúla. Tá sé sin dhá huair níos airde ná an meán náisiúnta agus ní mór dúinn iarracht a dhéanamh dul i ngleic leis trí mheán an oideachais an bhliain seo chugainn.
- Bunaíodh leathanach Facebook agus cuntas Twitter araon le haghaidh Sheirbhís Dóiteáin & Tarrthála Thiobraid Árann agus tá ag éirí go han-mhaith leis an dá rud agus beagnach 5,000 leantóir acu.

Is é cuspóir an chlár ná páistí a chur ar a n-eolas faoi chontúirtí an dóiteáin ionas go dtabharfaidh siad siúd, faoi seach, an teachtaireacht abhaile agus ar an mbealach sin go bhfeabhsófar sábháilteacht dóiteáin sa teach agus sa phobal.



SEIRBHÍSÍ UISCE, 2015

Cé go bhfuil freagracht as seirbhísí uisce curtha ar aghaidh go hUisce Éireann ón 1 Eanáir 2014, tá ról mór ag údaráis áitiúla san earnáil fós agus iad ag feidhmiú mar ghníomhairí d'Uisce Éireann maidir le hoibriú agus cothabháil seirbhísí.

Ciallaíonn an t-aistriú sin go bhfeidhmíonn údaráis áitiúla faoi Chomhaontuithe Leibhéal Seirbhíse le hUisce Éireann. Is é Uisce Éireann a shocróidh an leibhéal seirbhíse, i bhfianaise a chonartha leis an rialaitheoir eacnamaíoch, agus éifeachtúlacht agus infheistíocht luathaithe a stiúradh. I dteannta leis an gComhaontú Leibhéal Seirbhíse, ní mór Plean Seirbhíse Bliantúil a ullmhú trí próiseas comhpleanála idir an Chomhairle agus Uisce Éireann.

1. TIONSCADAIL CHAIPITIL

Ar an 13 Bealtaine 2014 d'fhoilsigh Uisce Éireann a Phlean um Infheistíocht Chaipitil (PIC) le haghaidh 2014 go 2016. Tugtar tús áite d'infheistíocht sna háiteanna inar féidir leis na feabhais is práinní a bhaint amach ó thaobh cháilíocht uisce óil, lígean, fáil uisce, comhlíonadh fuíolluisce, éifeachtúlacht agus seirbhís do chustaiméirí. Tá an PIC le haghaidh 2017-2022 á ullmhú ag Uisce Éireann.



CLÁR MHÓRINFHEISTÍOCHT CHAIPITIL UISCE ÉIREANN - TIOBRAID ÁRANN

A. Scéimeanna á dtógáil	Ainm an Chonartha	Comhairleoir	Conraitheoir	Stádas reatha na Scéime
SSUR na Cúirte Dóite & Fhiodh Ard	Conradh SSUR DTO na Cúirte Dóite & Fhiodh Ard	Nicholas O'Dwyer	Glan Agua Limited	Oibreacha idir lámha, tús curtha leis an gconradh i mí na Nollag 2014
SSUR Dhurlas Conradh 1 (Líonra)	SSUR Dhurlas Conradh 1 (Líonra)	Nicholas O'Dwyer	Regan Civil Engineering	Liosta fabhtanna á ullmhú ag an gconraitheoir faoi láthair.
Caomhnú Uisce Céim 3 SSUR Fhiodh Ard	SSUR Fhiodh Ard Athshlánú Líonra agus Réamhscéim Séarachais Fhiodh Ard	Ryan Hanly	David Walsh Civil Engineering	Tús Curtha leis an gConradh Eanáir 2015. Conradh 75 seachtaine.
SSU Bhaile & Tuath Chluain Meala (Réamhoibreacha)	Príomhphíobán & Tollpholl na Gráige Conradh Uimh.3	Nicholas O'Dwyer	Wills Bros.	Tús Curtha leis an gConradh Eanáir 2015. Conradh 75 seachtaine.
Caomhnú Uisce Céim 3 Baile an Aonaigh	Caomhnú Uisce Céim 3 Baile an Aonaigh	JB Barry	Balfour Beatty	Tús curtha leis an gconradh Samhain 2015. Conradh 78 seachtaine.
Scéim Séarachais an Aonaigh	Líonra Fuíolluisce an Aonaigh Réamhoibreacha	JB Barry	Balfour Beatty	Tús curtha leis an gconradh Samhain 2015. Conradh 78 seachtaine.

B. Athbhreithníú ar Raon Feidhme agus cuir tús le tógáil (Uisce Éireann i mbun Athbhreithnithe)	Ainm an Chonartha	Stádas reatha na Scéime
SSU Bhaile Chluain Meala (Réamhoibreacha)	Stóráil Thuaidh ó Chluain Meala agus Píblínite	Ceapadh Nicholas O' Dwyer mar chomhairleoir. Athbhreithníú ar an dearadh ar siúl.
Conradh SSUR Dhurlas 2 DTO Ionad Cóireála Uisce (ICU) & píblínite bhóthar na Mainistreach	SSUR Dhurlas Conradh 2 DTO Ionad Cóireála Uisce & píblínite	Nicholas O'Dwyer ceaptha mar Chomhairleoir. Athbhreithníú ar an dearadh ar siúl. Réamhcháiliú le tosú
SSUR Fhiodh Ard	Uasghrádú ar Thobar Mullenbawn	Nicholas O'Dwyer ceaptha ag Uisce Éireann mar Chomhairleoir
SSUR Ard Fhionáin/na Cúirte Dóite	Oibreacha M&E Fuarán Bhaile Uí Lúbaigh agus na Cille Rua	JB Barry ceaptha mar chomhairleoir
SSU Bhaile agus Tuath Chluain Meala (RTT & Ordú um Astarraingt Uisce)	SSU Bhaile & Tuath Chluain Meala – ICU, Taiscumair, Oibreacha Iontógála agus Píblínite Conradh DTO	Uisce Éireann ag ceapadh Comhairleoirí.
Scéim Séarachais an Aonaigh	ICFU & Uasghrádú Líonra	Tearmaí tagartha le hullmhú chun Comhairleoir a cheapadh



Píblíne ar Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Dhurlas



Ionad Cóireála Uisce nua na Cúirte Dóite á dtógáil



Ionad Cóireála Uisce Nua Fhiodh Ard á dtógáil



Ionad Cóireála Uisce Nua Fhiodh Ard á dtógáil

2. MIONSCÉIMEANNA CAIPITIL, 2015

Tá an clár leanúnach ceaptha chun tosaíocht a thabhairt do chaiteachas ar bhealach chomh héifeachtach agus is féidir, chun aithint cad iad na háiteanna is mó ina bhfuil cistiú ag teastáil trí dhírú ar riocht agus feidhmíocht shonrach sócmhainní, bunchúiseanna fadhbanna a aithint agus déileáil leo siúd. Déileáil an clár le saincheisteanna mar cháilíocht uisce, fáil uisce, sláinte agus sábháilteacht, comhlíonadh rialála (GCC), baol don tsláinte phoiblí agus don chomhshaol, éifeachtúlacht fuinnimh agus leibhéal seirbhíse a choimeád trí dhéileáil le sócmhainní atá ag tearcfheidhmiú. Déanann Uisce Éireann athbhreithníú ar na tionscadail go léir faoin Mionchlár Caipitil a gcuireann Comhairle Contae Thiobraid Árann ar aghaidh sula bhfaomtar iad.

3. CAOMHNÚ UISCE

Is é an t-éileamh laethúil uisce sa Chontae ná 61,300m³ (bunaithe ar fhiigiúir Nollaig 2015) agus déantar é sin a sholáthar trí 3,204km de phríomhphíobán uisce. Faoi Phlean Bliantúil Seirbhíse 2016 le hUisce Éireann tá sé mar aidhm ag Comhairle Contae Thiobraid Árann laghdú 2% a bhaint amach ar Uisce gan Tásc (UGT) agus é léirithe mar chéatadán de mhéid iomlán an uisce a dhéantar a sholáthar faoi scéimeanna soláthair uisce. Is ionann é sin agus coigilteas de thart ar 2,200m³ in aghaidh an lae maidir le méid an uisce a dhéantar.

Trí chistiú Uisce Éireann um thionscnaimh mar mhórsceimeanna caipitil, mionoibreacha um athsholáthar príomhphíobán uisce agus brath agus deisiú ligin spriocdhírthe tríd na Cláir Chaipitiúla Uisce i 2016, cabhrófar linn spriocfhiigiúir um chaomhnú uisce a bhaint amach.

4. AN CLÁR UISCE TUAITHE

BROLLACH

Baineann an Clár Uisce Tuaithe (CUT) go príomha leis an ngrúpscéim soláthair uisce sa chontae.

Is sampla den scoth é grúpscéim uisce bríomhar Thiobraid Árann ar na héachtaí ar féidir a bhaint amach nuair a bhíonn plé dearfach ag fiontraíocht dheonach, áitiúil agus láir lena chéile. Cuireann 81 GSU gníomhach uisce óil deachaighdeáin dá gcuid pobal agus do na glúinte atá le teacht. Léiríonn na coistí deonacha sin tiomantas den scoth, agus is minic go ndéanann siad i bhfad níos mó ná mar atá de dhualgas orthu a dhéanamh.

Is ardeiseamláir í GSU Chonhairt-Chnoc Alltáin den ról leanúnach a ghlacann an coistí sin go flaitiúil ina gcuid pobal.

Is é an Coiste Uisce Tuaithe a fhéachann thar an gClár Uisce Tuaithe; seirbheálann 5 comhaltaí den Chomhairle air, ionadaí ó Chónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce (National Federation of Groupwater Schemes) agus ionadaithe ó ghrúpscéimeanna uisce agus eagraíochtaí tuaithe sa chontae air.



Radharc ar sheanáit ó áit nua - Cnoc an Locha ó Thaiscumar Gharraí na Móna atá suite i nGarraí na Móna, Bhealach Achaille, Durlas, Co.Thiobraid Árann



Meangadh ar Gach Duine ~ Tugann daltaí Scoil Náisiúnta Chill Bharráin cuairt ar an Ionad Cóireála Uisce de chuid Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach an Aonaigh sa Chúil Bhán, an tAonach.



Ceilíúradh Caoga Bliain ó bunaíodh GSU Chointhairt-Chnoc Alltáin & scor J.Brien, Deireadh Fómhair 2014. Sna Suíocháin Chúil: B Spillane, P O'Gorman agus R Wallace. Sna Suíocháin Tosaigh: T Nolan, M Hogan, J O'Brien, A O'Brien agus K O'Brien.



GRÚPSCÉIMEANNA UISCE

DEONTAIS CHAIPITIL DO GHRÚPSCÉIMEANNA UISCE

Tá grúpscéimeanna uisce incháilithe do chúnamh deontais i dtreo oibreacha caipitiúla, a chuirtear ar fáil tríd an gComhairle ón Roinn Cumarsáide, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DoECLG). I 2015, rinneadh €485,132 a infheistiú i dtionscadail éagsúla um feabhsú (ríomh-mhéadair, boscaí teorann, foinse nua, córas ultraivialait nua), ar fud an chontae. Bhain 26 ghrúpscéim uisce leas as deontais chaipitil faoin CUT.

Leis an mbeart cuirtear 85% de chostas deireanach tionscadail ar fáil do choiste (suas go huasmhéid de €7,650 in aghaidh ceangail teaghlaigh). Ní mór do choiste GSU 15% den chostas a sholáthar é féin. Tagann oibreacha faofa faoi na ceannteidil cáilíocht uisce, sláinte agus sábháilteacht, caomhnú uisce agus feabhsú líonraí.

FÓIRDHEONTAS BLIANTÚIL COTHABHÁLA DO GHRÚPSCÉIMEANNA UISCE:

Rinne seasca-cúig ghrúpscéim uisce iarratas ar íocaíocht bhliantúil fóirdheontais cothabhála i 2015 agus fuair siad í. Tá caiteachas incháilithe bunaithe ar speansais an GSU sa bhliain 2014. Faigheann GSU 100% den mhéid a chaitear ar cháilíocht uisce (mar shampla, clóirín, bolgáin ultraivialait (UV) agus céatadán bunaithe ar líon na gceangal teaghlaigh, le haghaidh caiteachais laethúil. Is é an t-uasmhéid atá iníoctha ná €140 in aghaidh ceangail teaghlaigh áit a bhfuil an fhoinsé uisce príobháideach. Faigheann an chuid is mó de GSUnna a n-uasmhéid. Scaipeadh cistiú ar luach €359,510 chuig an bpobal GSU i 2015 trí mheán an fhóirdheontais.

DEONTAIS CHUN SOLÁTHAR UISCE AONAIR A CHUR AR FÁIL DO THEACH NÓ FEABHSÚ RIACHTANACH A DHÉANAMH AIR (DEONTAIS UM THOIBREACHA PRÍOBHÁIDEACHA):

Is é cuspóir an scéim deontais seo ná cabhrú le teaghlaigh, atá ag brath ar sholáthair uisce príobháideacha aonair a agus a fhulaingíonn caiteachas caipitil:

- soláthar uisce trí pháibín a chur ar fáil um úsáid teaghlaigh, nó
- lochtanna tromchúiseacha ar sholáthar reatha uisce a cheartú le haghaidh cuspóirí teaghlaigh.

Ní bhaineann an scéim le tithe ar cuireadh soláthar uisce poiblí nó grúpscéime ar fáil dóibh cheana féin nó ar féidir é a chur ar fáil dóibh go réasúnta.

Fuarthas seasca-ceathair hiarratas i 2015 agus tugadh faomhadh i bprionsabal do 30 díobh sin le haghaidh deontais. Ba é méid na ndeontas a íocadh faoin gceannteideal ná €81,098 i dtaobh 45 iarratais. Íoctar seasca-haon fán gcéad de dheontais ag an uasmhéid atá iníoctha, €2,031. Aisíocann an DoECLG na deontais sin.





COSAINT SHIBHIALTA

FREAGAIRTÍ AR THUILTE

Bhí ról ríthábhachtach ag Saorálaithe Cosanta Sibhialta i bhfreagairt Tuilte an Údaráis Áitiúil i 2015. Thug saorálaithe freagairt i gCluain Meala, Cill Sioláin, Ard Fhionáin, Carraig na Siúire, agus sa Chaisleán Nua. Bhí ról ag Cosaint Shibhialta ar gach leibhéal ó sholáthar málaí gainimh go dúnadh bóthair agus go háirithe in aslonnú teaghlach a bhí buailte ag tuilte i gceantar Kilganey agus an tSeandroichid a bhí buailte ag tuilte. Chabhraigh baill leis an nglanadh freisin tar éis na dtuilte i gCluain Meala agus Carraig na Siúire. Is mór an teist é ar dhíograis na saorálaithe a thug a gcuid ama saor in aisce go háirithe le linn na laethanta saoire agus um Nollaig.

Chomh maith le freagairt ar thuilte d'fhreastail saorálaithe Cosanta Sibhialta ar os cionn 200 imeacht pobail áit ar chuir siad Garchabhair agus cumhdach otharchairr ar fáil. I measc na n-imeachtaí sin bhí Féile Ealaíon Thír Dhá Ghlas, turas rothaíochta 3 Ghleann na Siúire, Féile an Phoirt Rua, Béalí ar rothaí, imeachtaí do dhaoine scothaosta agus imeachtaí éagsúla spóirt agus cultúrtha.

Mar is amhlaidh i gcónaí d'fhreagair Cosaint Shibhialta glaonna amach maidir le daoine ar iarraidh sa cheantar agus bhí siad rannpháirteach in aisghabháil 4 duine a bhí ar iarraidh. Tugadh cúnamh freisin do Gharda Cóta na hÉireann chun duine gortaithe a iompar le go bhféadfaí iad a aeraistriú.

I Meán Fómhair 2015 ghlac Cosaint Shibhialta Thiobraid Árann páirt i Lá Taispeántais na Seirbhísí Éigeandála i bPáirc Bhaile an Phaoraigh. Thaispeáin 15 shaorálaí scileanna agus trealamh Cosanta Sibhialta don phobal i gcoitinne; ina measc bhí Puball Éigeandála Otharchairr, aonad Ceannais & Comhordaithe agus an madra cuardaigh K9.

Leanadh ar aghaidh le traenáil ball ar fud an chontae sna réimsí seo a leanas: Garchabhair Oibre, Freagairtí ar Thuilte Mearuisce agus Scileanna Cuardaigh agus Tarrthála, chomh maith le traenáil Lónadóireachta agus Leasa. Déantar an chuid is mó den traenáil sin san oíche agus ag an deireadh seachtaine.

I 2015 cáilíodh teagascóirí nua Cosanta Sibhialta i CFT, Mearuisce & modhanna Teagaisc.

I Samhain 2015 ghlac Cosaint Shibhialta Thiobraid Árann páirt i gCleachtadh Náisiúnta sa Mhionatóireacht Radaíochta a d'eagair an Coláiste Cosanta Sibhialta i Ros Cré.

I 2015 sholáthair aonaid Lónadóireachta Cosanta Sibhialta 90 dinnéar Nollag do Dhaoine Scothaosta Chluain Meala le Cumann Cónaitheoirí Elm Park. Freisin chabhraigh aonaid leasa le lónadóireacht agus le riar bia ag an Cóisir Nollag 'croí óg' an chomhlachas Garda/Gairmeacha i mí na Nollag.

IMEACHTAÍ EILE I GCOSAINT SHIBHIALTA.

- Phós na baill Natasha Webster & Michael O'Dwyer.
- Ghlac 6 ball páirt i Rás Eachtraíochta Chill Áirne a chuimsigh rothaíocht 27k, cadhcáil agus rith suas Sliabh Thoirc i gCill Áirne.




- Ghlac 4 ball den Chosaint Shibhialta san imeacht idirchomhlachtaí Dragon Boat agus bhuaigh siad comórtas an phláta.
- Rinne Cosaint Shibhialta ionadaíocht ar 4 ball ag Rothaíocht na Seirbhísí Éigeandála.
- Is cuimhin linn go ceanúil baill a cailleadh i rith na bliana.

5

CEANTAIR BHARDASACHA

- CEANTAR BARDASACH CHARRAIG NA SIÚIRE
- CEANTAR BARDASACH CHAISEAL-THIOBRAID ÁRANN
- CEANTAR BUIRGE CHLUAIN MEALA
- CEANTAR BARDASACH AN AONAIGH
- CEANTAR BARDASACH AN TEAMPAILL MHÓIR-DHURLAS



CEANTAR BARDASACH CHARRAIG NA SIÚIRE

CRUINIÚ GINEARÁLTA BLIANTÚIL

Reáchtáladh Cruinniú Ginearálta Bliantúil Cheantar Bardasach Charraig na Siúire ar an 24 Meitheamh 2015. Toghadh an Comhairleoir Eddie O' Meara mar Chathaoirleach arís agus toghadh Kieran Bourke mar Leaschathaoirleach.



FÁILTÍÚ CATHRACH



Tugadh fáiltiú cathrach don Uas. Eoin Kelly ar an 20 Márta, 2015 mar aitheantas dá ról agus dá gcuideachtaí san iománaíocht dá Chlub i Muileann na hUamhan, agus dá Chontae. Reáchtáladh an fáiltiú in Ionad CLG C.J. Kickham, Muileann na hUamhan, Co. Thiobraid Árann agus d'fhreastail na céadta duine air, a raibh ina measc baill den Oireachtas, baill den Chomhairle Contae agus piardaí ón gCumann Lúthchleas Gael.



TACAÍOCHT ÓN BPOBAL

Chabhraigh Ceantar Bardasach Charraig na Siúire leis na comhlachtaí seo a leanas faoi Alt 66 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001:

COISTE PHARÁID LÁ FHÉILE PÁDRAIG CHARRAIG NA SIÚIRE

Cuireadh deontas €500 ar fáil do Choiste Lá Fhéile Pádraig. Eagraíonn an coiste Paráid Lá Fhéile Pádraig gach bliain.

IONAD SPÓIRT SHEÁIN UÍ CHEALLAIGH

Cuireadh deontas €5,000 ar fáil d'Ionad Spóirt Sheáin Uí Cheallaigh. Cuireann an t-ionad spóirt áiseanna ar fáil do shnámh agus do thraenáil fhisiceach agus tarraingíonn sé na mílte cuairteoir gach lá.

CUMANN FORBARTHA CHARRAIG NA SIÚIRE

Cuireadh deontas €3,500 ar fáil do Chumann Forbartha Charraig na Siúire (CoSDA). Cuireann an Cumann Forbartha ionad oidhreachta ar fáil ar an bPríomhshráid i gCarraig na Siúire, ionad pobail sa Charraig Bheag, Carraig na Siúire agus tá sé rannpháirteach i go leor scéimeanna oiliúna sa bhaile.

COISTE FORBARTHA TURASÓIREACHTA AGUS EACNAMAÍOCHTA CHARRAIG NA SIÚIRE

Cuireadh deontas €1,500 ar fáil do Choiste Forbartha Turasóireachta agus Eacnamaíochta Charraig na Siúire (COSTEDC). Tá ionadaithe ón Údarás Áitiúil, ón gComhlachas Gnó agus ón gCumann Forbartha ar an gcoiste. Tá plean straitéiseach ullmhaithe aige do Charraig na Siúire agus tá sé i mbun roinnt beart éagsúil chun an baile a chur chun cinn.

BANNA PRÁIS CHARRAIG NA SIÚIRE

Cuireadh deontas €1,900 ar fáil do Bhanna Práis Charraig na Siúire Tá an Banna ann leis na blianta fada agus thug siad sé léiriú saor in aisce don phobal i 2015.

COISTE FHÉILE CLANCY

Cuireadh deontas €3,500 ar fáil do Choiste Fhéile Clancy. Reáchtáiltear an fhéile gach bliain i gcathair trí lae ar dheireadh seachtaine an lá saoire bhainc i Meitheamh. San fhéile comóirtear na Deartháireacha Clancy a rugadh sa bhaile, agus tarraingítear na mílte duine chuici.

SCEIDEAL D'OIBREACHA I GCEANTAIR BHARDASACHA

I Márta 2015 d'aontaigh na baill ar Sceideal d'Oibreacha i gCeantair Bardasacha le haghaidh Cheantar Bardasach Charraig na Siúire. Leis sin rinneadh soláthar do chaiteachas iomlán de €5,427,938 ar chothabháil tithe, bóithre, draenáil, láithreacha conláistí, glanadh sráideanna, cothabháil muiríne agus reiligí.

SEO A LEANAS CUID DE NA PRÍOMHCHLÁIR A RAIBH TIONCHAR ACU AR CHEANTAR BARDASACH CHARRAIG NA SIÚIRE MAIDIR LE BÓITHRE AGUS BONNEAGAR I RITH 2015:

- Neartú ar bhóthar réigiúnach R691 i mBaile an Tóchair, Tulach Mhaighne, Cnoc an Bhriotaigh agus Bóthar na Carraige Muileann na hUamhan, Cruachán Uachtarach



- Scéim Sábháilteachta ar Chostas Íseal i gCarraig Bheag, Bóthar Rocklow, Fíodh Ard agus Cill Osta.
- Scéim Sábháilteachta ar Chostas Íseal agus athailíniú ar Scoil Bhaile an Iúir



- Soláthar cosán nua i bhFíodh Ard, Dumha Aille, Baile an Gharraí, Carraig na Siúire agus Muileann na hUamhan
- Críochnaíodh Clár Crannliachta i gCarraig na Siúire.
- Scéim Feabhsúcháin um Lár Baile Charraig na Siúire

CUMAINN NA MBAILTE SLACHTMHARA

D'iarr Comhairle Contae Thiobraid Árann aighneachtaí ó chumainn bailte slachtmhara maidir lena gcuid pleananna le haghaidh 2015.

MAR THORADH AIR SIN, CHINN COMHALTAÍ CHEANTAR BARDASACH CHARRAIG NA SIÚIRE DEONTAIS A THABHAIRT MAR SEO A LEANAS:

Cumann Cónaitheoirí Ard Álainn	€630.00
Cumann Cónaitheoirí an Ghrianáin, Cill Náille	€630.00
Cumann Bailte Slachtmhara Bhaile an Gharraí	€630.00
Cumann Bailte Slachtmhara na gCoimíní	€630.00
Grúpa Sráidbhaile Slachtmhair Chill Osta	€630.00
Comhlachas Gnó Charraig na Siúire	€630.00
Grúpa Pobail Bhaile an Iúir	€630.00
Bailte Slachtmhara Bhaile Uí Néill	€630.00
Coiste Sráid Bhailte Slachtmhara & Reiligí an Chluainín	€630.00
Cumann Bailte Slachtmhara an Drongáin	€630.00
Cumann Bailte Slachtmhara Dhumha Aille	€630.00
Cumann Bailte Slachtmhara Fhíodh Aird	€630.00
Cumann Feabhsú Pobail Chill Náille	€630.00
Comhairle Pobail Mhuileann na hUamhan	€630.00
Cumann Bailte Slachtmhara Fhaiche Ró	€630.00

Ba é luach iomlán na ndeontas do na Coistí Bailte Slachtmhara sa Cheantar Bardasach ná €9,450.00.

CÚNAMH DO CHUMAINN CÓNAITHEOIRÍ

D'iarr an Chomhairle Contae aighneachtaí ó chumainn cónaitheoirí in eastáit tithíochta maidir leis an obair a dhéanann siad. Ag eascairt ó na haighneachtaí sin, chinn Comhaltaí Cheantar Bardasach Charraig na Siúire deontais a chur ar fáil mar seo a leanas:

Grúpa nó Cumann	Obair ar Cuidíodh Léi	Méid an Deontais
Grúpa oidhreachta Reen, Gleann an Ghuail	An fál atá ann a dheisiú agus a chur ar ais arís, ardán a chur ar fáil, trealamh um bearradh féir a cheannach	€500
Cumann Cónaitheoirí Collins Park, Carraig na Siúire	Bearradh agus cothabháil féir	€400
Cumann Cónaitheoirí Ravenswood, Carraig na Siúire	Bearradh Féir	€500
Grúpa um Feabhsú Pobail Chill Náille	Ceapa bláthanna, toir,	€500
Cumann Bhaile Uí Loinsigh, Carraig na Siúire	Cur bláthanna agus baint dramhaíola	€250
Ardán Eoin, Carraig na Siúire	Bailiú dramhaíola agus bearradh féir	€275
Woodview Heights Cill Chaise	Bearradh Féir, Bearradh Fálta, cothabháil	€365
Lána an Chlochair Cumann Cónaitheoirí, an Drongán	Pláta ainm agus trealamh um bearradh féir	€500
Cumann Cónaitheoirí an Chláirín, Carraig na Siúire	Bearradh agus cur féir, cothabháil ainmchlár	€500
Treacy Park Cumann Cónaitheoirí, Carraig na Siúire	Baint dramhaíola, bearradh féir agus ceannach lomaire faiche	€400
Cumann Cónaitheoirí Seskin Court	Athchúrsáil, cothabháil agus glanadh an eastáit	€250
Cumann Cónaitheoirí Manor Gate	Cothabháil áiteanna glasa, tírdhreachadh	€400

Ba é méid iomlán na ndeontas a bronnadh €4,840.00 ná

DEONTAIS UM ÁISEANNA SPÓIRT

D'iarr an Chomhairle Contae aighneachtaí ó chlubanna agus eagraíochtaí eile a chuireann áiseanna spóirt ar fáil.

AG EASCAIRT Ó NA HAIGHNEACHTAÍ SIN, THUG COMHALTAÍ CHEANTAR BARDASACH CHARRAIG NA SIÚIRE DEONTAIS MAR SEO A LEANAS:

Tairbhí	Méid	Tairbhí	Méid
Club Dornála St Nicholas	€493.50	Sliabh Ardach United AFC	€591.50
Comhairle Paróiste Dhumha Aille	€600.00	Bailte Slachtmhara Bhaile an Gharraí	€300.00
CLG Carrick Swans	€600.00	Club Sóisialta do Dhaoine Scothaosta, Baile an Gharraí	€500.00
Bailte Slachtmhara Gleann an Ghuaill	€300.00	Ionad Nano Nagle	€600.00
Cumann Forbartha Fhaiche Ró	€600.00	Club Lúthchleasaíochta Charraig na Siúire	€800.00
Club Dornála Charraig na Siúire	€600.00	Spóirt Pobail Ghráinseach Mhóicléir	€600.00
Ionad Sheáin Uí Cheallaigh	€1000.00	Halla Pobail Bhaile Uí Néill	€586.83
CLG CJ Kickhams	€600.00	Forbairt Pháirc Spóirt Bhaile Uí Néill	€362.13
CLG Naomh Pádraig	€600.00	Club Gasóg Chill Sioláin/Chill Chaise	€200.00
Carrick United AFC	€600.00	CLG Chill Náille	€425.00
Páirc Spóirt Chill Chaise	€500.00	Cuideachta Forbartha Thiobraid Árann Theas	€500.00
CLG Fhiodh Ard	€600.00	Comhairle Pobail Mhuileann na hUamhan	€500.00
Páirc Paróiste Bhaile an Gharraí	€600.00	Iomlán na nDeontas	€15,158.96
Seanscoil Cheoil	€500.00		
Músaem Mianadóireachta na Seanscoile	€500.00		
Ionad Pobail na Seanscoile	€500.00		



Caisleán Urumhan, Carraig na Siúire

SOILSE NA NOLLAG

D'iarr an Chomhairle Contae aighneachtaí ó ghnóthais agus ghrúpaí pobail maidir le Soilse Nollag a chur ar fáil i mbailte sa Cheantar.

AG EASCAIRT Ó NA HAIGHNEACHTAÍ A FUARTHAS, CHINN NA COMHALTAÍ LE HAGHAIDH CHEANTAR BARDASACH CHARRAIG NA SIÚIRE DEONTAIS A DHÉANAMH MAR SEO A LEANAS:

COSBA	€7,561.94
Ionad Pobail an Drongáin	€403.00
Caife Óige NYP Fhoróige	€400.00
Bailte Slachtmhara Chill Uiste	€400.00
Grúpa um Feabhsú Pobail Chill Náille	€2,244.45
Bailte Slachtmhara Bhaile an Gharraí	€5411.25
Comhairle Muintir Ltd. Fhiodh Ard & Chill Uiste	€3409.41
Iomlán na ndeontas a tugadh	€19,805.05

OSCAILT DHROICHEAD LIOS MOLING

Rinneadh dochar don droichead i Lios Moling idir Muileann na hUamhan agus Baile an Gharraí, mar gheall ar thuilte agus dúnadh é dá bharr sin. D'eagair Comhairle Contae Thiobraid Árann droichead nua a dheardh agus a thógáil. Mhaoinigh an Roinn Iompair an tionscadal, rinne Comhairle Contae Thiobraid Árann bainistíocht air, agus osclaíodh an droichead do thrácht arís i lár 2015.

I mí na Samhna 2015, d'oscail an tUas. Alan Kelly TD, an tAire Comhshaoil, an droichead go hoifigiúil, os comhair lucht freastail a raibh ina measc comhaltaí Oireachtais, comhaltaí tofa na comhairle, baill foirne sinsearacha, baill foirne a bhí rannpháirteach sa tionscadal agus cónaitheoirí an cheantair.



Grianghraf d'oscailt Dhroichead Lios Moling 2015





CEANTAR BARDASACH CHAISIL - THIOBRAID ÁRANN

Tá Ceantar Bardasach Chaisil - Thiobraid Árann ar cheann de chúig Cheantar i gContae Thiobraid Árann a bunaíodh ar an 1 Meitheamh, 2014 mar chuid de Struchtúr na gCeantar Bardasach mar chuid den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil

Téann an Ceantar in ionad struchtúr fochontae Chomhairlí Baile Chaisil & Thiobraid Árann mar a bhí cheana féin chomh maith leis na Coistí Ceantair agus freastalaíonn sé ar dhaonra de 27,549. Cé nach bhfuil an Ceantar ina eintiteas dlíthiúil, agus an Chomhairle Contae ina comhlacht corparáideach, tá cumhachtaí áirithe ag an seachtar comhaltaí (Comhairleoirí) a ghníomhaíonn i bhfoirmiú ceantair maidir lena gcuid cruinnithe féin a rith i ndáil le hoibríochtaí agus oibreacha cothabhála sa Cheantar. Bíonn cruinniú Bliantúil ag Comhaltaí an Cheantair Bhardsaigh chomh maith le haon cheann déag de chruinnithe Míosúla a reáchtáiltear ar an gceathrú Luan gach mí. Toghadh an Comhairleoir Mary Hanna Hourigan mar Chathaoirleach an Cheantair ar an 29 Meitheamh 2015.

TOGHADH CATHAOIRLIGH



An Cmhrl Mary Hanna Hourigan agus an Cmhrl John Crosse ar ócáid thoghadh an Chathaoirligh

FÁILTÍÚ CATHRACH



Fáiltiú Cathrach chun Club Cosdornála Thiobraid Árann a cheiliúradh

Sna suíocháin tosaigh - Alicia Chambers, Craig Sutton, an Cmhrl John Crosse, Cathaoirleach, M. McGivern
Sna Suíocháin Chúil - an Cmhrl Martin Browne, Lisa Moloney, Chloe Quinn, Scott Carey Massey agus an Cmhrl Roger Kennedy.

Thug Ceantar Bardasach Chaisil - Thiobraid Árann fáiltiú cathrach do Chlub Cosdornála Bhaile Thiobraid Árann ar an 12 Bealtaine, 2015, mar aitheantas d'éachtaí an chlub ag an gcrabhadh domhanda i Tuscany, an Iodáil i Samhain 2014. Chuir an Club cúigear dornálaithe chuig an gcrabhadh domhanda i Tuscany agus tháinig siad ar ais agus boinn domhanda Óir, Airgid agus Chré-Umha acu

SCÉIM UM FEABHSÚ SRÁID-DREACH/AGHAIDHEANNA SIOPAÍ

Tríd an Scéim um Feabhsú Sráid-Dreach/ Aghaidheanna Siopaí cuireadh cúnamh deontais ar fáil chun cabhrú le húinéirí / áititheoirí réadmhaoine atá suite i bPríomhcheantair Mhiondíola Chaisil agus Bhaile Thiobraid Árann an tsráid-dreach a fheabhsú trí:

Comharthaí, feistithe comhaimseartha míchuí agus tranglam ginearálta a bhaint agus comharthaí éadan siopa a chur ina n-ionad (agus béim ar chomharthaí péinteáilte de lámh,

Péinteáil agus feabhsúcháin ghinearálta ar éadain siopa atá ann cheana féin,

Cur suas shoithigh plandaí, ciseáin crochta bláthanna etc nó feabhsúcháin eile ar an timpeallacht.

I MBAILE THIOBRAID ÁRANN, BHAIN 14 GHNÓTHAS LEAS AS AN SCÉIM. SAMPLA DE NA HOIBREACHA NÁ ÁIT JOE WHELAN A THAISPEÁNTAR SA PHICTIÚR THÍOS:

Joe Whelan's 64-65 An Phríomhshráid, Baile Thiobraid Árann



Pictiúr roimh an Obair



Pictiúr i ndiaidh na hOibre.

I MBAILE CHAISIL BHAIN 8 NGNÓTHAS LEAS AS AN SCÉIM. TAISPEÁNTAR SAMPLA DE NA HOIBREACHA SA PHICTIÚR THÍOS:

Interior Times, Uimh. 6 Plás an Bhainc, Caiseal



Roimh an obair



Tar éis na hoibre

Cuireadh isteach dhá thobar ar bhóithre isteach Bhóthar an Gharbhaile agus Bhóthar Eatharlaí chuig an mbaile Críochnaíodh na hoibreacha sin i dteannta le Seirbhísí Óige Réigiúnacha Thiobraid Árann.



Ó chlé Pat Ryan, Ceardaí, Eamonn Crowe, Ceardaí, Jerry Sutton, Oibrí Ginearálta, Ger Kiely, Garraíodóir Baile, Bernard O'Connor, Youth Reach, Joe Forrester, Tiománaí

FÓRAIM LÁIR BAILE CHAISIL & THIOBRAID ÁRANN

Lean na Fóraim Láir Baile a bunaíodh i gCaiseal i 2012 agus i dThiobraid Árann i 2014, ar aghaidh lena gcuid oibre i 2015.

Oibríonn na Fóraim sin ata déanta suas d'ionadaithe ó Chomhlachais Tráchtála; Bailte Slachtmhara; Grúpaí Oidhreachta/Turasóra agus ón gComhairle as lámh a chéile agus na haidhmeanna seo a leanas acu;

- freagrúlacht na Comhairle a mhéadú maidir le saincheisteanna a bhaineann le bainistíocht lár baile
- caidrimh atá ann cheana féin idir na páirtithe leasmhara agus an Chomhairle a fhorbairt agus a chothú
- gníomhartha páirtithe leasmhara lárnacha a chomhordú agus a dhírú ar mhaith le feidhm mhiondíola an bhaile ina iomlán
- cairt bhainistíochta shoiléir a fhorbairt do chroicheantair an bhaile
- níos mó sineirge agus cumarsáide a chruithú idir páirtithe leasmhara miondíola lárnacha agus an Chomhairle

I RITH 2015 CUIREADH ROINNT TIONSCADAL CHUN CINN;

Caiseal:

- Tugadh isteach Scéim na gCártaí Dílseacha le tacaíocht ó Oifig na nOibreacha Poiblí - Saorthead isteach chuig Carraig Chaisil nuair a chaitear €15 in asraon miondíola rannpháirteach sa Bhaile
- Bhí Ambasadóirí Turasóireachta suite ag Carraig Chaisil áit ar chabhraigh siad le turasóirí trí heolas a thabhairt faoin mBaile i.e. áiteanna le cuairt a thabhairt orthu, le siopadóireacht a dhéanamh agus le béile a chaitheamh.
- An nasc idir an Charraig agus Lár an Bhaile - d'aontaigh Oifig na nOibreacha Poiblí go cineálta an Chomhairle a éascú chun tailte a oscailte ag cúl an Theach na Cúirte le haghaidh coisithe. Cuirfear tús leis an tionscadal sin i 2016
- Oscailt Oifigiúil "Gouts Pool" - rinne Bailte Slachtmhara Chaisil athchóiriú ar an gceantar sin ar Bhóthar Chluain Meala Caiseal os comhair Botháin Scoir, a bhí ina áit cháite roimhe sin; fuair siad cúnamh deontais ón gComhairle le ceantar "linne" a chuimsiú inar cuireadh crainn/fálta, siúlbealaí agus suíocháin.

Tiobraid Árann:

- Soilse Poiblí - cuireadh i gceart na háiteanna ar an bPríomhshráid/ Clós an Mhargaidh ina raibh easpa solais
- Rinneadh Comharthaí Turasóra a uasghrádú/a ghlanadh
- Aonaid réadmhaoine foilmhe - baineadh úsáid as fuinneoga na n-aonad réadmhaoine sin chun gnóthais/imeachtaí eile a thaispeáint / a fhógairt
- Thóg an Chomhairle léasa gearrthéarmach ó Aldi chun cuid dá n-aonad réadmhaoine ar Shráid an Mhargaidh a úsáid le haghaidh imeachtaí poiblí i.e. caidél cheoil/taispeántais ealaíne srl
- Fuarthas cúnamh deontais ón Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil faoi thionscnamh píolótach an Chríos Forbartha Geilleagraí Tuaithe (CFGT) le haghaidh na dtionscadal seo a leanas:

Forbairt Phlása Kickham (agus pábháil, troscán sráide, soilse poiblí san áireamh)

Dealbh "It's a Long Way to Tipperary" Sculpture le cur isteach ag an mbealach isteach go Clós an Mhargaidh (ón bPríomhshráid)

Scéim Phíolótach Wi-Fi i Siopa Pobail Áth na Cairte.

COTHABHÁIL TITHE

Tá an Ceantar freagrach as gnáthdheisiú agus gnáthchothabháil na dtithe údaráis áitiúil ar fud an Cheantair. Tá 889 aonad suite ar fud Cheantar Bardasach Chaisil - Thioibraid Árann faoi láthair.

BÓITHRE

TÁ AN CEANTAR FREAGRACH AS DEISIÚ AGUS COTHABHÁIL NA MBÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA SA CHEANTAR.

Seo a leanas sonraí an ghréasán bóithre sa Cheantar

Mótarbhealach	15km
Príomhbhóthar Náisiúnta	16km
Bóithre Réigiúnacha	171 km
Príomhbhóithre Áitiúla	294 km
Bóithre Áitiúla den Dara Grád	328 km
Bóithre Áitiúla den Tríú Grád	167 km

Cuirtear tuilleadh sonraí ar fáil sa chuid Bóithre, Iompar agus Sábháilteachta den tuarascáil seo.



REILIGÍ

DEONTAIS DO REILIGÍ 2015

Tairbhí	Leithdháileadh Deontais
Ciste Reilig na hEaglaise	€380
Áth na Cairte-Cill Phádraig	€910
Reilig Ard Máil	€480
Mainistir Áth Iseal, an Gabhailín	€480
Reilig Bhaile na Cúirte	€500
Coiste Seanreilig & Reilig nua na Ceapaí	€2,300
Coiste Seanreilig & Reilig Nua Chluain Abhla & Reilig an Chlochair	€1,290
Coiste Reilig Chuillinn	€410
Coiste Cothabhála an Daingin-Dargan	€410
Coiste Seanreilig/Reilig Nua Imligh	€910
Coiste Reilig Charn Léith	€380
Coiste Reilig Áth an Chuilinn	€500
Reilig Chill Fhiacla	€480
Reilig Chill tSeáin	€410
Coiste Reilig Bhaile an Logáin Íochtarach	€410
Coiste Reilig Laitean	€480
Coiste Reilig Nua Laitean	€500
Marl Bog Scout Centre & Co. Ltd.	€480
Coiste Reilig Mount Bruis	€410
Coiste Sheanreilig Dhún Eochaille	€410
Cothabháil ar Reilig Fhaiche Ró	€480
Coiste Reilig Sheanáin	€500
Coiste Reilig Shrónaill	€380
Coiste Reilig Solohead	€480
Coiste Reilig an Teampaill Nua	€410
Coiste Reilig Thuama	€380
	€15,160

BAILTE SLACHTMHARA

I 2015, ghlac 12 Chumann Bailte Slachtmhara páirt i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara. Bhain gach grúpa amach marcanna níos airde i gComórtas 2015. Cuireann an Ceantar deontais ar fáil ar bhonn bliantúil chun cabhrú leis an obair dheonach atá á déanamh ar fud an Cheantair.

In Aibreán 2015, d'oibrigh Grúpa Banóglach Chaisil le saorálaithe Bhailte Slachtmhara Chaisil don ghlanadh suas bliantúil i gCaiseal. I rith na hoibre sin a bhí ar siúl ar feadh seachtaine bhailigh siad beagnach 100 mála bruscair a rinne an Chomhairle a dhiúscairt.



DEONTAIS UM BHAILTE SLACHTMHARA 2015

Tairbhí	Leithdháileadh Deontais
Cumann Cónaitheoirí Bhóthar Eatharlaí, Tiobraid Árann	€300.00
Cumann Bailte Slachtmhara na Ceapaí	€300.00
Cumann Bailte Slachtmhara Chuillinn	€300.00
Bailte Slachtmhara an Ghabhailín	€300.00
Cumann Cónaitheoirí Kilnamanagh Court, Cluain Abhla	€300.00
Cumann Cónaitheoirí Murgasty Hills, Tiobraid Árann	€300.00
Cumann Cónaitheoirí The Steeples, Caiseal	€300.00
Coiste Bailte Slachtmhara Thioibraid Árann	€300.00
Cumann Cónaitheoirí an Dúiche, Tiobraid Árann	€300.00
Cumann Bailte Slachtmhara na Báinsí	€300.00
Cumann Bailte Slachtmhara Chaisil	€300.00
Cumann Cónaitheoirí Dhún Droma	€300.00
Cumann Bailte Slachtmhara Dhún Droma	€300.00
Cumann Bailte Slachtmhara Imligh	€300.00
Bailte Slachtmhara Áth an Chuilinn	€300.00
Cumann Bailte Slachtmhara Chill Rois	€300.00
Bailte Slachtmhara Laitean	€300.00
Cumann Cónaitheoirí Oliver Plunkett Park, Caiseal	€300.00
Bailte Slachtmhara Ros an Droichid	€300.00
Ionad Acmhainní Teaghlaigh Ghort an Spá, Caiseal	€300.00
	€6,000.00

ÁIS MÓTARCHÁNACH

Cuireann an Oifig Ceantair áis ar fáil do chustaiméirí mótarchánach atá ag íoc le hairgead tirim.

Freastalaíonn an áis sin ar ár gcuid custaiméirí a bhféadfadh nach mbeadh áiseanna ar líne ná cárta creidmheasa acu. I 2015, rinneadh 894 idirbheart sa cheantar seo.



Mary Corcoran ag freastal ar chustaiméir mótarchánach ag an Deasc Fáiltithe

CONNECT IRELAND

Roghnaíodh Ceantar Bardasach Chaisil - Thiobraid Árann mar cheantar píolótach ag Connect Ireland agus é mar aidhm cuireadh a thabhairt do ghnóthais nua teacht chuig an gceantar. Oibríonn Connect Ireland i gcomhpháirt le Gníomhaireachtaí Rialtais eile chun poist nua a aimsiú trí cheangail/naisc leis na hÉireannaigh thar lear. Seoladh an tionscadal spreagúil seo ar a dtugtar Connect Tipperary ag John Delaney, CEO FAI in The Excel, Thiobraid Árann i Samhain 2015.

SÍNIÚ CHONARTHAÍ LÉASA

Ionad Tacaíochta Ailse Circle of Friends Thiobraid Árann

“Cuireann Ionad Tacaíochta Ailse Circle of Friends seirbhís tacaíochta gan bhreithiúnas ar fáil do dhaoine a bhíonn buailte ag ailse i dtimpeallacht shábháilte agus rúnda agus meas á thabhairt ar dhínit agus mhianach an duine”.

D'aontaigh comhaltaí Cheantar Bardasach Chaisil-Thiobraid Árann cur ar chumas an Ghrúpa seo áis saintógtha a thógáil trí láithreán a thabhairt dóibh ar cíos i gCnoc an Ráiléigh. Síniódh an Léasa ar an 7 Meán Fómhair, 2015.

Sa phictiúr thíos feictear baill go léir an bhoird bhainistíochta a d'fhreastail ar shíniú oifigiúil an léasa.



Sna Suíocháin Tosaigh: Jennifer Jones Hickey (Bunaitheoir), Pat Jones (Cathaoirleach), Ronan Kennedy (Kennedy, Frewen O'Sullivan Solicitors)

Sna Suíocháin Chúil: Nora Hoare (Cisteoir), Monica Fogarty (Rúnaí Cúnta) agus Stiúrthóirí: Catriona Riordan, Liam Berigan, Tom Donohue, Maeve Lowry agus Mary Teresa O'Donnell.

OIDHREACTH CHAISIL

Is Séadchomhartha Náisiúnta ainmnithe iad Ballaí Cathrach Chaisil, agus bronntar cosaint reachtúil ar an gceantar faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta (1930-2004). Tógadh na Ballaí, a chuimsíonn 14.5 heicteár agus teorann 1,550 méadar le bloic aoilchloiche ina gcúrsaí garba agus inlíonadh spallaí a aimsíodh sa cheantar áitiúil. Tógadh na Ballaí atá 3 mhéadar in airde, mar mhúr cosanta le túir ghunna ag uilínneacha Thuaidh, Thiar agus Thoir Theas agus bhí 5 gheataí iontu trínar tugadh bealaí isteach chuig an mbaile meánaoiseach. Tháinig Caiseal, ar a dtugtar Caiseal Mumhan freisin, chun cinn mar dhaingean eaglasta agus mainistreach i rith thús an 13ú haois.

I 2015 d'éirigh le Tionscadal Bhallaí Cathrach Chaisil cistiú ar luach €10,000 a fháil ón gComhairle Oidhreachta faoi Chiste Bhailte Múrtha na hÉireann. Leis an leithdháileadh deontais sin is féidir oibreacha a dhéanamh ar chuid den Bhalla Cathrach os comhair Eastát Tithíochta Roselawn. Ba é an comhairleoir don tionscadal seo ná an tUas. John Kelly, ó David Kelly Partnership Chartered Engineers, Nelson House, Plás Emmet, Eochail, Co. Chorcaí.

BALLAÍ NA CATHRACH I ROSELAWN



Pictiúr roimh an Obair



Pictiúr i ndiaidh na hOibre

TIONSCADAL MOOREHAVEN



Láithreán um Áit Ilchéadfach don Ionad.

D'oibrigh Oifig Ealaíon Thiobraid Árann i gcomhpháirt le Ceantar Bardasach Chaiseal-Thiobraid Árann agus Ionad MooreHaven chun áit ilchéadfach a fhorbairt don ionad.

Is é atá in Ionad MooreHaven ná ionad feabhais do dhaoine fásta a bhfuil míchumas intleachta orthu agus faoi láthair cuireann sé seirbhís lae ar fáil i lár Bhaile Thiobraid Árann.

Is í aidhm an tionscadail ná cur ar chumas úsáideoirí seirbhíse a gcruthaitheacht a fhorbairt trí cur leis na céad chéimeanna i dtreo fhorbairt áite cruthaithí san ionad. Leis an tionscadal sin tabharfar treoir chruthaitheach agus cuirfeadh tús láidir ó thaobh na healaíne agus na cruthaitheachta le athrú na háite.

SOILSE NOLLAG

I dteannta leis na Comhlachais Tráchtála i mBaile Thiobraid Árann agus i gCaiseal thug Ceantar Bardasach Chaisil - Thiobraid Árann ranníocaíocht i dtreo soilse Nollag a chur ar fáil sna Bailte.

BAILE THIOBRAID ÁRANN



Lasadh soilse na Nollag i mBaile Thiobraid Árann.

BAILE CHAISIL



Lasadh soilse na Nollag i mBaile Chaisil



Freisin thug Daidí na Nollag cuairt ar ghnóthais timpeall an Bhaile.

TAISPEÁNTAS AR BHAINISTÍOCHT EASTÁT & SEARMANAS BRONNTA



Ag an Taispeántas ar Bhainistíocht Eastát & amn Searmanas Bronnta a réachtaladh sna hOifigí Cathrach i nDeireadh Fómhair 2015.

Déanann Cumainn Chónaitheora Bhaile Thiobraid Árann tionscadail um fheabhsú eastát a shíneann ó chothabháil laethúil e.g. bearradh féir, cur plandaí etc go tionscadail mhóra mar ghairdíní pobail agus oibreacha feabhsúcháin chun déileáil le fadhbanna sábháilteachta agus iompraíochta frithshóisialta ina gcuid eastát.

DUAIS SÍOCHÁNA IDIRNÁISIÚNTA THIOBRAID ÁRANN

Bronnadh Duais Síochána Idirnáisiúnta Thiobraid Árann le haghaidh 2015 ar Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe an tUas. Ban Ki Moon. Thug iarbhail de na fórsaí armtha a sheirbheáil mar shaighdiúirí ar mhísín NA thar lear Garda Onóra Míleata Éireannach iomlán, mar aitheantas do ról na hÉireann i síocháin agus i gcobhsaíocht mar bhall de na Náisiúin Aontaithe. D'fhreastail níos mó ná 250 aoi, duine mór le rá, polaiteoir ar an searmanas chomh maith le hambasadóirí ón Eoraip, ón Áis agus ón Afraic.



RÁS AN POST 2015

Chuir Baile Thiobraid Árann fáilte roimh imeacht an-spreagúil nuair a críochnaíodh Céim a Dó den Rás i mBealtaine 2015. Bhí Simon Ryan, fear Thiobraid Árann as Baile na hAbha ag glacadh páirte sa RÁS leis an bhFoireann Mego RT as Luimneach. D'fhan na sluaite lasmuigh de Bhanc AIB ar an bPríomhshráid chun na daoine a bhí ag críochnú an ráis a spreagadh. Ba é Comharchumann Thiobraid Árann príomhurrathoir na himeachta.



LINN SNÁMHA CUIMHNEACHÁIN SEAN TREACY, BAILE THIOBRAID ÁRANN



Ritheann an Chomhairle Linn Snámha Cuimhneacháin Sean Treacy atá suite i mBaile Thiobraid Árann Bíonn an linn oscailte don phobal ó 10am go 9.45pm ón Luan go dtí an Aoine agus ó 10am go 6.45pm ar an Satharn agus an Domhnach. Cuirtear ceachtanna snámha ar fáil ann do dhaoine fásta agus ghrúpaí ar bhonn grúpa, ranganna duine le duine, agus ranganna beirte agus aon teagascóir amháin. Le blianta beaga anuas, i dteannta le Gníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann, thug lucht bainistíochta na linne faoi raon de bhearta um shábháil airgid i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh. Bliain ghnóthach ab ea 2015 agus cuairt tugtha ag 61,995 duine ar an linn. Ar an Domhnach, an 11 Eanáir, d'óstáil an linn Comórtas Snámha Bhraínse Mumhan ar ghlac sé chlub páirt ann agus ina ndeachaigh céad is seasca snámhaí san iomaíocht. Ar an Domhnach, an 1 Márta, reáchtáil an club snámha áitiúil, Tiger Sharks, a gcomórtas ar chuireadh; d'éirigh go han-mhaith leo agus foirne as gach cearn de Mhumhan ag glacadh páirte san imeacht aon lae amháin sin. Cuirtear fáilte mhór roimh 3 ball foirne nua a chuaigh linn i 2015 – Hazel Foley, Jackie Parles agus Niall Fitzgerald. Taobh leis an linn tá Ionad Fóillíochta Canon Hayes ina bhfuil raidhse áiseanna sláinte, folláine agus spóirt. I measc na n-áiseanna faoi dhíon tá halla spóirt, stiúideo aeróbaice, sána/seomra gaile, cúirteanna scuaise agus liathróid raicéid, gíomnásiam iontach, lady-fit, agus réamhscoil. I measc na n-áiseanna lasmuigh tá raon reatha tuilsoilsihe, 3 fhaiche astro turf uileaimsire agus 2 chúirt leadóige.



PETER LYONS, OIBRÍ GINEARÁLTA



Peter Lyons in éineacht lena bhean chéile Cathy, a iníon agus a gharpháistí, agus é ag dul ar scor ó Cheantar Bardasach Chaisil-Thiobraid Árann.

MICHAEL RYAN (LANTY), OIBRÍ GINEARÁLTA.



An tUas. John Ryan, G.S.S., An tUas. Aidan Finn, S.E.E., An tUas. Michael Ryan, Ms. Noelle Ryan, An tUas. Darby Mullen, E.E.

BRIAN AHEARNE, LEICTREOIR CEARDAÍ



Brian Ahearne, Leictreoir Ceardaí, in éineacht lena theaghlach agus a chairde.



CEANTAR BUIRGE CHLUAIN MEALA

Toghadh an Comhairleoir Pat English mar Mhéara agus toghadh an Comhairleoir Andy Moloney mar Leas-Mhéara don Cheantar le haghaidh 2015/2016



An Méara, an Comhairleoir Pat English

Ní hamháin go bhfuil Seó Chluain Meala i measc na seónna is fearr sa tír ach tá sé ar cheann de na seónna is sine agus leis na scileanna a beachtaíodh leis na blianta fada, cuirtear taispeántas den chéad scoth ar fáil.



FÁILTIÚ CATHRACH



Reáchtáladh Fáiltiú Cathrach ar an 5 Meitheamh 2015 chun Cothrom 150 Bliain ó imeacht Sheó Chluain Meala a cheiliúradh. Ní hamháin go bhfuil Seó Chluain Meala i measc na seónna is fearr sa tír ach tá sé ar cheann de na seónna is sine agus leis na scileanna a beachtaíodh leis na blianta fada, cuirtear taispeántas den chéad scoth ar fáil.

TACAÍOCHT DO PHOBAIL

Leanadh ar aghaidh ag glacadh ról mór sa saol sóisialta agus cultúrtha ar leibhéal áitiúil trí thacaíocht do raon leathan grúpaí agus imeachtaí a raibh ina measc;

Féile an Junction, Féile Grinn Bulmers, Paráidí Lá Fhéile Pádraig, Banna Chluain Meala agus Grúpa Ealaíon Thiobraid Árann Theas

Tugadh tacaíocht do phobail áitiúla freisin trí fheidhmiú Deontais Phobail, Scéim Deontas Áiseanna, Deontais Bailte Slachmhara, Deontais Reilige

ST. DECLANS GROVE, CATHAIR DÚIN IASCAIGH

I dteannta le Cumann Forbartha Chathair Dúin Iascaigh, cuireadh tús leis an tionscadal ar a dtugtar St Declans Grove i gCathair Dúin Iascaigh. Tionscadal mór é sin, a chuimsíonn 40 crann aibí agus 10,000 bleib chun dath a chur ar fáil i gcaitheamh na bliana go léir. Díolfar gach crann mar chrann cuimhneacháin teaghlaigh agus pláta práis ar a mbeidh ainm air agus mairfidh sé go deo. Freisin rinneadh athdhromhchlú i gCarrchlós an Chaisleáin, Cathair Dúin Iascaigh chun an áit pháirceála a cheangal leis an gcosán sin. Beidh an garrán seo mar chuid de Bhealach Dhéagláin agus seolfar go hoifigiúil i 2016 é mar Chosán Camino nó Slí Oilithrigh agus beidh sé sin mar phointe lárnach sa bhaile.



Garrán Dhéagláin, Cathair Dúin Iascaigh

BEALACH SIÚIL Ó DHROICHEAD AN CHLOCHAIR GO GORT NA RÁS UACHTARACH, CLUAIN MEALA

Is í aidhm an tionscadail ná feabhas a chur ar tharraingteacht na Siúire agus ar an dromchla gluaiseachta neamh-mhótair ó Dhroichead an Chlochair trasna Chluain Meala go Páirc Uí Mhaolchathaigh. Céim sách mór a bheidh san áis i dtreo cultúr rothaíochta agus siúil fóillíochta a chur chun cinn i gCluain Meala.

Cuireadh an tionscadal ar aghaidh i 2015 tríd na codanna ábhartha talún a cheannach, Cead Pleanála faoi Chuid VIII a fháil, tairiscintí a lorg agus an conradh tógála a bhronnadh. Tá an feabhas seo á dhéanamh trí dhá chuid de rian a thógáil in ionaid ar leithligh, tá aon chuid amháin á tógáil taobh le Droichead an Chlochair agus tá an dara cuid á tógáil i nGoirt na Rás Uachtarach.



Bealach Siúil ó Dhroichead an Chlochair go Gort na Rás Uachtarach, Cluain Meala

Céim sách mór a bheidh san áis i dtreo cultúr rothaíochta agus siúil fóillíochta a chur chun cinn i gCluain Meala.



OILEÁN NA SIÚIRE

Fuair an Chomhairle tailte a chuimsíonn 3 hacra laistigh de 100 méadar ó phríomhionad miondíola Chluain Meala, in Oileán na Siúire i 2015. Tá na tailte aitheanta mar ionad deise i bPlean Forbartha Baile agus Purláin Chluain Meala 2013 agus cuirtear deis ar fáil leo feabhas a chur ar tharraingteacht agus feidhm tráchtála lár an bhaile. Le hathruithe ar an Teorann Thiar beifear in ann feabhas a chur ar nascacht coisithe leis an Seandroichead, déanfar an chuid thuaidh den láithreán a fhorbairt mar charrchlós, agus déanfar an chuid theas, taobh leis an tSiúir, a fhorbairt mar “Chroí Glas” an bhaile agus na gnáthóga atá ann cheana féin sa limistéar faoi chaomhnú speisialta á dtógáil san áireamh.

STRAITÉIS UM PÁIRCEÁIL CARRANNA

Cuireadh tús le hoibreacha chun córas de chineál bacainne a chur isteach i gCarrchlós Shráid Mhuire, rud ar aontaíodh air mar chuid den straitéis páirceála 2013-2020 le haghaidh Chluain Meala.

Is í an chéad chéime eile den straitéis páirceála ná comharthaí leictreonacha a chur ar fáil ar an mbóthar isteach ina dtugtar eolas beacht bunaithe ar am athghlao faoi pháirceáil. Aithníodh é sin mar bheart fadtéarmach – meántéarmach.

Déanfar straitéis páirceála a fhorbairt do Chathair Dúin Iascaigh ina dtógfar san áireamh freisin an Chearnóg a chur ar fáil do choisithe amháin i 2016



COISTE PHARÁID LÁ FHÉILE PÁDRAIG



Reáchtáladh an pharáid agus Carrie Acheson ar a tús, ba é a bhí ansin ná aitheantas do ról mór Carrie Acheson i gCluain Meala agus a cuid seirbhíse díograisí don bhaile leis na blianta fada. Freisin bhí sé cuí sa bhliain ina bhfuil cothrom 150 bliain á cheiliúradh ag Seó Chluain Meala, toisc gurb í Mrs. Acheson atá ina huachtarán ar an seó.

SCEIDEAL D'OIBREACHA I GCEANTAIR BHARDASACHA

I Márta 2015 d'aontaigh na comhaltaí ar Sceideal d'Oibreacha i gCeantair Bhardasacha le haghaidh Cheantar Bardasach Chluain Meala. Leis sin rinneadh soláthar do chaiteachas iomlán de €6,745.066.00 ar chothabháil tithe, bóithre, draenáil, láithreacha conláistí, glanadh sráideanna agus cothabháil reiligi.

SEO A LEANAS CUID DE NA PRÍOMHCHLÁIR A RAIBH TIONCHAR ACU AR CHEANTAR BARDASACH CHLUAIN MEALA MAIDIR LE BÓITHRE AGUS BONNEAGAR I RITH 2015:

- Oibreacha cóirithe dromchla i Poulmucha-Cnoc na Boithe, Páirceanna an Bhaile Móin na Rátha, Baile Uí Chléireacháin - Ionad Cóireála etc.
- Oibreacha um neartú bóthair sna háiteanna seo a leanas: Sráid na hEaglaise, Cathair Dúin lascaigh, Baile Uí Chnámhín, Baile an Chaideálaigh, sa Dún etc.
- Rinneadh oibreacha feabhsúcháin timpiste ar chostas íseal sna háiteanna seo a leanas: Caisleán an Ghrásaigh, Cluain Mhór Theas, An Chora Liath Thoir, Gleann na Cloiche Léithe, Cnoc Lochta, an Phríomhshráid, Ard Fhionáin, Club Iománaíochta Moyle Rovers, an Mhóin Rua.
- Rinneadh oibreacha um feabhsú bóithre agus um athsholáthar cosán in áiteanna éagsúla i gCluain Meala.
- Oibreacha Athchóirithe ar Dhroichead Ghleann Garra
- Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail sa Ladhar Fhionn Béal Átha Póirín agus sa Seisceann, Cill Shíoláin
- Athnuachan dromchla i gcarchlós an Chaisil, Cathair Dúin lascaigh
- Athnuachan dromchla i leataoibh, The Vee
- Críochnú na Scéime um Feabhsú Sráidbhailte, Baile Uí Chléireacháin

I rith 2015 cuireadh isteach áis nua ar cuireadh fáilte mhór roimpi; Luascán Inrochtana do Chathaoireacha Rothaí i bPáirc Richard Mulcahy.



DEONTAIS PHOBAIL

Iarratasóir	Deontas faofa
Coiste Ospis Ard Fhionáin/Baile Uí Bhéacáin/na Gráinsí	€500
Coiste Forbartha na Gráinsí um Shráidbhaile Slachtmhar	€500
Club Bláthanna agus Glasraí Sceichín an Rince	€500
Painéal Tomhaltóirí Thiobraid Árann Theas don Mheabhairshláinte	€500
Club Rothar Sléibhe Chluain Meala	€500
Art Hive	€500
Ionad Pobail Dúchoille	€500
Ionad Acmhainní Pobail Chluain Meala	€500
Club Rámhaíochta Chathair Dúin lascaigh	€500
Grúpa CFP Promoting Cahir	€1,000
Ionad Pobail Phóil, an Cloichín	€1,000
Comhdháil Dhroichead Chluain Meala	€500
Ionad Pobail Chill Síoláin	€500
Fo-iomlán do Dheontais Phobail	€7,500
Cumann Cónaitheoirí Ashfield Manor	€300
Cumann Bailte Slachtmhara Chathair Dúin lascaigh	€300
Cumann Cónaitheoirí Lios Ruanach	€300
Cumann Cónaitheoirí Lady's Abbey	€300
Sráidbhaile Pháirc an Mharla	€300
Cumann Bailte Slachtmhara an Chaisleáin Nua	€300
Cumann Bailte Slachtmhara New Inn	€300
Cumann Cónaitheoirí The Wilderness	€300
Cill Síoláin	€300
Fo-iomlán do Bhaile Slachtmhara	€2,700
Coiste Pharáid Lá Fhéile Pádraig Chathair Dúin lascaigh	€1,000
Coiste Pharáid Lá Fhéile Pádraig Bhéal Átha Póirín	€500
Fo-iomlán do Lá Fhéile Pádraig	€1,500
Tionscadal Seanbhalla Reilige an Chaisleáin Nua	€450
Tionscadal Bhalla Teorann Ráth Rónáin	€450
Fo-iomlán do Dheontais Reilige	€900
Iomlán	€12,600

TIONSCNAIMH LÁIR BAILE CHATHAIR DÚIN IASCAIGH AGUS CHLUAIN MEALA

Mar chuid dá Thionscnaimh Láir Baile, d'fhéach Ceantar Buirge Chluain Meala chuig feabhas a chur ar shráid-dreach Chluain Meala agus Chathair Dúin lascaigh trí fheabhsú agus scéim phéinteála agus trí thacaíocht a thabhairt d'úinéirí chun a gcuid aonad réadmhaoine a fheabhsú chomh maith le háiteanna poiblí go ginearálta trí bhealaí mar seo a leanas ach nach raibh teoranta dóibh:

- Comharthaí, feistithe comhaimseartha míchuí agus tranglam ginearálta a bhaint agus comharthaí éadan siopa a chur ina n-ionad (agus béim ar chomharthaí péinteáilte de lámh);
- Péinteáil agus feabhsúcháin ghinearálta ar fhoirgnimh tráchtála agus cónaithe
- Cur suas shoithigh plandaí, ciseáin crochta bláthanna etc nó feabhsúcháin eile ar an timpeallacht.

SOILSE NA NOLLAG

Thug Ceantar Buirge Chluain Meala tacaíocht do ghnóthais agus ghrúpaí pobail chun Soilse Nollag a chur ar fáil i mbailte sa Cheantar:

Ard Fhionáin	€500
An Caisleán Nua	€500
An Cloichín	€500
Cathair Dúin lascaigh	€1,500
Cluain Meala	€15,000



CEANTAR BARDASACH AN AONAIGH

Reáchtáladh Cruinniú Ginearálta Bliantúil Cheantar Bardasach an Aonaigh ar an 18 Meitheamh 2015. Toghadh an Comhairleoir Ger Darcy mar Chathaoirleach agus toghadh an Comhairleoir Joe Hannigan mar Leaschathaoirleach.



FÁILTITHE CATHRACH

Ar an 12 Meitheamh 2015, thug Ceantar Bardasach an Aonaigh Fáiltiú Cathrach do Chumann Córúil an Aonaigh mar aitheantas dá n-ainmniúcháin le haghaidh Ghradam Chomhlachas Cheolchumainn na hÉireann (Irish Association of Musical Societies) 2015.



Ar an oíche chéanna tugadh Fáiltiú Cathrach do Ghrúpa Uirlise an Phoirt Nua mar aitheantas dá n-éacht agus an bua acu i mBabhta Ceannais 2015 Scór na hÉireann.



FÁILTÍÚ CATHRACH

Ar an Satharn an 2 Bealtaine 2015 tugadh Fáiltiú Cathrach i Lothra don Cmhlr Wayne Sanford, Uachtarán Chomhairle Collie Shire san Astráil Thiar. Tharla a chuairt - arbh í an aidhm a bhí i gceist léi ná ómós a thabhairt don fhear as Lothra, Martin O' Meara, ar bronnadh an Victoria Cross air le haghaidh crógachta le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda - ag an am céanna le cothrom ¹⁰⁰ bliain ó Gallipoli.



D'ainneoin na drochaimsire, bhain an Cmhlr Sanford agus a bhean chéile, Mary, taitneamh as fáilte mhór ó mhuintir Thiobraid Árann. Leag siad fleasc ar an leac cuimhneacháin le haghaidh Martin O' Meara sa sráidbhaile, agus ansin thug siad cuairt ar roinnt láithreán stairiúil a raibh ina measc Teampall Ruadháin, an Mhainistir Agaistíneach, an Mhainistir Dhoiminiceach agus Caisleán na gCoillte Rua. Freisin tugadh cuairt ar an áit inar rugadh Martin O' Meara, V.C. Ag deireadh an lae caitheadh béile agus baineadh taitneamh as an tsiamsaíocht.



SCEIDEAL D'OIBREACHA I GCEANTAIR BHARDASACHA

I Márta 2015 d'aontaigh na baill ar Sceideal d'Oibreacha i gCeantair Bhordasacha le haghaidh Cheantar Bardasach an Aonaigh. Leis sin rinneadh soláthar do chaiteachas iomlán de €7,361,169 ar chothabháil tithe, bóithre, draenáil, láithreacha conláistí, glanadh sráideanna agus cothabháil reiligi.

Seo a leanas cuid de na príomhchláir a raibh tionchar acu ar Cheantar Bardasach an Aonaigh maidir le bóithre agus bonneagar i rith 2015:

- Neartú agus Forleagan ar an N65 sa Leithinse
- Tochailt agus Athchóiriú Bóthair sa Gluepot, Baile an Gharraí
- Forleagan i Rearcross
- Uasghrádú an bhóthair i dTonn Toinne
- Cáblaí a chur faoi thalamh ar Shráid an tSáirseálaigh, an tAonach.
- Seisiún Comhchomhairle Pobail maidir leis an Athailíniú Beartaithe sna Leatracha
- Scéim Draenála Príomhphíobhán um Uisce Dromchla i mBuiríos Uí Chatháin
- Leathnú an Líonra Gáis chuig an Aonach
- Uasghrádú ar Cheantar Taitneamhachta Chaisleán an Locha
- Oscailt Oifigiúil Pháirc Baile & Ionad Fóillíochta an Aonaigh

Reáchtáladh an oscailt oifigiúil ag an Aire Alan Kelly as Páirc Baile & Ionad Fóillíochta an Aonaigh ar an 18 Bealtaine 2015 i láthair Chathaoirleach Chomhairle Contae Thiobraid Árann, an Cmhlr Michael Fitzgerald; Cathaoirleach an Cheantair Bhordasacha, an Cmhlr Fiona Bonfield; an Príomhfheidhmeannach, Joe MacGrath agus go leor comhaltaí eile chomh maith le haíonna.



Baineann go leor daoine úsáid as Páirc an Bhaile agus an Ionad Fóillíochta athchóirithe. I 2015 bhain 122,007 úsáid as an Ionad Fóillíochta, arbh méadú 57.94% é i gcomparáid le húsáid sa bhliain 2013.



I rith 2015 cuireadh isteach áis nua ar cuireadh fáilte mhór roimpi; Luascán Inrochtana do Chathaoireacha Rothaí i bPáirc an Bhaile.



Ainmníodh Páirc an Bhaile in dá chatagóir i nDámhachtain Rogha na nDaoine de chuid Institiúid Tírdhreacha na hÉireann le haghaidh Ailtireacht Tírdhreacha. Sa chatagóir Dearadh - An Réimse Phoiblí tháinig an tAonach sa tríú háit agus mhol na breithiúna é.

Ba é an pobal a vótáil i gcomhair Dhámhachtain Rogha na nDaoine. Roinn an tAonach an dara háit sa chatagóir seo le Gairdíní na Muirdíge i gCathair Chorcaí. Ba é Leac Cuimneacháin an Droichid Adhmaid don Chéad Chogadh Domhanda, Co. Chill Mhantáin, a tháinig sa chéad áit sa chatagóir sin.

OSCAILT OIFIGIÚIL REILIG FHAICHE LIOS BUINNE

Ar an 15 Deireadh Fómhair 2015 osclaíodh Reilig Fhaiche Lios Buinne, a tógadh as an nua, ag Cathaoirleach Cheantar Bardasach an Aonaigh, an Cmhlr Ger Darcy i láthair an Aire Alan Kelly, comhaltaí Cheantar Bardasach an Aonaigh, an Príomhfheidhmeannach, Joe MacGrath agus áionna eile.



Sa reilig nua tá 500 áit bhreise d'uaigheanna chomh maith le stóras, dhá Ghairdín Colmlainne agus tírdhreachadh. Is iad na colmlanna an chéad áis den chineál sin sa cheantar agus beidh spás ar fáil iontu chun prócaí a stóráil.



SEOLADH OIFIGIÚIL CHÓRAS CCTV DO BHAILE AN AONAIGH

Ar an 15 Deireadh Fómhair 2015 seoladh chóras nua CCTV do bhaile an Aonaigh. Mar chuid den chóras, a ndéantar monatóireacht air i Stáisiún Gardaí an Aonaigh, tá 11 cheamara CCTV ar fud an bhaile. Táthar ag fáil go bhfuil go leor tairbhí ag baint leis seo, mar bhealach le stop a chur le coiriúlacht agus í a bhrath.



AG OBAIR LEIS AN BPOBAL

I rith 2015 d'oibrigh Ceantar Bardasach an Aonaigh as lámh a chéile leis an bpobal ar fud an Cheantair ar go leor bealaí. Chuimsigh sé sin cistiú a chur ar fáil trí dheontais agus ranníocaíochtaí, idirchaidreamh le grúpaí agus comhlachais deonacha, soláthar comhairle agus tacaíochta agus cabhrú le himeachtaí éagsúla.

RINNEADH NA RANNÍOCAÍOCHTAÍ SEO A LEANAS A LEITHDHÁILEADH AR EAGRAÍOCHTAÍ AGUS GRÚPAÍ CÓNAITHEORA ÁITIÚLA:

- Eagraíochtaí Áitiúla - €40,000
- Cumainn Chónaitheora - €15,000
- Scéim Deontas Speisialta do Chlubanna Spóirt & Ghrúpaí Deonacha - €10,000.
- I measc na n-imeachtaí ar tugadh tacaíocht dóibh bhí:
 - Paráidí Lá Fhéile Pádraig
 - Fleadh Cheoil na Mumhan
 - Spleodar
 - Visit Nenagh Classic
 - Picnic na nDaoine
 - Oíche Dámhachtainí Cheantar Bardasach an Aonaigh



Ar an 26 Samhain 2015, reáchtáil Ceantar Bardasach an Aonaigh a chéad Oíche Dámhachtainí. D'éirigh go han-mhaith leis an imeacht, agus aitheantas tugtha don obair chrua a bhí ar siúl ag grúpaí pobail ar fud an cheantair faoi roinnt catagóirí. Ba é Coiste an Fhleadh Cheoil agus Cumann Córúil an Aonaigh a chuir siamsaíocht ar fáil ar an oíche.



ÁR MBAILTE & SRÁIDBHAILE A FHEABHSÚ

Thug Ceantar Bardasach an Aonaigh cabhair do 30 áitreabh gnó i bPríomhcheantar Miondíola bhaile an Aonaigh chun a gcuid aonad réadmhaoine a fheabhsú trí chúnamh deontais a éascú i dtreo éadain siopa a phéinteáil. Tugadh cabhair freisin d'úinéirí réadmhaoine i sráidbhaile Chloch Shiurdáin trí chúnamh deontais cosúil leis sin.

Tugadh cistiú breise i bhfoirm deontas do na cúig ionad sa Cheantar a bhain amach na marcanna ab airde i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara. Leis an gcistiú sin bhí coistí deonacha ina ann oibreacha feabhsaithe breise a dhéanamh sna háiteanna seo a leanas: Trí Dhá Ghlas, Cill Bharráin, Béal Átha Gabhann agus Cnocán an Éinn Fhinn.



Tugadh cúnamh deontais freisin do na háiteanna seo a leanas chun cabhrú lena gcuid iarrachtaí a gcuid ceantar a fheabhsú: Rearcross, an Port Nua, Droim Inbhir, an Cheapach Rua, Pallasmore, Ard Cróine agus Tuaim Uí Mheára chun a gcuid ceantar a fheabhsú.



I mBaile an Aonaigh féin cabhraíodh le hiarrachtaí Choiste na mBaile Slachtmhara le hoibreacha breise ag foireann an Cheantair a chuimsigh ciseáin crochta agus ráille a chur suas, cur plandaí agus oibreacha ar áiseanna.



Bliain shuntasach ab ea 2015 do na Coistí Bailte Slachtmhara go léir i gCeantar an Aonaigh agus marcanna móra bainte amach ag gach Coiste i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara. Tá aitheantas speisialta tuillte ach go háirithe ag an Aonach as a chéad bhonn cré-umha a ghnóthú, ag Béal Átha Gabhann as bonn airgid a bhaint agus ag Cnocán an Éin Fhinn & Tír Dhá Ghlas as boinn óir a bhuachaint.

I 2015 nochtadh an chéad Mhúrphictiúr Ealaíon Sráide san Aonach. Ba é a bhí ansin ná tionscadal a rinneadh ag Draw Out - Urban Exhibitionists agus an t-ealaíontóir DMC i gcomhpháirt le Rannán Ealaíne Chomhairle Contae Thiobraid Árann agus Ceantar Bardasach an Aonaigh.

Forbraíodh 'The Fiddler's Light', an múrphictiúr ar Bhóthar an Phóna i gcomhpháirt le grúpa óige as Ionad Oilíúna Pobail an Aonaigh agus fuarthas gur mór an tarraingt é ar Facebook agus ar Bhóthar an Phóna araon. Rinne sé athrú as an nua ar bhalla binne gránna ó



roimh an obair

tar éis na hoibre

FÓRAM BAILE AN AONAIGH

I Meán Fómhair 2015 cuireadh tús leis an bpróiseas chun Fóram Baile a bhunú san Aonach. Reáchtáladh roinnt cruinnithe le mindíoltóirí, Comhlachas Tráchtála an Aonaigh agus le páirtithe leasmhara eile. Ba é an toradh ag deireadh an lae ná ionchur i bplean gníomhaíochta 3 bliana trína gcuirfear fíis straitéiseach ar fáil do bhaile an Aonaigh.

D'éirigh go han-mhaith le bunú an Fhórait agus méid mór rannpháirtíochta ag gach duine a bhí i gceist. Ar cheann de na chéad torthaí a bhí aige ná gur tógadh faoi roinnt tionscnamh spreagúil don Nollaig san Aonach agus é mar aidhm daoine a spreagadh chun siopadóireacht a dhéanamh ina gceantar féin.

COMHCHOMHAIRLE POBAIL

I rith 2015 d'eagair Ceantar Bardasach an Aonaigh próiseas comhchomhairle poiblí maidir le Dréachtphlean Bainistíochta Tráchta an Aonaigh arna ullmhú ag na comhairleoirí Roadplan thar ceann an Cheantair. Sa Phlean seo tá roinnt tograí radacacha mar chóras aontreo a chur ar fáil sa bhaile. D'fhreastail slua mór ar an gcruinniú eolais ag a leag Dermot Donovan ó Roadplan amach na tograí. Fuarthas os cionn 60 aighneachta.

Freisin tugadh faoi chomhchomhairle pobail maidir le Fodhlíthe um Reilig Fhaiche Lios Buinne ar ghlac na comhaltaí leo i Márta 2015.



EASTÁIT A THÓGÁIL I GCÚRAM

TÓGADH NA HEASTÁIT SEO A LEANAS I GCÚRAM I GCEANTAR BARDASACH AN AONAIGH I RITH 2015:

- Eastát Choill na Sailleach, an tAonach
- Eastát Chnoc na Raithní, An Chuileannach, Béal an Átha
- Eastát Chois Abhann, An Chuileannach, Béal an Átha
- Eastát Cnoic Aird, Béal an Átha
- Eastát na Cuileannaí

CLEAMHNAS

Tá Baile an Aonaigh cleamnaithe le Tonnerre san Fhrainc. Íocadh €3,000 leis an gCoiste Cleamnais i 2015.





CEANTAR BARDASACH AN TEAMPAILL MHÓIR - DHURLAS

CRUINNIÚ GINEARÁLTA BLIANTÚIL 2015

Reáchtáladh Cruinniú Ginearálta Bliantúil an Cheantair Bhardasaigh ar an 24 Meitheamh, 2015. Toghadh an Comhairleoir John Hogan mar Chathaoirleach agus toghadh an Comhairleoir Willie Kennedy mar Leaschathaoirleach.

FÁILTITHE CATHRACH

Tugadh Fáiltiú Cathrach do Phainéal Chorn Harty CBS an Durlais ar an 14 Bealtaine, 2015, mar aitheantas dóibh agus iad tar éis Corn Harty 2015 a bhaint. Tugadh Fáiltiú Cathrach ar an 22 Bealtaine, 2015, d'Fhoireann Shinsearach Rugbaí an Cistercian College tar éis dóibh Corn Dhúshlán Sinsearach na Scoileanna 2015 le haghaidh Laighean a bhaint.

Thug daltaí Idirbhliana ó CBS Dhurlas cur i láthair don Chomhairle ar an 22 Iúil, 2015, faoina dtionscadal, arb é atá i gceist leis ná braiteoir a chur i dtarracóirí agus in innealra eile in aice leo agus ar an mbealach sin cabhrú le beatha daoine a shábháil ar an bhfeirm. Tugadh ranniocaíocht €250.00 do Ghrúpa CBS i dtreo an chostais as taisteal chuig Súl, an Chóiré Theas, chun ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn lena dtionscadal nuálach i gCorn Domhanda Sage um Fhiontraíthe Sóisialta.

BÓTHAR CEANGAIL DHURLAS (BÓTHAR AN MHUILINN GO CLUAIN GABHRA)

Fuarthas cuid mhór den talamh chun forbairt a dhéanamh ar Bhóthar Ceangail Dhurlas, rud a laghdóidh go mór an brú tráchta sa bhaile.

SCÉIM ATHCHÓIRITHE CHEARNÓG NA SAOIRE DURLAS AGUS FORBAIRT CARRCHLÓIS


Críochnaíodh na Pleananna Chuid 8 agus an tSonraíocht faoi dheireadh na bliana agus meastar go gcuirfear tús le tógáil ag deireadh 2016.

MÉADÚ AGUS ATHCHÓIRIÚ AR NA HOIFIGÍ IN ASCAILL AN CHAISLEÁIN, DURLAS.

Críochnaíodh an Próiseas Chuid 8 ag tús na bliana. Bronnadh an conradh ar Conack Construction Ltd. ar an 7 Lúnasa, 2015 agus cuireadh tús le hobair ar an láithreán ar an 17 Lúnasa, 2015. Tá an conradh sceidealaithe le bheith críochnaithe i mí na Nollag 2016.



PÁIRC BAILE DHURLAS



Osclaíodh Páirc an Bhaile, ar mór an áis í don bhaile, don phobal ar an gCéadaoin, an 14 Deireadh Fómhair, 2015 agus bíonn éileamh mór air. Tá an pháirc déanta suas de chlós súgartha do pháistí, páirc scátála, LIÚC, trealamh aclaíochta lasmuigh do dhaoine fásta, ardán banna ceoil, cosáin, áiteanna glasa, droichead coisithe agus carrchlós.



Tá an pháirc déanta suas de chlós súgartha do pháistí, páirc scátála, LIÚC, trealamh aclaíochta lasmuigh do dhaoine fásta, ardán banna ceoil, cosáin, áiteanna glasa, droichead coisithe agus carrchlós.

LIMISTÉAR ILÚSÁIDE CLUICHÍ NA LEACHT GEALA AGUS TREALAMH ACLÁÍOCHTA LASMUIGH DO DHAOINE FÁSTA

Bronnadh an conradh um sholáthar agus shuiteáil an trealamh ar McSweeney Sports Surfaces agus rinneadh na feabhsúcháin i mBealtaine, 2015.

AN CARRCHLÓS I REILIG PHÁDRAIG, DURLAS

Rinneadh dréachtphlean den leagan amach chun carrchlós a chur ar fáil. Tá pleananna sonracha agus sonraíocht don phróiseas Chuid 8 á n-ullmhú go himheánach faoi láthair.

AN SCÉIM UM FEABHSÚ ROS CRÉ

Iarradh tairiscintí chun Foireann Deartha faoi stiúir Ailtire Tírdhreacha a fháil chun dearáí sonracha a ullmhú do Shráid an Chaisleáin, Plás an Bhaile agus an Phríomhshráid, Ros Cré. Dírítear an Plean ar an réimse phoiblí sna háiteanna sin a fheabhsú trí hiad a dhéanamh níos éasca le húsáid agus níos tarraingtí do choisithe, thiománaithe, muintir na háite agus cuairteoirí agus béim curtha ar líon na gcuariteoirí ar lár an bhaile a mhéadú.



FEABHSÚCHÁIN AR CHLÓS SÚGARtha NA GLÉIBE, ROS CRÉ

Fuarthas cistiú trí Scéim Chistiú Deontas Caipitil an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige um Spraoi agus Chaitheamh Aimsire 2015 i dtreo dromchla nua a chur ar an gclós súgartha agus an trealamh a dheisiú i gclós súgartha na leanaí. Thug an Ceantar Bardasach ranniocaíocht mhór i dtreo na gcostas.



MÉADÚ AR PHÁIRC BAILE AN TEAMPAILL MHÓIR

Tá roinnt leagan amach um forbairt na talún breise á n-ullmhú go himheánach faoi láthair.

RANNÍOCAÍOCHTAÍ LE HEAGRAÍOCHTAÍ/COISTÍ

Bronnadh deontais ar luach €118,952.00 ar 156 ceann de Chomhlachas Spóirt, Chumainn Cónaitheoirí, Eagraíochtaí Pobail agus Deonacha, Coistí Bailte Slachtmhara agus Reilige i 2015. Aithníonn an Ceantar Bardasach an ról luachmhar a ghlacann na coistí sin i bpobail áitiúla.

TIONSCNAMH PÉINTEÁLA LÁR AN BHAILE 2015

Bronnadh deontais ar ghnóthais sna bailte Durlas, an Teampall Mór agus Ros Cré i dtreo an chostais as péinteáil an taoibh amuigh dá n-áitreabh gnó agus ar an mbealach sin cuireadh feabhas mór ar íomhá na lár baile.

TITHÍOCHT

Chabhraigh Ceantar Bardasach an Teampaill Mhóir-Dhurlas leis an Rannóg Tithíochta chun 12 theaghlach as an tSíría a lonnú i mbaile Dhurlas i rith na bliana.



6

CÚRSAÍ EAGRAÍOCHTA

- SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA
- ACMHAINNÍ DAONNA
- TEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE (TF)
- LÁITHREÁN GRÉASÁIN
- SPÓIRT AGUS CÚRSAÍ SÓISIALTA





SEIRBHÍŚI CORPARÁIDEACHA

ÍOCAÍOCHTAÍ LE COMHALTAÍ CHONTAE THIOBRAID ÁRANN

Speansais Chomhdhála na gComhairleoirí	€16062.77
Speansais Oiliúna na gComhairleoirí	€70,528.67
Liúntas íochta le Cathaoirligh Choistí Beartais Straitéisigh	€19,548.30
Liúntas an Chathaoirligh	€18,234.13
Leaschathaoirleach	€3,646.82
Cathaoirleach an Cheantair Bhardasaigh	€22,225.93
Pá ionadaíochta Comhaltaí	€431,752.40

CRUINNITHE NA COMHAIRLE

	Buiséad Míosúil Bliantúil		
Comhairle Contae Thiobraid Árann	10	1	1
Ceantair Bhardasacha			
Durlas/An Teampall Mór	10	1	1
Carraig na Siúire	10	1	1
Caiseal/Tiobraid Árann	10	1	1
Cluain Meala	10	1	1
An tAonach	10	1	1

CRUINNITHE AN CHOISTE

An Grúpa Beartais Chorporáidigh	12
An Comhchoiste Póilíneachta	2
An CBS ar Fhorbairt Geilleagair & Fiontraíochta	6
An CBS ar Thithíocht	3
An CBS ar Phleanáil & Seirbhísí Éigeandála	4
An CBS ar Bhóithre agus lompár	3
An Coiste Uisce Tuaithe	4
C.F.P.Á	9
An Coiste Áitiúil don Lucht Taistil	2

AN GRÚPA BEARTAIS CHORPARÁIDIGH

Tá an Grúpa Beartais Chorporáidigh (CBC) déanta suas den Chathaoirleach agus de chúigear Cathaoirleach na gCoistí Beartais Straitéisigh agus tugann an Príomhfheidhmeannach tacaíocht dó

Tá Cathaoirleach Cheantar Bardasach Charraig na Siúire ina mball de freisin ós rud é nach bhfuil ionadaíocht ag comhalta ón gceantar sin mar Chathaoirleach CBS.

Cuimsíonn ról an GBC comhairle a chur ar an gComhairle Thofa agus cabhrú leo ó thaobh beartas a cheapadh, a fhorbairt, a mhaoirsiú agus a athbhreithniú le haghaidh Chomhairle Contae Thiobraid Árann. Is ag an gComhairle Thofa a bhfuil údarás iomlán ó thaobh cinntí a dhéanamh, áfach.

D'fhéadfadh an GBS freisin moltaí a dhéanamh maidir le gnó a leithdháileadh idir na Coistí Beartais Straitéisigh agus maidir le comhordú ginearálta an ghnó sin.

REÁCHTÁLADH 10 GCRUINNÍÚ DEN GBS I 2015. I MEASC NA MÍREANNA A NDEARNADH A MHEAS AG A GCUID CRUINNITHE BHÍ:

- Cás-staidéar IPA ar an bPróiseas Cumaisc
- Bunú Pháipéar Comhairleachta an Choimisiún Toghcháin
- Comóradh Cothrom 100 Bliain ó Éirí Amach 1916
- An Dréachtphlean Corparáideach 2015-2019
- An Dréachtphlean um Sholáthar Seirbhíse 2015
- Tuarascáil Bhliantúil 2014
- Plean Oibriúcháin Chuid 25 um Dhóiteáin agus Éigeandálaí
- Athrú Beartaithe (Uimh.2) ar Phleananna Forbartha Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas
- Dréachtbheartas ar Urrú Timpeallán
- Cruinniú Mullaigh na gCathracha Cleamhnaithe 2016
- An Cháin Mhaoine Áitiúil – an ráta coigeartaithe áitiúil a mheas i gcomhréir le Cuid 4 de na Rialacháin um Cháin Mhaoine Áitiúil (ráta coigeartaithe áitiúil) 2014
- An Próiseas um Straitéis Bhuiséid
- Cúnant na Méaraí

AN COISTE UM CHOMHPHÁIRTÍOCHT SAN IONAD OIBRE

I mí Mheithimh 2015 bunaíodh go hoifigiúil an Coiste um Chomhpháirtíocht san Ionad Oibre le haghaidh Chomhairle Contae Thiobraid Árann. Bíonn cruinnithe ag an gcoiste gach dhá mhí agus ó bunaíodh é bhí trí chruinniú aige.

Tá an Coiste Comhpháirtíochta déanta suas de na comhaltaí seo a leanas:

IONADAITHE BAINISTÍOCHTA)

- **Dave Carroll**
(Príomhoifigeach Dóiteáin, Comhchathaoirleach)
- **Michael F Hayes**
(Príomhinnealtóir, Bóithre)
- **Pat Slattery**
(Stiúrthóir Seirbhísí)
- **Denis Holland**
(An Príomhinnealtóir, Seirbhísí Uisce)
- **Seamus O'Brien**
(Maor Baile, Ceantar Bardasach an Aonaigh)
- **Marie McGivern**
(Riarthóir Ceantair, Ceantar Bardasach Chaisil-Thiobraid Árann)

IONADAITHE CEARDCHUMAINN

- **Joe Sherlock**
(IMPACT, Comhchathaoirleach)
- **Patrick Moran**
(SIPTU/LAPO)
- **Fiona Crotty**
(IMPACT)
- **John McCormack**
(SIPTU)
- **Donal Tuohy**
(UNITE)
- **Martin Gleeson**
(SIPTU)
- **Pat O'Rourke**
(UNITE)

ÉASCAITHEOIRÍ IONAID OIBRE

- **Brian Dunne**
- **Walter Doheny**

Baintear úsáid as na Struchtúir Chomhpháirtíochta fós chun fóram a chur ar fáil um Eolas agus Chomhairliúchán le gach fostaí.



GNÍOMHAÍOCHTAÍ COMHPHÁIRTÍOCHTA EILE



Seo a leanas na príomhréimsí gníomhaíochta i rith na bliana:

D'fhreastail dream ball foirne lasmuigh ar oiliúint i gclár Scileanna don Obair a ritheadh i dteannta leis an BOO. Reáchtáladh dhá rang san Aonach agus i gCluain Meala araon. Chuir an Roinn Oideachais agus Scileanna cistiú ar fáil don chlár seo.

D'eagair Cumann na mBall Foirne Scortha roinnt turas rathúil do bhaill foirne scortha. I mí Mheithimh rinneadh turas dhá lae chuig líne cósta fiarlánach Iarthar Chorcaí. I mí Mheán Fómhair, eagraíodh turas thar lear chuig an mBeilg agus an Ísiltír. Ceann de bhuaicphointí an turais ab ea cuairt ar Pharlaimint na hEorpa sa Bhruiséil. Eagraíodh dinnéar Nollaig sa Thatched Cottage, Baile Uí Choimín, an tAonach agus eagraíodh lón do bhaill foirne scortha san Óstán Minella i gCluain Meala. D'fhreastail slua mór ar an dá himeacht sin.

Reáchtáladh dhá Chóisir Nollaig do Pháistí, ceann amháin san Aonach agus an ceann eile i gCluain Meala. Ghlac na páistí páirt i Seó Draíochta, Múnlú Balún, Dioscó, Péinteáil Aghaidhe, etc.

Reáchtáladh cur i láthair do bhaill foirne a chuaigh ar scor i 2014 san Óstán Minella, Cluain Meala ar an 10 Nollaig. Chuir Joe McGrath, an Príomhfheidhmeannach dámhachtain Genesis i láthair do na faighteoirí agus 'Works Done' mar theideal cuí air.

SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DO CHUSTAIMÉIRÍ

Oibríonn an Chomhairle samhail chomhtháite um thacaíocht do chustaiméirí i bhfoirm Dheasc Seirbhíse do Chustaiméirí.

I MEASC BHUAICPHOINTÍ AGUS GNÉITHE AN DEASC SEIRBHÍSE DO CHUSTAIMÉIRÍ TÁ:

- 2,500 glao ar an meán in aghaidh na seachtaine, agus os cionn 50% díobh aistrithe chuig rannóga. Ciallaíonn sé sin go mbíonn an lucht Seirbhíse do Chustaiméirí ag plé le beagnach leath de na glaonna go léir chuig an gComhairle Contae.
- Freagraíonn baill foirne na glaonna, seachas iad a threorú chuig teachtaireacht thairfeadta.
- Bíonn 600-650 fiosrú ar an meán chuig an gcuntar poiblí gach seachtain.
- Is iad an meánmhéid ríomhphost a sheoltar chuig Seirbhís do Chustaiméirí ná 200 in aghaidh na seachtaine.
- Faightear os cionn 2,000 mír poist gach seachtain agus scaiptear chuig na rannóga éagsúla iad nó pléann lucht Seirbhíse do Chustaiméirí leo.
- Is é an méid iomlán custaiméirí a bpléann an DSC leo (custaiméirí gutháin/poiblí/cuntair/ríomhphoist/poist) ná os cionn 5,000 in aghaidh na seachtaine. Tá Comhaontú Leibhéal Seirbhíse i bhfeidhm le gach rannóg ionas go dtuigtear go soiléir ról an DSC agus na Rannóige/an Cheantair Buirge/an Cheantair Bhardasaigh. Tá úsáid á baint ag an gComhairle as an gCóras Bainistíochta don Chaidreamh le Custaiméirí (BCC) chun teachtaireachtaí a chur ar aghaidh ó DSC chuig Rannóga/Ceantair.



Faightear aiseolas an-dearfach i gcónaí ó áiteanna éagsúla maidir leis an Deasc nua Seirbhíse do Chustaiméirí agus déantar tráchta dearfacha ina leith. Níl anseo ach an chéad chéim de mhúnla Seirbhíse do Chustaiméirí a bheidh ag forbairt i gcónaí.

SAORÁIL FAISNÉISE

Achtaíodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise ar an 14 Deireadh Fómhair, 2014. Bronntar trí cheart fíorthábhachtach leis ar bhail den phobal a iarrann rochtain ar fhaisnéis atá ag ranna rialtais, údaráis áitiúla agus comhlachtaí ainmnithe eile. Is iad na cearta sin ná:

- An ceart chun rochtana ar thaifid éagsúla atá i seilbh Comhlachtaí Poiblí.
- An ceart go ndéanfaí eolas pearsanta atá ag na comhlachtaí sin fúthu féin a cheartú nó a thabhairt suas chun dáta áit is gá.
- An ceart fáthanna a fháil le cinntí arna ndéanamh ag comhlachtaí poiblí a d'fhéadfadh go mbeadh tionchar acu orthu.

Ó tionscnaíodh i 1997 é tá leas bainte go forleathan ag baill den phobal as an Acht um Shaoráil Faisnéise chun rochtain a fháil ar thaifid atá i seilbh Comhlachtaí Poiblí.

Fuair Comhairle Contae Thiobraid Árann 75 iarratas ar Shaoráil Faisnéise i 2015.

Sa tábla seo a leanas taispeántar líon na n-iarratas FOI a fuair Comhairle Contae Thiobraid Árann i 2015 chomh maith leis na cinntí faoi na hiarratais sin:

Líon na n-iarratas FOI a fuarthas	75
Líon na n-iarratas ar Fhaisnéis Phearsanta	11
Líon na n-iarratas ar Fhaisnéis Neamhphearsanta	53
Measctha	11
Líon na n-iarratas a deonaíodh	56
Líon na n-iarratas a deonaíodh i bpáirt	13
Líon na n-iarratas ar diúltaíodh dóibh	5
Iompaithe ar aghaidh chuig 2016	1




DEONTAIS ARDOIDEACHAIS

I gcomhréir leis an Acht um Údarás Áitiúla (Deontais Ardoideachais), cuireann Comhairle Contae Thiobraid Árann deontais ardoideachais ar fáil do mhic léinn incháilithe. Glacann an Chomhairle le scéim deontas gach bliain in éineacht leis an Aire Oideachais agus Scileanna.

Ó 2012/2013 tá próiseáil á déanamh ag Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn (SUSI) ar gach iarratas nua. Dá réir sin, ní dhéanann Comhairle Contae Thiobraid Árann próiseáil ar iarratais nua ar dheontais ardoideachais a thuilleadh, tá siad ag próiseáil iarratas le haghaidh mac léinn atá ag leanúint ar aghaidh lena gcuid staidéar reatha ó bhí an bhliain acadúil 2011/2012 ann.

50 Iarratas Measúnaithe 2015/2016



FÁILTITHE CATHRACH



Is é atá i bhFáiltiú Cathrach ná an onóir is airde ar féidir leis an gComhairle a bhronnadh ar dhuine aonair, ghrúpa nó eagraíocht a bhfuil rath suntasach bainte amach acu i réimsí spóirt, cultúrtha, acadúla, eolaíochta, polaitíochta nó réimsí eile nach iad. Ghlac an Chomhairle le prótacal athbhreithnithe i rith 2015 le haghaidh Bhronnadh Onóracha Cathrach agus Ionadaíochta ag imeachtaí oifigiúla trína dtugtar cead do Cheantair Bhardasacha aitheantas a thabhairt do rath ag clubanna nó grúpaí ina gceantar féin ar leibhéal áitiúil, contae nó náisiúnta.

I rith 2015 thug Comhairle Contae Thiobraid Árann Fáiltiú Cathrach do Choláiste Charraig an Tobair ar an 17 Meitheamh, 2015 mar aitheantas dá ról in oideachas, spórt agus cultúr Thiobraid Árann le 150 bliain anuas. Ócáid speisialta a bhí ann don Chathaoirleach, an CmhIr Michael Fitzgerald atá ina iardhalta de chuid an choláiste.

ACMHAINNÍ DAONNA

Tá Comhairle Contae Thiobraid Árann, ar comhairle aontaithe í, i measc na bhfostóirí is mó sa chontae agus 1124 fostaí san iomlán acu (idir fostaithe coibhéise lánaimseartha agus coimeáda) ag deireadh 2015.

PLÉANN AN RANNÓG ACMHAINNÍ DAONNA LEIS NA RÉIMSÍ SEO A LEANAS:

- Earcaíocht, Luach Saothair agus Coinníollacha Fostaíochta.
- Forbairt agus Cur i bhFeidhm Clár Oiliúna/Forbartha um Bhaill Foirne.
- Aoisliúntas (Teidlíochtaí Pinsin).
- Leas/Caidreamh Fostaithe.
- Caidreamh Tionsclaíoch.
- Coimeád Taifead Foirne.
- An Córas CORE, ar córas ríomhairithe é um Acmhainní Daonna.
- An Córas um Bainistíocht agus Forbairt Feidhmíochta (CBFF).

PLEANÁIL AGUS EARCÚ AN FHÓRSA OIBRE

Tá sé de cheangal ar gach Údarás Áitiúil plean faofa don fhórsa oibre a bheith i bhfeidhm acu. Mar chuid de phróiseas cumaisc Thiobraid Árann, rinneadh cleachtadh fairsing um pleanáil fhórsa oibre i 2013 agus tá sé á chur i bhfeidhm ó sin. I rith 2015, ritheadh roinnt comórtas oscailte agus srianta agus rinneadh ceapacháin chuig poist lárnacha, i gcomhréir leis an bplean.

De réir na gclár náisiúnta “Pathways to Work” agus an “Clár Gníomhaíochta do Phoist”, lean an Chomhairle ar aghaidh ag cur i bhfeidhm an Scéim JobBridge agus an Scéim Gateway, trína gcuirtear deiseanna ar fáil d’iarratasóirí incháilithe chun taithí oibre luachmhar a fháil. Faoi mhí na Nollag 2015 bhí 74 duine ar fud an chontae ag glacadh páirte sa scéim Gateway.

CAIDREAMH TIONSCLAÍOCH

Leanann an Chomhairle ar aghaidh ag obair i gcomhpháirt le ceardchumainn agus le hionadaithe fostaí chun caidrimh oibre chairdiúla agus coinníollacha oibre a bhaint amach chomh maith le cleachtais oibre sábháilte, éifeachtach agus éifeachtúla. Bhain cuid mhór de na ceisteanna a ardaíodh i rith na bliana le saincheisteanna iarchumaisc agus d’oibrigh an bhainistíocht agus na ceardchumainn go héifeachtach chun déileáil leo siúd.

OILIÚINT & FORBAIRT FOIRNE

I gcomhréir lenár mbeartas náisiúnta reatha agus le cuspóirí ár bPlean Chorporáidigh leanaimid ar aghaidh ag déanamh cinnte go mbíonn an deis ag baill foirne ar gach leibhéal den eagraíocht a n-acmhainn iomlán a chomhlíonadh agus an leibhéal cuí eolais agus scileanna a shealbhú chun gur féidir leo a bpost a dhéanamh. Mar chuid den phróiseas cumaisc, bunaíodh foireann oiliúna tiomnaithe sa Rannóg Acmhainní Daonna.

Tá oifigeach oiliúna i gceannas ar an bhfoireann oiliúna agus tá lucht na foirne freagrach as clár cuimsitheach oiliúna a dhréachtú agus a chur i bhfeidhm. Bíonn riachtanais oiliúna bunaithe ar na riachtanais arna n-aithint tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) agus i rith na bliana, tugadh tús áite d’Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta, oiliúint a theastaíonn le haghaidh ról sonrach agus freisin oiliúint a bhaineann le bainistíocht athruithe. Freisin cuireadh tugadh cistiú le haghaidh chúrsaí 3ú leibhéal do roinnt ball foirne faoin Scéim Chúnaimh um Oideachas Foirne.

Chun éifeachtacht agus luach ar airgead a chinntiú, cuireadh oiliúint ar fáil ar an láthair go príomha agus san Ionad Oiliúna Réigiúnach, Ros Cré agus úsáid á baint as idir oiliúnaithe inmheánacha agus seachtracha. Déantar comhghairdeas leis na fostaithe go léir a ghlac páirt sa chlár oiliúna i 2015.



AOISLIÚNTAS

Riarann an Rannóg Acmhainní Daonna an Scéim Aoisliúntais Údaráis Áitiúil agus Scéim Bhainteach na gCéilí agus Leanaí agus Scéimeanna Pinsin Baintrí agus Dílleachta le haghaidh gach gráid.

COMHLÍONANN LUCHT NA RANNÓIGE NA FEIDHMEANNA SEO A LEANAS:

- Cnapshuimeanna scoir agus pinsin a ríomh chomh maith le haisc báis, cnapshuimeanna i dtaobh scor, sochair chaomhnaithe etc.
- Aistriú seirbhíse chuig agus ó chomhlachtaí eile Earnála Poiblí.
- Ráitis a ríomh maidir le seirbhísí agus meastacháin sochair.
- Clárú ball nua den scéim.

COMHIONANNAS

IS IAD AN DÁ PHRÍOMHBHEARTAS Ó THAOBH COMHIONANNAIS ATÁ I BHFEIDHM IN ÚDARÁIS ÁITIÚLA THIOBRAID ÁRANN THUAIDH NÁ:

- An Beartas um Dhínit san Ionad Oibre agus
- An Beartas um Bainistíocht Comhionannais agus Éagsúlachta

Tá roinnt Daoine Teagmhála Ainmnithe ar fáil agus is é a ról ná cúnaimh a thabhairt d’fhostaithe de réir mar a theastaíonn i gcomhréir leis na beartais i leith comhionannais. Tá an liosta de Dhaoine Teagmhála Ainmnithe ceangailte leis an Beartas i leith Dínite san Ionad Oibre ar Sharepoint.

AN CÓRAS UM BAINISTÍOCHT & FORBAIRT FEIDHMÍOCHTA (CBFF)

Leagtar béim an-mhór fós sa bheartas náisiúnta ar úsáid a bhaint as córais um bainistíocht & forbairt feidhmíochta san Údarás Áitiúil. Tar éis gur cruthaíodh stiúrthóireachtaí athbheithnithe i ndiaidh an chumaisc agus foirne nua dá bharr sin, cuirtear níos mó béime ar dhéanamh cinnte go mbíonn pleananna forbartha foirne agus pleananna forbartha pearsanta i bhfeidhm do gach ball foirne.

LEAS/CAIDREAMH FOSTAITHE

Bímid i gcónaí ag iarraidh timpeallacht oibre a chruthú a chabhraíonn le fórsa oibre sláintiúil agus forásach a chothú.

I MEASC NA DTIONSCNAMH A GLACADH TÁ IAD SEO A LEANAS:

- An Clár Tacaíochta Foirne a chuimsíonn Foireann Tacaíochta d'Fhostaithe.
- Rochtain ar Ghairmí Sláinte Ceirde.
- Lámhleabhar Fostaithe.
- Lámhleabhar ar Aoisliúntais.
- Pacáiste Eolais/Ionduchtaithe d'fhostaithe nua.
- Dámhachtainí Fadseirbhíse.
- Cúrsaí Réamhscoir.
- Tionscadal um Filleadh ar Fhoghlaim.

Éascaíonn Comhairle Contae Thiobraid Árann glacadh na socruithe saoire éagsúla a Thacaíonn le Teaghlaigh a bhfuil ina measc Postroinnt, Saoire Tuismitheora agus Saoire Cúramora.

Ag deireadh 2015, cuireadh tús le clár nua de chainteanna am lóin agus béim curtha ar fholláine.

AN CÓRAS AD CORE UM PHÁROLLA AGUS AOISLIÚNTAS

Tugadh isteach Córas nua AD um Phárolla agus Aoisliúntas (CORE) i 2010. Ba é a bhí i gceist leis sin ná 10 modúl a chur i bhfeidhm go náisiúnta idir 2010 agus 2013.

I 2015 bhog an Chomhairle ar aghaidh ó Leagan 15 de CORE go Leagan 19, rud a chuireann níos mó solúbthachta ar fáil d'úsáideoirí deiridh chomh maith le gnéithe feabhsaithe lena n-áirítear Deaiseanna Fostaí agus Bainisteora. Freisin cuireadh áis ar fáil do bhaill foirne ionas go bhféadfaidís a gcuid sonraí cuntais bainc féin a bhainistiú agus a athrú.

Tar éis an uasghrádaithe rathúil sin d'aistrigh an Chomhairle chuig an Ionad um Sheirbhísí Comhroinnte Párolla MyPay i mí Lúnasa 2015. Tá gnéithe móra den phróiseas párolla fós faoi chúram na Comhairle ar nós cur isteach bileog ama, ullmhú roimh chur i bhfeidhm, bailíochtú agus seiceáil sonraí párolla agus athruithe lena n-áirítear déaduchtuithe neamhreachtúla. Is é MyPay a thógann faoi chur i bhfeidhm deireanach an phróisis tar éis na seiceálacha fairsinge sin.



SCOIR

I RITH 2015 CHUAIGH NA BAILL FOIRNE SEO A LEANAS AR SCOR ÓN TSEIRBHÍS:

Brian Ahearne	Ceardaí
Bernadette Riordan	Garda Tarrthála
Bernard O'Brien	Comhraiceoir Dóiteáin
Danny Scully	Saoiste Cúnta
David Ryan	Oibrí Ginearálta Scéim F.P.
Denis Slizys	Oibrí Ginearálta Scéim F.P.
Donal O'Brien	Comhraiceoir Dóiteáin
Eamon Lee	Saoiste
Eddie Mason	Tiománaí Grád VI
Edmund Carew	Oibrí Ginearálta Scéim F.P.
Eva O'Keeffe	Oifigeach Cléireachais
Fiona Fuller	Oifigeach Cléireachais
Francis Cummins	Comhraiceoir Dóiteáin
Gerard Ryan	Comhraiceoir Dóiteáin
Helen Phelan	Oifigeach Foirne Cúnta
John Condon	G.S.S.
John Croke	Airíoch Séarachais
John Redfern	Comhraiceoir Dóiteáin
Kathleen Maher	Oifigeach Riaracháin
Mary Mullins	Oifigeach Cléireachais
Michael Dunphy	Oibrí Ginearálta
Michael Ryan	Oibrí Ginearálta
Michael Walsh	Airíoch Uisce

Nora Anderson	Glantóir Oifige
Patrick Kelly	Comhraiceoir Dóiteáin
Patrick Kennedy	G.S.S.
Patrick Moore	Comhraiceoir Dóiteáin
Peter Lyons	Oibrí Ginearálta
Sarah Barry	Oifigeach Foirne Cúnta
Sean Toomey	Airíoch
Thomas Cormack	Oibrí Ginearálta
Thomas Kennedy	Saoiste Cúnta
Thomas McCormack	Saoiste

D'fhreastail na fostaithe sin, a bhfuil na blianta fada de sheirbhís eiseamláireach tugtha acu, go han-mhaith ar Iarúdarás Áitiúla Thiobraid Árann agus ar a gcuid custaiméirí. Guímid saol fada sona orthu go léir. Tá súil againn go gcoimeádfaimid siad i dteagmháil i gcónaí lena gcuid cairde agus comhghleacaithe.

I dteannta leis na daoine thuas cuimhnímid go ceanúil ár bheirt chomhghleacaithe dár gcuid a fuair bás, faraor géar, agus iad i mbun seirbhíse i rith 2015 - An tUas. Thomas Dillon, Oibrí Ginearálta agus Ms. Helen Anne Power, Oifigeach Cléireachais. Déanaimid comhbhrón lena muintir.



CÓRAIS FAISNÉISE

Bhain an fhoireann Córas Faisnéise amach an méid seo a leanas i 2015:

SAORÁNACH, COMHALTA TOFA

Cuspóir: Ardán inrochtana cuimsitheach um sheirbhís do chustaiméirí a chur ar fáil don phobal, do chomhaltaí tofa agus baill foirne trí húsáid a bhaint as teicneolaíocht na faisnéise agus an idirlíon. Leanúint ar aghaidh ag soláthar sheirbhís tacaíochta teicniúla do na Comhaltaí Tofa.

BAINTE AMACH

- Leanadh ar aghaidh ag cur i bhfeidhm an Chóras Bainistíochta don Chaidreamh le Custaiméirí (CRM) ar fud na heagraíochta.
- Seoladh an láithreán gréasáin turasoíreachta www.tipperary.com (.ie) agus tugadh cúnamh chun tacú le www.exploretipperary.ie agus www.discoverloughderg.ie.
- Feabhsaíodh láithreán gréasáin na Comhairle chun na nithe seo a leanas a chur leis: Féilire d'imeachtaí sa Chontae, Comhairliúcháin Ar Líne, R-fhoirmeacha d'fholúntais phoist, comhtháthú léarscáile - Foláirimh Bhóthair & Bealaí um Leagan Salainn.
- Baineadh úsáid fhairsing as an láithreán gréasáin agus na meáin sóisialta le linn na drochaimsire.
- Tugadh an Córas Fiosruithe GIS um Pleanáil, atá bunaithe ar an ngréasán, suas chun dáta chun go léireofaí aon chóras aontaithe amháin.
- Éascaíodh na Comhaltaí Tofa chun go bhféadfaidís a gcuid táibléad agus fón cliste a úsáid chun rochtain a fháil ar a gcuid ríomhphost agus cáipéisí.
- Rinneadh athfhorbairt ar an gcuid faoi Chomhaltaí Tofa ar www.councillink.ie chun go mbeadh sé níos éasca le húsáid.
- Cuireadh ar aghaidh tionscnamh Turasoíreachta nua chun Aip a fhorbairt dar teideal "Whats on in Tipp". Tá sé beartaithe é a fhorbairt go himheánach, agus é a chur i bhfeidhm i R3 de 2016.
- Cuireadh tús leis an uasghrádú ar WiFi Aíonna, Ball Foirne agus Comhaltaí san eagraíocht.



FOIREANN, BRANDA, SEIRBHÍS

Cuspóir: Na huirlisí, na córais, na réitigh agus an bonneagar a chur ar fáil chun cur ar chumas na mball foirne agus na rannóg gnó a gcuid cuspóirí gnó a chomhlíonadh. Leanúint ar aghaidh ag soláthar sheirbhís tacaíochta teicniúla sna réimsí Líonraí, Feidhmchláir, Idirlíon agus GIS.

BAINTE AMACH

Líonraí, Ionad Sonraí, Fóin agus Bonneagar

- Cuireadh tacaíocht theicniúil ar fáil do bhaill foirne ar fud na heagraíochta maidir le córais ghnó, ríomhairí pearsanta, ríomhairí glúine, fearais soghluaiste, fóin chliste agus córais TF. Rinneadh taifead ar 5,690 glao chuig an deasc chabhrach i 2015.
- Cuireadh ar fáil uasmhéid aga fónaimh agus feidhmíochta maidir le Líonraí/Córais ar fud gach oifige le haghaidh gach Úsáideora
- Rinneadh na córais Leabharlainne agus an bonneagar a chomhtháthú sa Chomhairle Contae. Táthar ag tabhairt tacaíochta anois do gach gné de TF le haghaidh na Leabharlann. Ríomhphost, PCanna, comhaid aistrithe freisin. Córas fóin agus fóin curtha i bhfeidhm aistrithe i bpáirt (le bheith críochnaithe i 2016).
- Rinneadh 70% de na freastalaithe in Ionad Sonraí Chluain Meala a dhíchoimisiúnú agus a chasadh as.
- Roghnaíodh Díoltóir chun uasghrádú a dhéanamh ar an mbonneagar san ionad sonraí san Aonach. Cuireadh an bonneagar ar fáil ar an láithreán roimh an Nollaig.
- Éascaíodh bogadh ball foirne ó oifigí Chaisil.
- Éascaíodh an méadú ar oifigí Cheantar Bardasach Dhurlas.
- Freastalaíodh ar na riachtanais um oifig nua Cheantar Bardasach Dhurlas. Faoi láthair táthar ag soláthar naisc le háit nua CC Leabharlainne ar an láithreán chun ullmhú don aistriú i Márta 2016.
- Éascaíodh na tionscadail seo a leanas: Córas um Thuar Tuilte, bogearraí thionscadal CCTV, comhtháthú an Chomhpháirtíocht Spóirt, atheagrú an Oifig Pleanála, córas nua linn snámha, athchumrú Stáisiún Dóiteáin Chluain Meala, córas oiliúna I-Pad do Stáisiún Dóiteáin, athchumrú Lota Waller, bogadh ón tseanoifig um bainistíocht dramhaíola agus í a dhíchoimisiúnú, córas My Pay, ríomhairí deisce nua, riachtanais Uisce Éireann
- Rinneadh uasghrádú ar an nasc Líonraí ó Phointe go Pointe idir Cluain Meala agus an Aonach.
- Rinneadh uasghrádú ar na bogearraí chun slándáil a láimhseáil (Bainistíocht Fearas Soghluaiste) ar fhóin chliste agus tháibléid. Aistriódh thart ar 50% d'fhearais chuig timpeallacht nua.
- Cuireadh físchomhdháil deisce (Skype) ar fáil do go leor ball foirne.
- Éascaíodh aistrithe agus athruithe fóin ar bhonn leanúnach.
- Cuireadh i bhfeidhm athruithe nua teicneolaíochta ar na Córais Fhóin sna príomhoifigí agus cuireadh i bhfeidhm folínte ceithre uimhreach áit ab fhéidir.
- Cuireadh deireadh le Linte Fóin áit ba chúí.

CÓRAIS FAISNÉISE GEOGRAFAÍ (CFG)

- Forbraíodh Córas Faisnéise Geografaí (CFG) ar bhonn píolótach um Pleanáil, agus úsáid á baint as teicneolaíocht nua.
- Aistríodh córais CFG chuig ionad sonraí an Aonaigh.
- Rinneadh Córais CF/Tacair Sonraí/Léarscáilíú OSI a chumasc.
- Rinneadh iniúchadh ar chórais Autocad.
- Cuireadh feabhas ar chóras an chlár um leas i maoin
- Bogadh chuig córas nua shaotharlann comhshaoil.



rFHORBAIRT

- Cuireadh i bhfeidhm córas nua Leabhair Fóin.
- Cuireadh 70+ tacar sonraí (córais) Sharepoint ar fáil ar fud na heagraíochta. I measc roinnt samplaí tá: Bainistíocht Acmhainní do Chosaint Shíbhialta, Cláir agus cigireachtaí Comhshaoil; Láithreáin Tréigthe, Iompraíocht Fhrithshóisialta, Cláir Phleanála, Tógáil i gcúram, Bannaí, RPS, Bóithre, Fearas & Ardú, Fógra faoi Ghluaiseacht; Orduithe Bainisteora.
- Óstáil Inmheánach Dhíchoimisiúnaithe
- Cuireadh foláirimh Twitter i bhfeidhm de réir Ceantair Bhardasaigh.
- Rinneadh an Seanchóras Bainistíochta Inneachair a dhíchoimisiúnú.
- Aistríodh óstáil an láithreáin ghréasáin chuig soláthraí nua.
- Forbraíodh agus Cuireadh i bhfeidhm na córais seo a leanas: Córas Bainistíochta Fuinnimh, Cáis Dlí, Speansais na gComhairleoirí, Rialú Iniúchta, Córas Bainistíochta Spóirt.
- Tugadh cúnamh chun Córas Bainistíochta Sábháilteachta a fhorbairt.
- Tugadh cúnamh le láithreán gréasáin Chomhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann a seoladh i gcaitheamh na bliana.
- Feidhmeanna
- Roghnaíodh réiteach um Monatóireacht Slándála/Idirlín
- Freastalaíodh ar phostchóid nua
- Críochnaíodh cumasc Feidhmeanna éagsúla e.g. forfheidmiú agus pleanáil.
- Cuireadh nuashonruithe, paistí agus feabhsuithe i bhfeidhm ar na córais ghnó e.g. rinneadh uasghrádú ar I-Plan, I-House, (modúl HAP nua), Impala, I Docs, Shannon link (nvdf).
- Cuireadh feabhas ar phróiseáil fón póca na mball foirne.

- Éascaíodh an reifreann (priontáladh cártaí vótála).



WWW.TIPPERARYCOCO.IE

SEIRBHÍSÍ AR LÍNE @ COMHAIRLE CONTAE THIOBRAID ÁRANN

Lean Tipperarycoco.ie ar aghaidh ag dul i méid agus ag freastal ar riachtanais chustaiméara i rith 2015. I rith na bliana fuair an suíomh 301,310 seisiún agus 837,326 amharc ar leathanaigh.

Tá ról ríthábhachtach ag an láithreán ó thaobh tacú le soláthar seirbhísí leictreonacha, caidreamh poiblí, cumarsáid meáin agus seirbhís do chustaiméirí.

Ós rud é go bhfuil foireann fhorbartha inmheánach againn a oibríonn taobh le gach rannóg den chomhairle, seirbhísí corparáideacha ach go háirithe, is féidir linn freastal ar riachtanais ó thaobh soláthar seirbhíse do chustaiméirí agus iad a shruithlíniú chomh luath is a thagann siad chun cinn.

“COMHAIRLIÚCHÁIN AR LÍNE”

Baineann tionscnamh amháin ach go háirithe le comhairliúcháin ar líne a chur ar fáil agus a bhainistiú go leictreonach.

Ba ghnách go ndéantaí comhairliúcháin ag cruinnithe fisiceacha, ach nach mbíonn cáipéisí ar fáil ach i bhfoirm páipéir.

Chuir sé sin srian le hidirghníomhú féideartha ónár gcuid custaiméirí toisc nach mbíodh deis ann dó nuair ach nuair a bhíodh na hoifigí ar oscailt agus má/nuair a bhíodh baill den phobal in ann taisteal.

Le foilsíú cáipéisí comhairliúcháin agus foirmeacha ar líne, cuirtear an próiseas comhairliúcháin ar fáil do gach duine, is cuma cá háit a bhfuil siad lonnaithe ag aon uair faoi leith.

Bíonn foirmeacha idirghníomhacha leagtha amach ar bhealach iomasach, chun baill den phobal a threorú tríd an bpróiseas comhairliúcháin.

Leis sin, faoi seach cuirtear an t-eolas go léir a theastaíonn ar fáil do bhaill foirne i réimse na seirbhíse, sábháiltear ar bhunachar sonraí é, agus déantar é a thiomsú le haghaidh analíse breise.

Comhairliúcháin samplach don Straitéis um Fuinneamh Inathnuaite



“AIMSIR CHRUA/CUMARSÁID I GCÁS ÉIGEANDÁLA”

I rith gheimhreadh 2015, buaileadh Tiobraid Árann ag tuitle troma agus ba ghá go leor bóithre a dhúnadh dá mbarr agus freisin rinneadh roinnt cónaitheoirí i mbailte a aslonnú go sealadach.

Ba iad na príomhghnéithe a úsáideadh ag an am sin chun freagairt don éigeandáil ná cumarsáid ar líne agus í comhtháite leis na meáin sóisialta. D'oibrigh Comhairle Contae Thiobraid Árann as lámh a chéile le gníomhaireachtaí eile rialtais agus meáin chun tuairiscí suas chun dáta a sholáthar tríd na cainéil sin de réir mar a tháinig cúrsaí ar aghaidh.

Ar bhonn laethúil, leanann Tiobraid Árann ar aghaidh ag cuimsiú ábhar nuachta/foláirimh ar Chainéil Meán Sóisialta. Lean líon na ndaoine a leanann muid agus a mbíonn teagmháil againn leo ar aghaidh ag dul i méid go seasta i rith 2015.



“LÁITHREÁIN GHRÉASÁIN CHOMHLÁNTACHA”

Mar chuid den chumasc idir Tiobraid Árann Thuaidh agus Theas i 2014, bhí gá ag roinnt gníomhaireachtaí inmheánacha le láithreáin ghréasáin dá gcuid féin.

I gComhairle Contae Thiobraid Árann, forbraimid láithreáin ghréasáin ar ardán caighdeánaithe chun soláthar ábhair idir suíomhanna a éascú. Ba amhlaidh i gcás Turasoireacht Thiobraid Árann – Tipperary.com, an Chomhpháirtíocht Spóirt-Tipperarysports.ie, Bord Forbartha Chontae Thiobraid Árann-Tipperaryinfo.ie, ar seoladh iad go léir i rith 2015.

Leanaimid ar aghaidh ag forbairt tuilleadh seirbhísí gréasáin go himmheánach agus muid ag smaoineamh faoi conas is féidir iad a chuimsiú i Tipperarycoco.ie chun dúbailt a sheachaint.



Tipperarysports.ie



Tipperaryinfo.ie



Tipperary.com



AN CLUB SPÓIRT AGUS SÓISIALTA

Lean an Club Spóirt agus Sóisialta ar aghaidh ag rith raon leathan imeachtaí agus turas i 2015.

BRAINSE CHLUAIN MEALA

Ina measc bhí turas chuig "The Bodyguard" in Amharclann Bord Gáis, urraíocht Lúthchleasaíochta, Siúlóidí Cnoic i sléibhte Chnoc Maoldomhnaigh i Meitheamh, Galtemoore i mí Mheán Fómhair agus Cosán Lúbtha Dhroichead na nGabhar i mí na Samhna. Freisin ritheamar ár dturas bliantúil chuig geamaireacht na leanaí in UCHL ar fhreastail níos mó ná 200 duine air, turas siopadóireachta chuig Ionad Siopadóireachta Dhún Droma, turais chuig 2 Chluiche Rugbaí Idirchúige agus ár 25 Drive Bliantúil.



Tá ár gcoiste reatha déanta suas de na comhaltaí seo a leanas:

- Marian Scully, Cathaoirleach
- Mick McCarthy
- Rosemary Purcell, Rúnaí
- Tom Byrne
- John O'Mahoney, Cisteoir
- John Fitzgerald
- Mary O'Mahoney
- Lisa Condon
- Fiona Crotty (IMPACT)
- Aidan Walsh
- Jimmy Kelly
- Geraldine Tobin
- Gerard Quigley
- Anne-Marie O'Flynn

BRAINSE AN AONAIGH

I measc na n-imeachtaí bhí turas chuig "A taste of Dublin", Menopause - The Musical, Sacar Faoi Dhíon, BBQ, Geamaireacht - Sleeping Beauty, an t-aifreann agus an béile bliantúil i gcuimhne ar bhail foirne agus comhaltaí nach maireann, Tarraingtí na Nollag agus na Cásca chomh maith leis an tarraingt lató gach coicís.

Freisin thug an club tacaíocht d'imeachtaí mar Relay for Life agus Cóisir na Leanaí. Tá an Ciste Saoire fós i bhfeidhm.



Tá ár gcoiste reatha déanta suas de na comhaltaí seo a leanas:

- Peter Cleary, Cathaoirleach
- Rosemary Joyce, Cisteoir
- Olive Dwan
- Brian Dunne
- Auvén Melia
- Padraig Cantwell
- Miriam Ryan
- Maureen Grace
- Siobhan King
- Linda McSherry
- Mary Murphy
- Mary Stephens

Táimid buíoch dár gcuid ball go léir as a dtacaíocht leanúnach dár dtarraingt agus dár gcuid imeachtaí i gcaitheamh na bliana. Cuirtear fáilte i gcónaí roimh bhail agus eagraithe imeachta nua.

7

CÚRSAÍ AIRGEADAIS

- AIRGEADAS
- MÓTARCHÁNACHAS
- AN RANNÓG SAINCHEADÚNAIS





AIRGEADAS

Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as rialú agus bainistíocht fhoriomlán airgeadas na Comhairle, idir Ioncam agus Caipiteal.



I measc a cuid dualgas tá íocaíochtaí a dhéanamh lena n-áirítear aisiocaíochtaí agus préimheanna árachais; an obair riachtanach maidir le cáipéisí a chur ar fáil don Bhuiséad Bliantúil agus an Ráiteas Airgeadais Bliantúil; forchúiteamh dheontais agus fóirdheontais ón rialtas; treoir maidir le soláthar do gach rannóg; taifid airgeadais a choimeád agus tuairiscí agus tuairisceáin éagsúla a dhéanamh. Le linn a cuid oibre, bíonn idirchaidreamh rialta ag an Roinn Airgeadais le rannóga eile agus le hOifigí Ceantair.

Sa **Chuntais Ioncaim**, tugtar sonraí faoi airgead a fhaightear agus a chaitear gach lá ar mhíreanna laethúla mar phárolla, aisiocaíochtaí, ceannach ábhar agus cothabháil bóithre, tithíochta, láithreáin líonta talún, reiligí. Tá ceithre phríomhfhoinsí loncaim ag gach údarás áitiúil (i) Rátaí Tráchtála; (ii) soláthar Earraí agus Seirbhísí e.g. Táillí Pleanála, Cíosanna; (iii) an Cháin Mhaoine Áitiúil agus (iv) Deontais Eile e.g. Deontais Bhóthair.

Ar an taobh eile den scéal baineann **Cuntas Caipitil, na Comhairle** le gníomhaíochtaí na Comhairle ó thaobh sócmhainní a chruthú. Ina measc siúd tá tithe comhairle a thógáil agus tógáil bóithre. Nuair a chríochnaítear scéimeanna den sórt sin, tugtar cuntas sa Chuntas Ioncaim i leith fáltas agus caiteachais laethúil a thabhaítear agus iad á gcothabháil. Déantar an t-airgead a chaitheann Comhairle Contae Thiobraid Árann ar thionscadail chaipitil a fhorchúiteamh trí mheán Dheontais Stáit. Uaireanta, tógann an Chomhairle airgead ar iasacht le haghaidh tionscadal den sórt sin. Cuirtear Fuascailtí Iasachtaí Tithíochta agus Ranníocaíochtaí Pleanála chun sochar an Chuntais Chaipitil freisin.

AN CUNTAS IONCAIM

	Caiteachas €	Ioncam €	Barrachas / (Easnamh) Foriomlán Iarbhir €
Tithíocht & Tógáil	26,231,827	26,687,659	(455,831)
Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre	37,643,301	24,416,011	13,227,289
Seirbhísí Uisce	12,965,802	12,999,655	(33,853)
Bainistíocht Forbartha	10,315,119	3,643,280	6,671,839
Seirbhísí Comhshaoil	16,645,604	2,942,572	13,703,032
Caitheamh Aimsire & Áiseanna	9,865,323	2,557,952	7,307,372
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Folláine	2,389,590	1,603,482	786,108
Seirbhísí Ilghnéitheacha	15,391,119	5,974,000	9,417,119
Cáin Mhaoine Áitiúil / GPG		23,320,110	23,320,110
Tobhach Pinsin		2,480,936	2,480,936
Rátaí		31,261,671	31,261,671
	131,447,685	137,887,328	6,439,643
Aistriú ó / (chuig) Cúlchistí			(6,434,100)
Barrachas don Bhliain			5,543
Cúlchiste Ginearálta ar an 1 Eanáir 2015			5,536,783
Cúlchiste Ginearálta ar an 31 Nollaig 2015			5,542,326



ANAILÍS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AR AN GCUNTAS CAIPITIL

	IARMÉID @ 1/1/2015	CAITEACHAS	IONCAM	GLANAISTRITHE	IARMÉID @ 31/12/2015
	€	€	€	€	€
Tithíocht & Tógáil	965,235	11,302,303	7,508,782	493,071	(2,335,214)
Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre	8,538,076	9,538,889	3,477,036	3,944,309	6,420,532
Seirbhísí Uisce	6,161,720	3,283,997	2,712,737	235,239	5,825,699
Bainistíocht Forbartha	22,484,650	2,403,194	10,563,965	(2,822,237)	27,823,184
Seirbhísí Comhshaoil	9,569,234	1,003,680	76,386	677,495	9,319,436
Caitheamh Aimsire & Áiseanna	3,275,922	3,439,229	694,034	1,020,548	1,551,275
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Folláine	45,105	-	-	-	45,105
Seirbhísí Ilghnéitheacha	33,225,471	4,139,304	472,293	1,549,119	31,107,580
IOMLÁN	84,265,414	35,110,596	25,505,233	5,097,545	79,757,596

ACHOIMRE AR MHÓRBHAILIÚCHÁIN IONCAIM LE HAGHAIDH 2015

Cineál féichiúnaí	Riaráistí isteach @ 1/1/2015	Fabhráithe - dochar na bliana reatha (Ollmhéid)	Díscríobh/ Inaisgh- abhála	Iomlán um bailiú	Méid bailithe	Iarmhéid deiridh na riaráistí @ 31/12/2015	% Bailithe
	€	€	€	€	€	€	€
Rátaí	9,575,787	31,261,671	6,135,176	34,702,282	26,063,250	8,639,032	78%
Cíosanna & Aoisliúntais	1,060,722	12,447,951	9,063	13,499,611	12,860,369	639,242	95%
Iasachtaí Tithíochta	522,955	1,574,141	2,433	2,094,663	1,604,796	489,867	77%



NA PRÍOMHRANNÁIN LAISTIGH DEN RANNÓG AIRGEADAIS:

CUNTASAÍOCHT AIRGEADAIS AGUS BHAINISTÍOCHTA

Is é atá i gceist le Cuntasaíocht Bhainistíochta ná na Ráitis Airgeadais Bhliantúla (RABanna) a ullmhú chomh maith le tuairisceáin reachtúla eile, tuairisc a thabhairt do ghníomhaireachtaí seachtracha agus déileáil leis an bpróiseas Iniúcháireachta um Rialtas Áitiúil.

Is é atá i gceist le Cuntasaíocht Bhainistíochta ná tuairiscí bainistíochta ráithiúla a ullmhú chun cabhrú le rialú buiséadach agus leis an bpróiseas cinnteoireachta i ngach stiúthóireacht.

Déantar próiseas bliantúil an Bhuiséid a láimhseáil sa rannán seo, i gcomhairle leis na rannáin seirbhíse go léir.

IONCAM

Pléann an rannán seo go príomha le Rátaí Tráchtála, Cíosanna, iasachtaí tithíochta agus muirir eile a bhailiú - bailiú agus fáil an airgid go léir atá dlite don Chomhairle.

CUNTAIS INÍOCHTA

Deimhnítear gach sonrasc le haghaidh íocaíochta ag rannáin ábhartha na comhairle agus cuirtear chuig an Rannóg Airgeadais iad. Cuimsíonn siad íocaíochtaí as earraí agus seirbhísí arna gcur ar fáil don Chomhairle le haghaidh chuspóirí ioncaim agus caipitil araon. Ansin próiseálann an Rannóg Airgeadais na híocaíochtaí agus déanann siad iad. Déantar seiceálacha le haghaidh Dheimhnithe Imréitigh Cánach nó Deimhnithe Fochonraitheora de réir mar is cuí. Déantar Cáin Siarchoinneála a dhéaduchtú ag an ráta forordaithe ó íocaíochtaí i dtaobh "seirbhísí gairmiúla" agus íoctar leis na Coimisinéirí Ioncaim iad.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun déanamh cinnte go gcloítear le forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 1998, agus é mar cheangal ar údarás áitiúla ús a íoc i dtaobh íocaíochtaí nach ndéantar laistigh den tréimhse fhorordaithe.

AN FHEIDHM INIÚCHÓIREACHTA INMHEÁNAÍ

Is é atá in Iniúcháireacht Inmheánach ná feidhm neamhspleách measúnaithe trína ndéantar athbhreithniú ar an gcóras um rialú inmheánach atá i bhfeidhm i gComhairle Contae Thiobraid Árann. Tríd an bhfeidhm sin, déantar measúnú agus tuairisciú oibiachtúil ar leordhóthanacht na rialuithe inmheánacha maidir lena ról in úsáid cheart, bhairneach, éifeachtach agus éifeachtúil acmhainní.

SOLÁTHAR

Is é cuspóir an phróiseas soláthair ná luach ar airgead a fháil, agus deis chóir um thairiscint a thabhairt do gach soláthraí féideartha. Seo a leanas na prionsabail ghinearálta a gcloítear leo i ngach gné de sholáthar: déileáil chomhionann, trédhearcacht, aitheantas frithpháirteach agus comhréire. Níl cead ag oifigeach údaráithe dul ar aghaidh agus Tairiscintí / Meastacháin a lorg ach má tá siad cinnte go bhfuil dóthain cistí ar fáil.

TACAÍOCHT AGRESSO

Bainistíonn an grúpa seo Córas Bainistíochta Airgeadais na comhairle, agus iad ag cabhrú le déanamh cinnte go rialaítear i gceart sócmhainní agus dliteanais go léir na heagraíochta.

NA PRÍOMHTHUIARASCÁLACHA A DHÉANANN AN ROINN AIRGEADAIS:

AN BUISÉAD BLIANTÚIL

Ullmhaíonn an Rannóg Airgeadais an Buiséad Ioncaim foriomlán i gcomhairle leis an mBainisteoir Contae agus ón bhFoireann Bhainistíochta.

Cuirtear an buiséad i láthair don Ghrúpa Beartais Chorparáidigh agus do na Comhaltaí Tofa le glacadh ag an gCruinniú Buiséid Bliantúil.

AN RÁITEAS AIRGEADAIS BLIANTÚIL (RAB)

Déantar an RAB ar bhonn bliantúil agus tugtar sonraí ann faoi ioncam agus chaiteachas don bhliain dar gcionn agus caiteachas ioncaim is caiteachas caipitil araon san áireamh. Taispeántar sócmhainní agus dliteanais na Comhairle Contae sa Chlár Comhardaithe ag deireadh na bliana. Cuirtear an RAB i láthair comhaltaí ag Cruinniú Comhairle agus is é an t-Iniúcháir Rialtais Áitiúil a dhéanann iniúchadh air.

TUARASCÁLACHA BAINISTÍOCHTA BLIANTÚLA

Sa tuarascáil bhainistíochta bhliantúil tugtar sonraí faoin ioncam agus faoin gcaiteachas le haghaidh na seirbhísí éagsúla a chuireann an chomhairle ar fáil, agus cuirtear i gcomparáid leis an mBuiséad é chun críocha rialú ceart agus leanúnach buiséid a chinntiú.

TUAIRISCIÚ BLIANTÚIL DOECLG/IMF

Tugann gach Údarás Áitiúil tuairisc ráithiúil don DECLG ar fheidhmíocht airgeadais. Tá na tuarascálacha sin déanta suas de Thuarascáil Ráithiúil Ioncaim agus Caiteachais, Tuarascáil GGB a chuimsíonn go bunúsach Clár Comhardaithe giorraithe, tuarascáil Cuntais Chaipitil agus tuarascáil Féichiúnaithe. Ina theannta sin déantar tuarascálacha éagsúla le haghaidh shealbhóirí buiséid i gComhairle Contae Thiobraid Árann a bhaineann le gach gné de ghníomhaíochtaí na comhairle.



MÓTARCHÁNACHAS

FÁLTAIS - Oifigí Chluain Meala & an Aonaigh €

Gluaisteáin agus gluaisrothair phríobháideacha	10,645,899.00
Earraí agus feithiclí eile	4,316,307.00
Ilghnéitheach	1,026,550.00
Ioncam lomlán 2015	15,988,756.00

Dioscaí Cánach Eisithe

Líon na ndioscaí cánach eisithe ag Oifigí Mótarchánach Chluain Meala & an Aonaigh 2015	70,117
Líon na ndioscaí cánach eisithe Ar Líne	128,740
Líon lomlán na nDioscaí Cánach Eisithe 2015	198,857

Aschur 2015

	Méid	%
Céatadán d'iarratais ar iarratais phoist iad (Idirbhearta Mótarchánachais)	17,105	8.60%
Meánmhéid na n-iarratas poist agus céatadán de mhéid foriomlán na n-iarratas poist a bpléitear leo (i.e. idirbhearta mótarchánach) ó fhaightear an t-iarratas		
Ar an lá céanna	16,724	97.77%
Ar an 2 ^ú nó 3 ^ú lá	261	1.53%
Ar an 4 ^ú nó 5 ^ú lá	39	0.23%
Os cionn 5 lae	81	0.47%

M.1 Céatadán d'idirbhearta mótarchánach:

	2013	2014	2015
A bpléitear leo thar an gcuntar	45.60	32.03	26.66
A bpléitear leo tríd an bpost	11.32	10.26	8.60
A bpléitear leo ar bhealaí eile (e.g. ar líne, ar an nguthán)	43.08	57.71	64.74

M.2 Meánmhéid na n-iarratas poist agus céatadán de mhéid foriomlán na n-iarratas poist a bpléitear leo (i.e. idirbhearta mótarchánach) ó fhaightear an t-iarratas

	2013	2014	2015
(a) ar an lá céanna	16,207	19,322	16,724
(b) ar an 2 ^ú nó 3 ^ú lá	5,113	875	261
(c) ar an 4 ^ú nó 5 ^ú lá	917	34	39
(d) os cionn 5 lae	1805	153	81

M.3 Uaireanta Oscailte Poiblí

	2013	2014	2015
Meánmhéid na n-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine	20.43	19.58	20.00

MÓTARCHÁNACHAS AR LÍNE

Leanann úsáid na háise ar líne um mótarchánachas ar aghaidh ag dul i méid i dTiobraid Árann. Ba é méid iomlán na ndioscaí a eisíodh ar líne i 2015 ná 128,740 i.e. 64.74% de mhéid iomlán na ndioscaí a eisíodh, méadú i gcomparáid le 57.71% i 2014.

Ina theannta sin, tá áiseanna ar fáil in Oifigí Ceantair Bhardasaigh Charraig na Siúire, Thiobraid Árann agus Dhurlas le gur féidir le daoine nach bhfuil cárta Léasair ná Dochair acu cáin a cheannach ar líne. Glactar le hiocáiocht

trí mheán Airgid Thirim nó Ordú Airgid Poist agus ansin déanann duine de Bhaill Foirne an Cheantair Bhardasaigh an t-idirbheart ar líne. Rinneadh 3,564 idirbheart san iomlán sna 3 hOifigí Ceantair Bhardasaigh i 2015, méadú i gcomparáid le 2,348 i 2014.

